Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais 2012

Radiological Protection Institute of Ireland

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch

Don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

De réir cheanglais an Achta um Chosaint Raideolaíoch, 1991, is mór an onóir dom Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Cuntais na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2012 a chur faoi do bhráid.

An tOllamh William Reville
Cathaoirleach

Ráiteas Misin

"A chinntiú go ndéantar muintir na hÉireann a chosaint ó éifeachtaí dochracha na radaíochta."

© 2013 An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch

Arna fhoilsiú ag:
An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch,
3 Cearnóg Chluain Sceach,
Baile Átha Cliath 14.

Teileafón: 01-2697766.
www.rpii.ie

Tá an tuarascáil seo ar fáil i nGaeilge ar www.rpii.ie

Clár Ábhair

Cé muid agus cad a dhéanaimid	2
Tosaíochtaí straitéiseacha don RPII 2011-2013	3
Ráiteas an Chathaoirligh	4
Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh	6
Rialáil agus ceadúnú	11
Nochtadh phobal na hÉireann don radaíocht	21
Seirbhísí tomhais radaíochta	30
Ullmhacht d'éigeandálaí	34
Líonra náisiúnta monatóireachta radaíochta	36
Sábháilteacht áiseanna núicléacha thar sáile	38
Sábháilteacht núicléach sa Ríocht Aontaithe	40
Seirbhísí corparáideacha	45
Rialachas	52
Baill an bhoird	54
Coistí comhairleacha	56
Struchtúr na foirne	57
Foireann an RPII sa bhliain 2012	58
Ráitis airgeadais	59
Giorrúcháin agus acrainmneacha	73

Cé muid agus cad a dhéanaimid?

Is eagraíocht náisiúnta í an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (RPII) atá freagrach as a chinntiú go ndéantar pobal agus comhshaol na hÉireann a chosaint ó éifeachtaí dochracha na radaíochta ianúcháin.

Comhlíonann an RPII a cúraimí trí rialú láidir, éifeachtach a dhéanamh orthu siúd uile a bhaineann úsáid as foinsí radaíochta agus trí bheith ag obair i gcomhar le húdaráis rialála eile. Déanann an RPII monatóireacht ar a mhéid atá daoine faoi lé radaíochta. Chomh maith leis sin, cuireann an eagraíocht comhairle ar fáil don phobal agus don Rialtas maidir le foinsí radaíochta, agus maidir leis na rioscaí a bhaineann leosan agus conas bainistiú a dhéanamh orthu. Tá ról lárnach ag an RPII in ullmhacht na hÉireann dá dtarlódh timpiste núicléach thar lear agus déanann an eagraíocht monatóireacht freisin ar fhorbairtí i ndáil le saoráidí núicléacha thar lear. Níl aon ról ag an eagraíocht sa chumhacht núicléach nó eile a chur chun cinn.

Tá an RPII tiomanta do bharr feabhais na heolaíochta, agus tá a chomhairle bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta chomhaontaithe agus ar thaighde a bhfuil piarmheasúnú déanta air.

Bunaíodh an RPII sa bhliain 1992 faoin Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991, agus faigheann sé maoiniú i bhfoirm deontais ón Státchiste agus i bhfoirm ioncaim ó tháillí ceadúnais agus ó sheirbhísí tomhais radaíochta. Is é nó is í an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a dhéanann na táillí ceadúnais agus seirbhísí tomhais a fhaomhadh.

Is údarás rialála neamhspleách é an RPII.

Tosaíochtaí Straitéiseacha don RPII 2011-2013

Tá straitéis shoiléir forbartha ag an RPII le cosaint radaíochta in Éirinn a neartú thar an tréimhse trí bliana 2011 go 2013. Tá seo leagtha amach ina iomláine i bPlean Straitéiseach an RPII 2011–2013.

Tá an RPII tar éis ceithre thosaíocht straitéiseacha a fhorbairt don tréimhse amach romhainn, agus tá cuspóirí ar leith ann do gach tosaíocht, atá ag teacht i ngach cás leis na príomhthéamaí de luach poiblí, trédhearcacht, cumarsáid agus inbhuanaitheacht. Is iad seo a leanas na ceithre thosaíocht straitéiseacha sin:

- **Saineolas, cumas teicniúil agus faisnéis a chur ar fáil atá riachtanach chun pobal na hÉireann agus an comhshaol a chosaint.**

  Faoin tosaíocht straitéiseach seo áirítear roinnt de phríomhfheidhmeanna an RPII – monatóireacht a dhéanamh ar na leibhéil radaíochta sa chomhshaol, daoine a chur ar an eolas maidir le torthaí ár dtaighde agus comhairle a chur ar an bpobal agus ar an Rialtas maidir leis na himpleachtaí a bhaineann le daoine bheith faoi lé radaíochta. Is léiriú iad na cuspóirí seo ar thábhacht na ngníomhaíochtaí seo don chosaint ó radaíocht in Éirinn. Féachfaidh an RPII le formhór na hoibre seo a dhéanamh é féin, ach féachfaidh sé freisin le faisnéis agus seirbhísí a sholáthar go seachtrach, i gcás go bhfuil sin ina luach níos fearr ar airgead gan cur isteach ar an gcaighdeán foriomlán.

- **Rialú a dhéanamh ar úsáid shábháilte, shlán na radaíochta ianúcháin in Éirinn ar bhealach inbhuanaithe, trédhearcach.**

  Faoin tosaíocht straitéiseach seo áirítear córas rialála, ceann de phríomhfheidhmeanna reachtúla an RPII. Cé go nglactar leis go bhfuil an córas rialála atá i bhfeidhm faoi láthair ina chóras éifeachtach, leis na cuspóirí faoin tosaíocht seo féachtar le feabhas a chur ar an gcóras trí leas a bhaint as cur chuige riosca-bhunaithe i leith an údaraithe agus trí chur le trédhearcacht.

- **Obair i gcomhar le dreamanna eile chun tionscnaimh náisiúnta atá dírithe ar chosaint raideolaíoch a chur i bhfeidhm**

  Ón taithí ag an RPII go dtí seo, ní féidir leis an eagraíocht ardchaighdeáin sa chosaint radaíochta a bhaint amach gan cúnamh a fháil ó dhreamanna eile. Faoin tosaíocht straitéiseach seo aithnítear go bhfuil dreamanna eile ann a bhfuil freagrachtaí orthu agus is gá don RPII obair i gcomhar leis na dreamanna sin. Díríonn na cuspóirí sa réimse seo ar dhá mhórbhearna i mbonneagar cosanta radaíochta na tíre – straitéis náisiúnta radóin agus straitéis náisiúnta chun bainistiú a dhéanamh ar dhramhaíl radaighníomhach. Díríonn siad freisin ar threoracha nua a meastar a eiseofar thar shaolré an phlean.

- **Luach a sholáthar don phobal san uile ní a dhéanaimid**

  Díríonn an tosaíocht straitéiseach seo ar fheabhas a chur ar luach poiblí an RPII ar an iomlán trí úsáid na n-acmhainní laistigh agus lasmuigh den RPII a bharrfheabhsú. Agus tacaíocht á tabhairt d'iarrachtaí an Rialtais le hathruithe a dhéanamh san earnáil phoiblí, tabharfaidh an RPII faoi chur chuige solúbtha ó thaobh shocruithe na heagraíochta, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar riachtanais na bpáirtithe leasmhara. Go hinmheánach, déanfaidh an RPII forbairt ar a láidreachtaí agus cuirfear feabhas ar réimsí laigí ar bith. Go seachtrach, bainfear úsáid as an tionchar atá aige lena chomhpháirtithe chun luach níos fearr a bhaint amach.

Ráiteas an Chathaoirligh

Is cúis áthais dom é Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch a chur i láthair le haghaidh 2012. Le linn na bliana, rinne RPII dul chun cinn suntasach ar na ceithre réimse tosaíochta atá sonraithe ina phlean straitéiseach, a chuimsíonn an tréimhse 2011 – 2013, agus tá roinnt de na buaicphointí sonraithe anseo thíos. An ní is suntasaí a tharla, ó thaobh na heagraíochta de, ná gur fhógair an Rialtas ag tús mhí na Samhna go mbeadh RPII ag cumasc leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Bhunaigh an tAire Meitheal don Chumasc chun obair a dhéanamh ar chumasc RPII agus EPA. Is mór ag an mBord é gur luadh go sonrach i dTéarmaí Tagartha na Meithle sin gur ghá "a chinntiú nach laghdófar ar thiomantas na hÉireann maidir le cosaint an chomhshaoil nó leis an gcosaint raideolaíoch, nó nach mbeadh sé le tuiscint ag na páirtithe leasmhara nó ag an bpobal gur laghdaigh an tiomantas sin mar thoradh ar an gcumasc seo." Tá sé ríthábhachtach go nglacfaí céimeanna chun a chinntiú go réadófaí an ráiteas sin i struchtúir na heagraíochta cumaiscthe ionas go gcoinneofar na caighdeáin arda de chosaint raideolaíoch, go gcoinneofar na leibhéil arda muiníne i measc an phobail agus i measc na bpáirtithe leasmhara agus go gcoinneofar an dea-cháil feabhais idirnáisiúnta a bhí ar RPII go dtí seo.

De réir mar a bheidh an dá eagraíocht ag cumasc, atá beartaithe a chur i gcrích i lár na bliana 2013, tá an Bord tiomanta de fanacht dírithe ar chroí-mhisean RPII, is é sin "a chinntiú go gcosnaítear pobal na hÉireann ar éifeachtaí dochracha na radaíochta" agus go gcuirfear chun cinn an comhtháthú ar chosaint raideolaíoch san eagraíocht chumaiscthe. Go háirithe, tá an Bord ag obair leis an bhfeidhmeannas chun Oifig um Chosaint Raideolaíoch a chur ar bun laistigh den eagraíocht chumaiscthe.

Ar cheann de na croífheidhmeanna ag RPII tá rialáil a dhéanamh ar úsáid shábháilte, shlán an trealaimh X-ghathaithe i réimsí an leighis, an tionscail agus an taighde. Mar a luaigh RPII i dtuarascálacha bliantúla i gcaitheamh na mblianta, níl saoráid náisiúnta stórála ann d'fhoinsí radaighníomhacha as feidhm agus is bearna mhór í sin i mbonneagar bainistíochta dramhaíola na hÉireann. Tar éis don Rialtas clár náisiúnta a cheadú in 2010 chun laghdú ar líon na bhfoinsí radaighníomhacha as feidhm, nó nach bhfuil ag teastáil, atá i seilbh daoine le ceadúnais, thosaigh RPII, i gcomhar le ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí eile ag cur Clár Laghdaithe Fardail i bhfeidhm go céimneach. Is cúis áthais dom é a chur in iúl gur éirigh thar barr leis an gclár sin agus go raibh an fardal bunaidh de bhreis is 3300 foinse, foinsí a raibh leathré de bhreis is 10 mbliana acu, laghdaithe chuig níos lú ná 300 faoi dheireadh 2012. Díol suntais é, agus cúis mhór sástachta

domsa, gur éirigh linn 2.5 tonna d'úráiniam nádúrtha a sheoladh ar ais chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá. Bhí an t-ábhar sin ina chuid de threalamh a úsáideadh le hoiliúint a chur ar chéimithe agus ar fhochéimithe. Tugadh an t-ábhar mar bhronntanas don Choláiste Ollscoile, Corcaigh sa bhliain acadúil 1974/75 faoin gclár Atoms for Peace. Sa mhéid go bhfuil an fardal laghdaithe go mór anois, an chéad chéim eile ná stóras náisiúnta a bhunú don dramhaíl radaighníomhach ionas gur féidir an chuid eile den ábhar ar an bhfardal sin a chur i stóráil shábháilte sular mbeifear in ann é a dhiúscairt ar deireadh thiar.

Ar cheann de na príomhchuspóirí ag RPII tá feabhas a chur ar an gcóras rialála trí chur chuige riosca-bhunaithe a ghlacadh i leith an údaraithe. Ní hé amháin go gcuirfear feabhas ar éifeachtacht an chórais mar thoradh ar an gcur chuige sin ach cinnteofar freisin go mbeidh sé níos inmharthana mar chóras sa chomhthéacs go bhfuiltear ag laghdú na n-acmhainní daonna agus airgeadais atá ar fáil. Le linn 2012 rinne painéal de shaineolaithe idirnáisiúnta an tsamhail a fhorbairt agus a athbhreithniú. An chéad chéim eile sula gcuirfear an tsamhail i bhfeidhm ar bhonn céimneach ná an bonneagar TF a fhorbairt chun tacú leis an gcóras agus tá sé beartaithe obair air sin le linn 2013.

Is é an radón an fhoinse radaíochta is mó a mbíonn pobal na hÉireann faoina lé, agus meastar go bhfuil páirt aige i dtarlú idir 200 agus 1500 cás d'ailse scamhóige gach bliain in Éirinn. Táthar níos cóngaraí anois do réadú na Straitéise Náisiúnta Rialaithe Radóin sa mhéid gur foilsíodh tuarascáil eatramhach i mí na Samhna maidir le forbairt na straitéise sin agus cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. D'ullmhaigh Grúpa Idirghníomhaireachta an tuarascáil sin agus áirítear ar an nGrúpa príomhpháirtithe leasmhara rialtais a bhfuil freagracht orthu as gnéithe de shaincheist an radóin agus tá na moltaí sa tuarascáil bunaithe ar chomhairliúchán leathan a bhí ann le raon fairsing páirtithe leasmhara éagsúla. Rinneadh obair bhreise ar chur i gcrích na Straitéise le linn 2013 agus tá an Grúpa Idirghníomhaireachta ar sprioc an straitéis deiridh a chur faoi bhráid an Rialtais faoi mhí na Nollag 2013 le go ndéanfaí í a fhaomhadh.

Thar mo cheann féin, agus thar ceann bhaill eile an Bhoird, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach duine a chuidigh linn ár spriocanna a bhaint amach i mbliana. Tá an chomhpháirtíocht agus an comhoibriú le sonrú sa chuntas ar na gníomhaíochtaí iomadúla atá sonraithe sa tuarascáil seo. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le foireann RPII as a ndíograis agus a ndianobair, agus aitheantas a thabhairt don chaoi ar fhreagair an fhoireann go deimhneach don fhógra go rabhthas chun an eagraíocht a chumasc le EPA. Ba mhaith liom a lua cé chomh dúthrachtach is atá siad a chinntiú go dtacófar le sábháilteacht náisiúnta radaíochta san eagraíocht chumaiscthe. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin le baill den Choiste Comhairleach Radaíochta, den Choiste Iniúchóireachta agus den Choiste Comhairleach Cumarsáide as a gcuid ama agus saineolais a chur ar fáil chun cuidiú le RPII.

Ba mhaith liom buíochas RPII a chur in iúl d'Fhionnuala Barker a d'imigh ar scor ón mBord le linn 2012. Fáiltím roimh athcheapachán Paddy Gilligan, Darina Muckian, John O'Dea agus Adi Roche go dtí mí an Mheithimh 2014 ar feitheamh an chumaisc.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas RPII a chur in iúl as an tacaíocht agus an spreagadh a fuaireamar ón Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Phil Hogan, TD agus ón Aire Stáit, Fergus O'Dowd, TD. Tá RPII go mór faoi chomaoin na n-oifigeach i Rannóg Beartais Radaíochta Comhshaoil na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus na n-oifigeach eile sa Roinn as an gcomhoibriú a chuireann siad ar fáil i gcónaí. Tá RPII buíoch freisin as an gcomhoibriú ó ranna rialtais eile, ó institiúidí tríú leibhéal agus ó eagraíochtaí seachtracha a raibh RPII ag obair leo le linn 2012.

An tOllamh William Reville
Cathaoirleach

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Bhí 2012 ina bliain thábhachtach do RPII ó thaobh muintir na hÉireann a chosaint ó éifeachtaí dochracha na radaíochta ianúcháin agus ó thaobh thodhchaí RPII féin de.

Rialáil agus Ceadúnú

Tá sé ina phríomhchuspóir ag RPII go mbeadh gach foinse radaíochta ianúcháin atá ag dreamanna éagsúla ar fud na hÉireann slán, sábháilte. Le roinnt mhaith blianta anuas luaigh RPII nach raibh beartas náisiúnta ann chun bainistiú a dhéanamh ar dhramhaíl radaighníomhach, agus áirítear leis sin nach raibh saoráid náisiúnta stórála ann d'fhoinsí radaighníomhacha as feidhm, rud atá ina mhórbhaol do bhaint amach an chuspóra seo. Tar éis don Rialtas glacadh le Beartas Náisiúnta i mí na Nollag 2010, chuir RPII, i gcomhar le gníomhaireachtaí tábhachtacha eile, tús le clár chun go laghdófaí fardal na hÉireann d'fhoinsí radaighníomhaíochta agus de dhramhaíl radaighníomhach as úsáid. Leanadh den chlár le linn 2012, agus le linn na tréimhse sin, laghdaíodh an fardal ó 3300 foinse sa úsáid chuig 282 foinse. Rinneadh na foinsí sin a easpórtáil le go ndéanfaí iad a dhiúscairt nó a athchúrsáil i saoráidí údaraithe stórála/diúscartha sa Ríocht Aontaithe, sa Ghearmáin agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Ag Ceathrú Cruinniú Athbhreithniúcháin Chomhchoinbhinsiún IAEA ar Bhainistíocht Breosla Spíonta agus ar Shábháilteacht Dramhaíola Radaighníomhaí, a reáchtáladh i Vín i mí Bealtaine 2012, moladh Éire as an dul chun cinn a bhí déanta aici ina leith seo.

Ag deireadh 2012, bhí 1707 gceadúnas i seilbh dreamanna ar fud raon earnálacha, lena n-áirítear earnálacha na fiaclóireachta, an tionscail, an oideachais agus na tréidliachta. Eisíodh daichead ceadúnas nua le linn na bliana agus dúnadh 44, agus is in earnáil na fiaclóireachta a bhí an ghníomhaíocht is mó maidir leis seo. Eisíodh ceadúnas nua do shaoráid phríobháideach radaiteiripe le go gcuirfí i bhfeidhm teicneolaíocht Cyberknife – teicneolaíocht mar ar féidir cóireálacha níos spriocdhírithe a dhéanamh ná mar is féidir leis an radaiteiripe chaighdeánach.

Leanadh le hobair i rith na bliana chun samhail a fhorbairt don chur chuige riosca-bhunaithe i leith an údaraithe. Mar chuid den phróiseas bailíochtaithe, rinne painéal de shaineolaithe idirnáisiúnta an tsamhail nua a athbhreithniú ag cruinniú dhá lá i mBaile Átha Cliath. Mheas an painéal piar-athbhreithnithe go raibh an tsamhail ag teacht leis na moltaí reatha idirnáisiúnta agus luaigh go raibh sé ina fheabhas mór ar na socruithe a bhí i bhfeidhm cheana féin ó thaobh inmharthanacht na samhla san fhadtéarma. Rinneadh athbhreithniú criticiúil freisin ar phróisis ghnó rialála agus mar aidhm leis sin feabhas a chur ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht na gceadúnas agus na foirne araon. Cuirfear i bhfeidhm na feabhsuithe arna sonrú san athbhreithniú seo trí chóras nua bainistíochta faisnéise a fhorbairt agus déanfar obair air sin le linn 2013.

Cuireadh i gcrích 165 chigireacht le linn 2012, agus tugadh tús áite do chigireacht a dhéanamh ar shealbhóirí na bhfoinsí de dhramhaíl radaighníomhach agus d'fhoinsí as úsáid, de shealbhóirí tomhsairí dlúis taise núicléach, coisctheoir tintrí, pluaiseanna taispeántais faoi thalamh agus cuideachtaí tástála neamhscríosaí.

Áiríodh freisin ceadúnaithe a mbeadh tionchar orthu ag an laghdú a rinneadh ó 150 mSv go 20 mSv ar an uasteorainn dáileoige do lionsa na súile d'oibrithe atá nochta do radaíocht, mar a mhol an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint Raideolaíoch. Bhí trí cinn de na cigireachtaí dírithe ar mheasúnú a dhéanamh ar an socruithe slándála a bhí ag na ceadúnaithe agus cuireadh na cigireachtaí i gcrích i gcomhar le hAonad Náisiúnta Coiscthe Coireachta an Gharda Síochána. Eisíodh ceithre threoir chuig ceadúnaithe le linn 2012 i gcás go raibh cigire den tuairim go raibh baol ag eascairt ón bhfoinse de radaíocht ianúcháin. Bhain treoir amháin le feabhas a chur ar an tslándáil in áitribh na cuideachta, a bhí á leachtú, agus bhain na trí cinn eile le ceadúnaithe fiaclóireachta a raibh trealamh acu nach raibh ag comhlíonadh na gcritéar inghlacthachta arna leagan amach i gCód RPII maidir le Cleachtas Fiaclóireachta.

Tríd is tríd, bhí RPII sásta leis na caighdeáin de chosaint radaíochta a thug sé faoi deara le linn na gcigireachtaí agus tá sonraí iomlána le fáil sa tuarascáil a fhoilsítear gach bliain i sraith tuarascálacha dar teideal the RPII Inspection and Licensing Activities and Annual Inspection Programme.

Faoin reachtaíocht náisiúnta tá sé de cheangal ar aeroibreoirí meastachán a fháil de na dáileoga mar thoradh ar radaíocht chosmach a mbeadh a bhaill foirne faoina lé, ar baill foirne iad a bheadh ag eitilt os cionn 8000m. Le haghaidh 2012, san fhaisnéis a fuarthas ó 5 aeroibreoir cheadúnaithe léiríodh go bhfuair 12,036 bhall indibhidiúil den aerchriú dáileoga measta bliantúla de bhreis is 1 mSv; sin méid níos mó ná mar a tuairiscíodh i mblianta roimhe sin. Astusan, fuair 5315 idir 1 agus 2 mSv, 6601 idir 2 agus 4 mSv agus 120 dáileoga os cionn 4 mSv. Ní bhfuair aon bhall d'aerchriú dáileog níos mó ná 6 mSv. Cé go bhfuil an líon iomlán d'aerchriú a fhaigheann dáileoga ag dul i méid gach bliain ó bhí 2003 ann, bhí an líon a fuair dáileoga de bhreis is 2 mSv níos lú in 2012 ná mar a bhí in 2011.

Le linn 2012 bhí seacht gcás ann d'iarmhairt fhéideartha raideolaíoch d'oibrithe nó don phobal a chuir ceadúnaithe an RPII ar an eolas fúthu. An cás is suntasaí ná go raibh innealtóir seirbhíse tar éis úsáid mhíchuí a bhaint as gléas X-gha DXA agus seirbhísiú gnáthúil ar siúl aige ar an ngléas. Le linn an imscrúdaithe fuarthas amach go raibh an t-innealtóir tar éis scanadh a dhéanamh air féin ar bhonn rialta chun a chinntiú go raibh an gléas ag feidhmiú mar ba chóir. Cé nach dáileoga suntasacha a bhí á bhfáil ag an innealtóir, is léir nach úsáid chuí é seo don ghléas agus cuireadh litir imcháinte go dtí an chuideachta seirbhíse. Rinne na ceadúnaithe féin imscrúdú ar na teagmhais go léir chun sástacht RPII agus ní raibh aon dáileog shuntasach mar thoradh ar aon cheann de na teagmhais, don oibreoir féin ná do bhall den phobal.

láthair na huaire tá an Coimisiún Eorpach ag leasú Threoir 1996 Euratom maidir le Bunchaighdeáin Sábháilteachta. Sa treoir nua déanfar ionchorprú agus comhdhlúthú ar fhorálacha na gcúig phíosa reachtaíochta Eorpaí eile atá ann don chreat reachtúil um chosaint raideolaíoch san Eoraip. In 2012, chuir RPII i gcrích measúnacht ar an dréacht-treoir, agus cuireadh tuairimí agus moltaí isteach mar chuid de phróiseas comhairliúcháin an Aontais Eorpaigh trí mheán na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Nochtadh phobal na hÉireann don radaíocht

Ar an meán, faigheann duine in Éirinn dáileog bhliantúil de 3950 µSv ó gach foinse radaíochta, agus tagann an méid is mó, tuairim is 86 % ó fhoinsí nádúrtha, go príomha ó charnadh an gháis radón sa teach.

Ceann de na príomhthosaíochtaí le linn 2012 do RPII ná a chuid oibre chun tacú leis an meitheal idirghníomhaireachta a bhunaigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i mí na Samhna 2011 chun Straitéis Náisiúnta Rialaithe Radóin a bhunú. Mar ábhar ionchuir sa straitéis, reáchtáil RPII próiseas cuimsitheach comhairliúcháin chun tuairimí na bpáirtithe leasmhara a fháil agus eisíodh ceistneoirí cáilíochtúla spriocdhírithe agus reáchtáladh sraith de cheardlanna agus de chruinnithe duine le duine. Fuarthas breis is 1000 tuairim ar ais ó bhreis is 160 duine. Anuas air sin, reáchtáil RPII meastóireacht eacnamaíochta sláinte maidir leis na straitéisí éagsúla idirghabhála radóin a bhféadfaí iad a chur i bhfeidhm in Éirinn. Cuireadh tuarascáil eatramhach faoi bhráid an Aire i mí na Samhna 2012 ag moladh roinnt beart i sé gcinn de réimsí beartais lena n-áirítear cosc radóin i bhfoirgnimh nua; úsáid na n-idirbheart réadmhaoine chun daoine a ghríosú chun gnímh i leith an radóin; comhairle agus faisnéis a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil torthaí arda radóin acu; muinín a chothú i measc na seirbhísí radóin agus laghdú ar a mhéid a bhítear faoi lé radóin ar an láthair oibre.

An dara tosaíocht do RPII maidir le ceist an radóin ná bheith ag obair i gcomhar le dreamanna eile chun tionscnaimh náisiúnta a chur i bhfeidhm le daoine a chosaint ar radón. Chuige seo, d'oibrigh RPII leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta chun cuidiú leo ina dtionscnaimh d'fhonn dul i ngleic le nochtadh do radón sa láthair oibre agus i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun feasacht a spreagadh i measc an phobail faoi cheist

na sláinte poiblí a bhaineann le radón. Lean RPII ag tacú le húdaráis áitiúla agus iad ag cur i bhfeidhm a mbeart maidir le radón agus ina gcláir feabhsúcháin i dtithíocht shóisialta. Faoi dheireadh 2012, bhíothas tar éis radón a thomhas i dtuairim is 54,000 teach agus i 7642 de na háitribh sin bhí na comhdhlúthúcháin radóin os cionn an leibhéil tagartha náisiúnta de 200 Bq/m3.

Anuas ar a obair ar radón, rinne RPII monatóireacht ar leibhéil radaíochta ó fhoinsí éagsúla eile chun a fháil amach cad iad na dáileoga a bhí á bhfáil ag daoine atá ina gcónaí in Éirinn. Dar le torthaí chláir mhonatóireachta 2012, cé go bhfuil leibhéil de radaighníomhaíocht shaorga i gcomhshaol na hÉireann, tá siad íseal agus níl siad baolach don tsláinte. Bhí na leibhéil de radaighníomhaíocht a tomhaiseadh san aer agus i mbia-ábhar tírghinte sa bhliain 2012 an-chosúil leosan a tomhaiseadh le blianta beaga anuas, ach amháin i gcás na leibhéal a bhí pas beag níos airde tar éis thubaiste Fukushima i mí an Mhárta 2011. Bhí na dáileoga radaíochta mar thoradh ar radaighníomhaíocht shaorga sa chomhshaol mara an-íseal freisin agus is ó ionad athphróiseála núicléach Sellafield is mó a thagann an radaíocht sin.

Anuas ar na cláir ghnáthúla mhonatóireachta, reáchtáil RPII cláir spriocdhírithe taighde a bhí dírithe ar a mheas cad iad na dáileoga a fhaigheann pobal na hÉireann ó radaighníomhaíocht nádúrtha i mbia, ó radaighníomhaíocht in uisce buidéalaithe agus ó radaighníomhaíocht i bhfoinsí screamhuisce. Foilsíodh torthaí na dtionscadal sin ar shuíomh gréasáin RPII agus áireofar iad sa tuarascáil chuimsitheach Radiation Doses received by the Irish Population atá le foilsiú níos déanaí sa bhliain 2013.

Chomh maith le tomhas a dhéanamh ar na dáileoga radaíochta a fhaigheann an pobal i gcoitinne ó radaíocht sa chomhshaol, tiomsaíonn RPII sonraí maidir le gairmithe a bhíonn nochta don radaíocht ianúcháin. Le linn 2012, rinne RPII monatóireacht dhíreach ar thuairim is 7000 oibrí ar leith. As na daoine a ndearnadh monatóireacht orthu ní raibh ach níos lú ná 2% a fuair dáileog os cionn an leibhéil chúlraigh. I ngach cás bhí na dáileoga coirp iomláin níos lú ná 6 mSv agus b'ionann an dáileog bhliantúil is airde do na baill fhorimeallach agus 38.1 mSv. Bhí na dáileoga seo go maith faoi bhun na dteorainneacha bliantúla dáileoige de 20mSv agus 500 mSv don chorp iomlán agus do na baill fhorimeallacha, faoi seach.

Seirbhísí Tomhais Radaíochta

Cuireann saotharlann RPII seirbhísí dáileogmhéadrachta, calabraithe, tomhais radóin agus anailíseacha ar fáil do raon custaiméirí lena n-áirítear custaiméirí sa tionscal, in earnáil na sláinte, in earnáil an oideachais agus do ghníomhaireachtaí stáit eile agus don phobal i gcoitinne.

D'eisigh Seirbhís Dáileogmhéadrachta an RPII tuairim is 65,000 dáileogmhéadar coirp uile le linn na bliana 2012, 3200 dáileogmhéadar baill fhorimeallaigh agus 330 dáileogmhéadar neodróin. Bhí an líon de dháileogmhéadair coirp uile ina laghdú de 10,000 ar an mbliain roimhe, go príomha mar go raibh laghdú san earnáil fiaclóireachta mar thoradh ar athrú sa bheartas i ndáil leis an bhfoireann a bheith ag caitheamh dáileogmhéadair agus iad ag obair sa raideolaíocht fiaclóireachta. Rinne an tSeirbhís Calabrúcháin tástáil ar 452 uirlis chun a fháil amach an raibh siad géilliúil do shonraíochtaí cuí an déantóra, sin méadú de 25% ar an mbliain roimhe. Rinneadh radón a thomhas i 2194 theach agus i 373 láthair oibre. Cé go bhfuil an líon láithreacha oibre ina ndearnadh an tomhas cosúil le blianta roimhe seo, laghdaigh an líon tithe inar tomhaiseadh radón. I ndáil leis na seirbhísí anailíseacha, rinne RPII tomhas ar an ábhar radaighníomhaíochta i 1105 shampla comhshaoil agus i mbia-ábhar le linn na bliana. B'ionann an líon deimhniúchán a cuireadh ar fáil do dhaoine a easpórtálann bia-ábhar Éireannach agus 3874. Seo i gcomparáid le 3893 in 2011 agus 3198 in 2010, rud a léiríonn nár athraigh an t-éileamh mórán don tseirbhís seo le cúpla bliain anuas.

Mar a luadh i dTuarascáil Bhliantúil RPII 2011, ní bheidh RPII páirteach i soláthar díreach seirbhísí dáileogmhéadrahta ó 2013 amach, ach beidh ról maoirseachta aige ina ionad sin i ndáil le seirbhísí dáileogmhéadrachta eile a bheidh ag feidhmiú in Éirinn. Le linn 2012, cuireadh in iúl do chustaiméirí go raibh an tseirbhís seo á dúnadh agus cuireadh cúnamh ar fáil dóibh i rith na bliana ionas go bhféadfaidís aistriú chuig na soláthraithe nua seirbhísí. I mí Bealtaine, bunaíodh rialacháin leasacháin chun creat nua a bhunú le faomhadh a dhéanamh ar sheirbhísí dáileogmhéadrachta atá ag feidhmiú in Éirinn ionas go mbeadh dearbhú cáilíochta cuí acu go léir. Chomh maith leis sin, d'fhorbair RPII an Chéad Chlár Náisiúnta Dáileoige ag an Stát chun eolas a choinneáil ar dháileadh dáileog agus ar threochtaí do gach oibrí atá nochta ina ngairm.

Ullmhacht d'Éigeandáil

Is é cuspóir RPII sa réimse seo a chroí-inniúlacht freagartha éigeandála a dhaingniú chun tacú le pleanáil náisiúnta. Le linn 2012, chuir RPII i gcrích uasghrádú mór ar chóras tacaíochta cinnteoireachta ARGOS a úsáidtear chun an tionchar a d'fhéadfadh bheith ag an tubaiste ar shláinte phobal na hÉireann a thuar, chomh maith leis na hiarmhairtí d'earnálacha táirgeachta bia agus talmhaíochta na hÉireann. Rinneadh uasdátú freisin ar na gnáthaimh atá ann chun an tsamhail fadraoin um scaipeadh aeir a úsáid. Rinne an EC athsholáthar ar a chóras tuairiscithe d'éigeandáil raideolaíoch inar úsáideadh facsanna roimhe seo agus tá córas nua gréasánbhunaithe ann anois – WebECURIE agus bhí foireann RPII páirteach i dtrí thástáil ar an gcóras nua sular seoladh é.

Ghlac foireann RPII páirt i gceithre chleachtadh idirnáisiúnta éigeandála arna n-eagrú ag an nGníonhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh Adamhaigh (ConvEx), ceithre chleachtadh arna n-eagrú ag an gCoimisiún Eorpa (ECURIE) agus cleachtadh amháin chun tástáil a dhéanamh ar Chomhaontú Luathfhógra na Breataine-na hÉireann. Chomh maith leis sin, ghlac RPII páirt i gcleachtadh éigeandála ar an bprótacal náisiúnta chun freagairt do theagmhais CBRN (teagmhais dhochracha cheimiceacha-Bhitheolaíocha-Raideolaíocha-Núicléacha).

Ó thaobh tacaíocht a chur ar fáil don inniúlacht freagartha d'éigeandáil náisiúnta, chuir foireann RPII traenáil ar fáil d'Oifigigh Dóiteáin maidir le hÁbhar Guaiseach. Ghlac RPII páirt freisin i ngrúpa saineolaithe arna bhunú chun lámhleabhar Éireannach a ullmhú maidir le bainistiú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag timpistí féideartha núicléacha ar earnáil na talmhaíochta in Éirinn, agus ar tháirgeadh bia atá sábháilte agus ar dhiúscairt shábháilte ábhair atá éillithe.

Sábháilteacht áiseanna núicléacha thar sáile

I ndiaidh imeachtaí Fukushima i mí an Mhárta 2011, thosaigh Comhairle na hEorpa próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar shábháilteacht na stáisiún núicléach uile san Eoraip i 17 dtír éagsúla. Dhírigh na hathbhreithnithe, ar tugadh Tástálacha Struis orthu, ar chumas na stáisiún núicléach teagmhais antoisceacha a sheasamh, cosúil lenar tharla ag Fukushima, i.e. as a n-eascródh imeachtaí amhail crith talún agus súnámaí; an tionchar a bhainfeadh le cailliúint feidhmeanna sábháilteachta agus bainistíocht tubaistí tromchúiseacha. Mar bhall de Ghrúpa Rialaitheoirí Eorpacha um Shábháilteacht Núicléach, ENSREG, ghlac foireann an RPII páirt mar shaineolaí teicniúil san athbhreithniú piaraí a bhain le bainistíocht tubaistí agus i gcuairteanna chuig an Ísiltír agus chuig an Ríocht Aontaithe mar chuid den athbhreithniú piaraí. Tríd is tríd, ó na Tástálacha Struis léirigh na torthaí go raibh gach tír tar éis céimeanna a ghlacadh chun feabhas a chur ar shábháilteacht a stáisiún núicléach agus go raibh bearta suntasacha ann chun cur le treise na stáisiún. Ghlac gach tír páirt i bpróiseas na dTástálacha Struis agus bhíothas chun Plean Gníomhaíochta Náisiúnta a ullmhú ina sonrófaí cén staid ag a bhfuil cur i bhfeidhm na bhfeabhsúchán agus cibé acu an raibh aon ghníomhaíocht leantach le cur i gcrích le linn 2013 nó nach raibh. Tá tuarascálacha ó na tíortha indibhidiúla agus na Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta, chomh maith le tuarascálacha ENSREG, le fáil ar shuíomh gréasáin ENSREG, www.ensreg.eu.

Le linn 2012, lean an RPII de bheith ag déanamh mion-mhonatóireachta ar fhorbairtí ag Sellafield agus suíomhanna núicléacha eile sa Ríocht Aontaithe. Na príomhréimsí spéise ag RPII ná na forbairtí ar fad a bhaineann le sábháilteacht núicléach ar an suíomh, go háirithe nuair a d'fhéadfadh go mbeadh rioscaí féideartha timpiste ann a mbeadh drochthionchar acu ar Éirinn. Ag deireadh 2012, d'fhoilsigh DECLG achoimre de Mheasúnú Riosca Dóchúlach (PRA) den Suíomh ag Sellafield agus ag an Stór Dramhaíola Íseal-Leibhéil atá suite gar don suíomh. Rinne foireann saineolaithe núicléacha neamhspleácha agus idirnáisiúnta an measúnú seo. Chuir RPII tacaíocht theicniúil ar fáil don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le linn an tionscadail agus d'oibrigh le saineolaithe idirnáisiúnta chun measúnú a dhéanamh ar scaipeadh na radaighníomhaíochta a scaoilfí i dtimpistí féideartha éagsúla. Bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe, níor léir go n-eascródh aon tionchar sláinte inbhraite in Éirinn as timpiste ag Sellafield nó ag Stór Dramhaíola Íseal-Leibhéil, ach go mbeadh tionchar suntasach socheacnamaíochta ag roinnt teagmhas tromchúiseach.

I measc na mórfhorbairtí eile i gclár núicléach na Ríochta Aontaithe le linn 2012, dúnadh na himoibreoirí Magnox ag Oldbury in Gloucestershire agus Wylfa sa Bhreatain Bheag. Leanfaidh an dara himoibreoir Magnox i bhfeidhm go dtí go ndúnfar é i mí Mheán Fómhair 2014. Thar an gcéad deich mbliana eile, déanfar na himoibreoirí dúnta a dhíchoimisiúnú agus aistreofar an breosla núicléach go dtí Sellafield le go ndéanfaí athphróiseáil air agus le go ndéanfar scartáil ar an stáisiún agus na foirgnimh atá ann faoi láthair. Tar éis na tréimhse sin tosóidh an suíomh an chéim 100 bliain de "chúram agus cothabháil". An chéim dheireanach de dhíchoimisiúnú an tsuímh ná glanadh an tsuímh agus meastar go dtógfaidh sin tuairim is ochtú bliain.

Ionas go ndéanfar athsholáthar d'acmhainneacht na stáisiún atá á ndúnadh, thosaigh an Ríocht Aontaithe ar chlár chun stáisiúin núicléacha nua a fhorbairt faoin mbliain 2025. Tá cúig cinn de na suíomhanna a roghnaíodh le forbairt a dhéanamh orthu ar chósta Mhuir Éireann agus tá measúnú á dhéanamh ag RPII ar an tionchar is dócha a bheidh acusan ar chomhshaol na hÉireann. Tá sé beartaithe an measúnú sin a fhoilsiú in 2013. Forbairt eile is díol suntais in Éirinn ná plean na Ríochta Aontaithe áis diúscartha geolaíochta a fhorbairt faoin mbliain 2040 chun glacadh le dramhaíl ardleibhéil agus meánleibhéil. Leanfaidh RPII den mhonatóireacht ar fhorbairtí i ndáil le gach gné de chlár núicléach na Ríochta Aontaithe agus cuirfidh sé faisnéis ar fáil don phobal agus don Rialtas maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh bheith aige sin ar Éirinn.

Seirbhísí Corparáideacha

Cuireann Seirbhísí Corparáideacha seirbhísí riachtanacha airgeadais, acmhainní daonna, cumarsáide, teicneolaíóchta faisnéise agus eile ar fáil chun tacú le croí-obair eolaíochta agus theicniúil RPII. Cuireann Seirbhísí Corparáideacha rompu féin tacaíochtaí éifeachtúla agus éifeachtacha a sholáthar a chabhraíonn le soláthar seirbhíse ar ardchaighdeán chomh maith le luach ar airgead a bhaint amach ar fud na heagraíochta uile.

Ar cheann de thosaíochtaí RPII tá comhairle agus faisnéis a sholáthar don Rialtas agus don phobal maidir le cosaint radaíochta. Tá sé tábhachtach rochtain éasca a sholáthar ar fhaisnéis ardchaighdeáin trí shuíomh gréasáin RPII agus i gcomhar le daoine eile chun feasacht a spreagadh maidir le saincheisteanna radaíochta. In 2012, d'fhéach os cionn 44,000 cuairteoir uathúil ar shuíomh gréasáin RPII agus is í an rannóg maidir le radón an rannóg den suíomh is mó ar fhéach siad uirthi. I mí Dheireadh Fómhair sheol RPII leagan móibíleach dá shuíomh gréasáin agus ba ar an leagan sin den suíomh a bhí 13% den trácht chuig an suíomh gréasáin. Ar mhaithe le feasacht a mhéadú i measc leanaí scoile maidir le radaíocht, ghlac an RPII páirt in acmhainn ilmheánach do scoileanna dara leibhéal trí cheacht ar an radaighníomhaíocht a urrú. Rinne an RPII urrú freisin ar mhír sa chlár teilifíse Eco Eye a craoladh i mí Eanáir 2013. Bhí teagmháil dhíreach ag RPII leis an bpobal ar cheist an radóin trí fheachtais feasachta a reáchtáladh in dhá limistéar ina bhfuil na leibhéil radóin ard, Ciarraí agus Loch Garman. Dáileadh os cionn 100,000 paca faisnéise ar thithe sna ceantair agus bhí teagmháil le príomhpháirtithe leasmhara, amhail polaiteoirí, údaráis áitiúla, na meáin, grúpaí pobail agus gnó, agus an pobal féin, mar chuid de na gníomhaíochtaí feasachta.

Cosúil le gach eagraíocht eile san earnáil phoiblí, tá sé ina dhúshlán do RPII a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh i bhfianaise go bhfuil acmhainní foirne agus airgeadais laghdaithe. Chun dul i ngleic leis na dúshláin sin in 2012 forbraíodh Plean Fórsa Oibre agus cuireadh oiliúint bhreise ar fáil don fhorbairt bainistíochta.

Faoin tionscnamh um athchóiriú an Rialtais, atá dírithe ar líon na ngníomhaireachtaí stáit a laghdú, fógraíodh i mí na Samhna 2012 go ndéanfaí RPII agus EPA a chumasc. Beidh feidhm ag an gcumasc ó mhí an Mheithimh 2014 agus tá obair idir lámha chun beartú ar na gníomhaíochtaí a mbeidh gá leo chun an dá eagraíocht a chónascadh le chéile ina heagraíocht láidir amháin eolaíochta a thabharfaidh le chéile acmhainní saineolaithe agus dea-cháil RPII agus EPA.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le foireann RPII as a ndíograis agus a ngairmiúlacht gan stad gan staonadh agus iad ag comhlíonadh mhandáid RPII go héifeachtach le linn na bliana. Ba mhaith liom aitheantas ar leith a thabhairt don chur chuige deimhneach agus don rannpháirtíocht láidir acu agus iad ag ullmhú don chumasc le EPA. Táim buíoch freisin den fhoireann i Rannóg Beartais Radaíochta Comhshaoil na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus d'oifigigh eile sa Roinn a chuir tacaíocht ar fáil don obair a bhíonn ar bun ag RPII.

An Dr Ann McGarry

Príomhfheidhmeannach

Rialáil agus ceadúnú

Chun a chinntiú go mbeadh gach foinse radaíochta ianúcháin atá ag dreamanna éagsúla ar fud na hÉireann slán sábháilte, tá córas ceadúnaithe ag an RPII atá i bhfeidhm aige de réir a dhualgas reachtúil faoin Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991. Chomh maith leis na foinsí atá in úsáid gach lá, baineann córas ceadúnaithe an RPII le foinsí nach bhfuil in úsáid a thuilleadh agus le dramhaíl radaighníomhach.

Ó bunaíodh é sa bhliain 1992, luaigh an RPII arís is arís eile gur bearna thromchúiseach sa bhonneagar bainistithe dramhaíola reatha é nach bhfuil saoráid náisiúnta stórála ann d'fhoinsí radaighníomhacha atá as úsáid. D'fhéadfadh impleachtaí bheith aige seo do shábháilteacht agus do shlándáil, agus d'impigh an RPII ar rialtas i ndiaidh rialtais dul i ngleic leis an gceist. Mar fhreagra ar na cúiseanna imní seo, ghlac an Rialtas go foirmiúil, i mí na Nollag 2010, le beartas náisiúnta maidir le bainistiú na dramhaíola radaighníomhaí in Éirinn. Ar na mórthionscnaimh faoin mbeartas seo tá laghdú ar an bhfardal foinsí agus dramhaíola radaighníomhaí in Éirinn, atá i seilbh na gceadúnaithe in áiteanna iomadúla ar fud na tíre. Bainfear seo amach trí Chlár comhordaithe céimneach Laghdaithe an Fhardail.

Féadtar foinsí radaighníomhacha a chatagóiriú bunaithe ar a leathré i.e., an méid ama a thógann sé ar fhoinse meath go dtí nach bhfuil a ghníomhaíocht ach ag leath a mhéid reatha. Da mhéid é saolré na foinse, is ea is mó ama a thógfaidh sé air meath go dtí leibhéal a bheadh mar an gcéanna le leibhéil chúlra. Ag tús na bliana 2011, dar le meastacháin an RPII bhí breis is 3300 foinse as úsáid ann a raibh leathré de bhreis is deich mbliana acu, agus i roinnt cásanna, b'ionann an leathré agus billiún bliain. Bhí na foinsí sin i seilbh 63 ceadúnaí in áiteanna éagsúla ar fud na hÉireann. Faoin gClár um Laghdú Fardail, iarraidh ar na príomhghníomhaireachtaí agus na ranna rialtais ionadaíocht a dhéanamh ar a n-earnálacha féin, agus ba é an RPII a bhí i gceannas an chláir laghdaithe sna hearnálacha príobháideacha agus stáit.

Le linn 2012, chuir an RPII ceithre iarratas faoi bhráid Ghníomhaireacht Chomhshaoil na Ríochta Aontaithe le haghaidh lastais trasteorann de dhramhaíl radaighníomhach ó cheadúnaithe in Éirinn chuig saoráidí stórála/diúscartha sa Ríocht Aontaithe. Mar thoradh air seo bhí ceadúnaithe Éireannacha in ann foinsí as úsáid a chur chuig an mBreatain le go ndéanfaí iad a dhiúscairt. Bhí seo ar an gcéad uair a cheadaigh an Bhreatain iarratais dá leithéid d'Éirinn – níor éirigh le hiarratas dá leithéid a rinneadh i lár na 1990í. Cuireadh foinsí radaighníomhacha as úsáid chuig saoráidí údaraithe chomh maith sa Ghearmáin agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá. I dTábla 1 tá achoimre ar líon na bhfoinsí séalaithe agus neamhshéalaithe, lena n-áirítear na foinsí sin a bhfuil leathré de níos lú ná deich mbliana acu, a easpórtáladh as Éirinn le linn 2011 agus 2012.

Tábla 1: Foinsí radaighníomhacha a easpórtáladh as Éirinn le linn 2011 agus 2012

	2011		2012	
Earnáil	Séalaithe	Neamhshéalaithe	Séalaith	Neamhshéalaithe
Oideachas	8	98	1777	445
Leigheas	0	6	7	12
Tionsclaíocht	25	9	9	11
Stát	6	1	159	879
Iomlán	39	114	1952	1347

Tháinig formhór na bhfoinsí a easpórtáladh le linn 2011 agus 2012 ó earnáil an oideachais tríú leibhéal. Sa bhliain 2011, d'fhógair an Roinn Oideachais agus Scileanna go gcuirfeadh sé maoiniú ar fáil d'institiúidí tríú leibhéal chun na costais a sheasamh a bhaineann le diúscairt a bhfoinsí agus a ndramhaíola radaighníomhaí. Mar thoradh air sin, cuireadh breis is 2,200 foinse chuig saoráidí údaraithe thar lear le linn 2012 ionas go ndéanfaí iad a dhiúscairt. An diúscairt foinse is suntasaí ná lasta de 2.5 tona d'úráiniam nádúrtha a bhí imchochlaithe i gcumhdach alúmanaim. Tá an t-ábhar seo ina chuid den chóimeáil fhochriticiúil. Thug Stáit Aontaithe Mheiriceá é mar bhronntanas don ollscoil sa bhliain 1974/75 faoin gclár 'Atoms for Peace' agus baineadh úsáid as d'oiliúint céime agus iarchéime go dtí 1983, tráth ar díchóimeáladh é agus ar cuireadh é i stóras daingean.

Toisc an chineáil ábhair i gceist, rinne cigirí an RPII agus Oifig Cosaintí na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta don Fhuinneamh Adamhach (IAEA) iniúchadh rialta air. Baineadh triail, cúpla uair, as an ábhar a thabhairt ar ais chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá, ach níor éirigh leis na hiarrachtaí sin. Sa bhliain 2012 d'aontaigh saoráid i Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna údarú ag Roinn Fuinnimh na Stát Aontaithe, glacadh leis, agus, le linn an tsamhraidh, faoi mhaoirseacht na gcigirí ón RPII agus ón Oifig Cosaintí, d'éirigh leis an iarracht an t-ábhar a thabhairt ar ais chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Chomh maith leis na 1,400 foinse seo d'úráiniam nádúrtha a easpórtáladh, seoladh 1,000 foinse as úsáid, a bhí i seilbh ceadúnaí san earnáil stáit, chuig an Ríocht Aontaithe. San iomlán, dá bharr seo laghdaíodh go suntasach an fardal náisiúnta d'fhoinsí as úsáid. I bhFíor 1 léirítear an dul chun cinn substainteach atá déanta faoin tionscnamh seo ó bhí 2008 ann.

Fíor 1: Fardal na bhfoinsí as úsáid de réir earnála (leathré >10 mbliana)



Comhchoinbhinsiún IAEA

Is páirtí conarthachta í Éire i gComhchoinbhinsiún IAEA ar Shábháilteacht Bhainistíocht Breosla Spíonta agus ar Shábháilteacht Dramhaíola Radaighníomhaí. Tá feidhm ag an gcoinbhinsiún maidir le breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach, chomh maith le scaoileadh pleanáilte agus rialaithe ábhair radaighníomhaigh, ar ábhar é a thagann ó imoibreoirí sibhialta núicléacha. Tá feidhm aige freisin maidir le bainistiú foinsí radaighníomhacha as úsáid. I mí Bealtaine 2012, ghlac an RPII páirt sa Cheathrú Cruinniú Abhreithniúcháin den Choinbhinsiún. Ag cruinnithe roimhe sin, cháin an IAEA Éire sa mhéid nach raibh beartas náisiúnta forbartha ag an tír le haghaidh dramhaíl radaighníomhach agus nach raibh saoráid náisiúnta stórála in Éirinn le haghaidh dramhaíl radaighníomhach. Ag cruinniú 2012, bhí Éire in ann a thuairisciú go raibh an Rialtas tar éis glacadh go foirmiúil le beartas náisiúnta um bainistiú na dramhaíola radaighníomhaí sa bhliain 2010. Anuas air sin, chuir an RPII forléargas sonrach ar fáil maidir le fardal na bhfoinsí as úsáid in Éirinn agus na bearta atá ann chun a chinntiú go bhfuil na foinsí sin slán sábháilte. Moladh Éire as na bearta seo chun déileáil le fadhb na dramhaíola. Thairis sin, luadh tiomantas Rialtas na hÉireann i leith a chláir laghdaithe foinsí náisiúnta agus bunú na saoráide náisiúnta stórála dramhíola radaighníomhaí, mar shamhail a bhféadfadh tíortha beaga neamh-núicléacha eile, í a leanúint.

Ceadúnú

Sular féidir le haon duine nó eagraíocht foinse radaighníomhach nó gléasra ionradaíochta a fháil, is gá dóibh ceadúnas a fháil ar dtús ón RPII. Ó thug an Bord Fuinnimh Núicléigh (réamhtheachtaí an RPII) isteach córas ceadúnaithe, sa bhliain 1977, tá líon na gceadúnas i seilbh daoine imithe i méid gach bliain, cé go bhfuil sé cothromaithe le blianta beaga anuas (Fíor 2). Ag deireadh 2012, bhí 1,707 ceadúnas i seilbh daoine ar fud earnálacha éagsúla, lena n-áirítear earnálacha na fiaclóireachta, an leighis, na tionsclaíochta, an oideachais agus na tréidliachta. Eisíodh daichead ceadúnas nua le linn na bliana — 24 de na ceadúnais sin do chleachtais fiaclóireachta.

Cibé scéal é, ag teacht leis an gcor chun donais eacnamaíochta, cuireadh deireadh le 44 ceadúnas, agus bhí 30 díobhsan in earnáil na fiaclóireachta. I ngach cás, má chuirtear deireadh le ceadúnas, is gá a chinntiú go ndéantar na nithe ar tugadh an ceadúnas lena n-aghaidh a dhiúscairt i gceart nó a thabhairt ar ais don déantóir nó don soláthraí.

Laghdaíodh go mór dramhaíl radaighníomhach na hÉireann, le laghduithe suntasacha in earnálacha an oideachais agus an stáit.

Fíor 2: Líon na gceadúnas arna n-eisiúint ag NEB/RPII 1985 - 2012



An t-iarratas is suaitheanta ar cheadúnas a fuarthas le linn na bliana ná iarratas a tháinig ó shaoráid phríobháideach radaiteiripe a raibh sé beartaithe acu úsáid a bhaint as Cyberknife. Leis an teicneolaíocht seo, an chéad cheann dá chineál in Éirinn, is féidir cóireálacha radaiteiripe níos beaichte a dhéanamh ná mar is féidir le radaiteiripe chaighdeánach. Bhí dúshláin mhóra ag baint leis na riachtanais cosanta radaíochta a bhain leis an mbuncar ina mbeadh an córas Cyberknife suite, agus bhí dlúthchaidreamh idir an RPII agus an ceadúnaí chun a chinntiú go gcloífí le ceanglais dearaidh an RPII. Meastar, tar éis coimisiúnú agus tástáil chuimsitheach a dhéanamh, go mbeidh an t-aonad in úsáid go cliniciúil sa bhliain 2013.

Le linn na bliana, rinne an RPII athbhreithniú criticiúil ar a phróisis rialála gnó, agus mar aidhm acu feabhas a chur ar a n-éifeachtacht agus a n-éifeachtúlacht le haghaidh na gceadúnaithe agus na foirne inmheánaí araon. Chuathas i mbun an tionscadail seo le tacaíocht ó anailísithe seachtracha gnó. Luadh feabhsúcháin a d'fhéadfaí a dhéanamh ar phróisis ghnó, a laghdóidh an t-ualach oibre riaracháin tráth a gcuirfear iad i bhfeidhm, do cheadúnaithe agus d'fhoireann an RPII agus cuirfear feabhas ar thrédhearcacht ghníomhaíochtaí rialála an RPII. Chun na próisis fheabhsaithe seo a chur i bhfeidhm, atá ag teacht le tosaíochtaí straitéiseacha an RPII, beidh gá córas nua bainistithe faisnéise a fhorbairt agus tosófar an obair air sin sa bhliain 2013.

Údarú atá bunaithe ar riosca

Leanadh den obair ar an tionscadal chun samhail údaraithe a fhorbairt ina n-úsáidtear cur chuige i leith an údaraithe ar cur chuige é atá bunaithe ar riosca nó atá céimnithe. Sa tionscadal rinneadh iniúchadh ar roghanna eile le haghaidh samhlacha ceadúnaithe, mar shampla fógra nó clárú, agus ar a n-oiriúnacht le haghaidh fheidhmeanna na radaíochta ianúcháin faoi láthair in Éirinn. Le cur chuige céimnithe mar seo i leith an údaraithe bheadh an tseirbhís níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla d'úsáideoirí. Rinne foireann an tionscadail moltaí le haghaidh samhail chéimnithe chun údarú a dhéanamh ar úsáid na radaíochta ianúcháin in Éirinn. Faoin tsamhail seo thabharfaí isteach cur chuige cisealta i leith na rialála, i gcomhréir leis na rioscaí agus leis na ceanglais sábháilteachta.

Mar chuid den phróiseas bailíochtaithe, iarradh ar phainéal saineolaithe athbhreithniú a dhéanamh ar an tsamhail agus iad ag freastal ar chruinniú dhá lá i mBaile Átha Cliath. Chinn an painéal a rinne piarmheasúnú ar an tsamhail go raibh sí ag teacht leis na moltaí idirnáisiúnta atá ann faoi láthair i ndáil le cur chuige céimnithe don údarú, agus luaigh siad go bhfuiltear ag súil go mbeidh cur chuige dá leithéid éigeantach tráth a dtiocfaidh Treoir Euratom um Bunchaighdeáin Sábháilteachta (BSS) i bhfeidhm. Anuas air sin, bhí an painéal den tuairim go mbeadh an tsamhail nua ina fheabhas ollmhór ar na socruithe atá ann faoi láthair ó thaobh inbhuaine fhadtéarmach de.

Cuireadh i láthair forléargas den tsamhail ag cruinniú de HERCA (Ceannasaithe na nÚdarás Inniúil um Radaíocht san Eoraip) i mí Dheireadh Fómhair. Ag an gcruinniú sin luadh go raibh Éire chun tosaigh ar a lán tíortha Eorpacha le forbairt na samhla seo, agus bhí roinnt mhaith tíortha ag iarraidh foghlaim ó thaithí an RPII sa phróiseas seo.

Bhí **Éire ag tús cadhnaíochta san Eoraip** trí cur chuige riosca-bhunaithe a thosú d'údarú úsáid fhoinsí na radaíochta ianúcháin. A bhuíochas leis an gcur chuige céimnithe seo, a moladh go hard ag cruinniú Dheireadh Fómhair Cheannasaithe **na nÚdarás Inniúil um Radaíocht san Eoraip**, is féidir seirbhís níos éifeachtaí, níos éifeachtúla a chur ar fáil do na húsáideoirí.

Cigireacht

Gach bliain, bíonn an RPII i mbun clár bliantúil cigireachta ceadúnas. Le linn na gcigireachtaí seo déantar measúnú ar chaighdeáin na cosanta radaíochta in earnálacha éagsúla agus déantar measúnú ar a mhéid atá ceadúnaithe ag comhlíonadh na reachtaíochta náisiúnta agus na gcoinníollacha atá ag gabháil leis an gceadúnas acu. Roghnaítear na ceadúnaithe a ndéanfar cigireacht orthu gach bliain bunaithe ar roinnt critéar, a áiríonn an baol raideolaíoch a bhaineann le gníomhaíochtaí na gceadúnaithe, agus an méid ama atá imithe thart ó bhí an chigireacht dheireanach ann agus aon tarluithe a tuairiscíodh san earnáil ina mbíonn siad ag feidhmiú.

Cuireadh i gcrích 165 cigireacht le linn 2012. Léirítear i bhFíor 3 líon na gcigireachtaí a rinne an RPII gach bliain ó 1992 go 2012. Tá tuilleadh sonraí maidir le líon na gcigireachtaí i ngach catagóir ceadúnais le fáil i dTábla 2.

Fíor 3: Cigireachtaí a rinne an RPII (1992 go 2012)



Tábla 2: Cigireachtaí a rinneadh sa bhliain 2012

Catagóir Ceadúnais	Líon sa Chatagóir	Líon Cigireachtaí curtha i gCrích
Tionsclaíocht	278	63
Leigheas	155	58
Dáileoirí (foinsí & X-gha)	45	5
Fiaclóirí	946	12
Oideachas/taighde	18	5
Tréidlianna	265	16
Suirbhéanna slándála (i gcomhar leis An Garda Síochána)	n/a	3
Eile (aerchriú, láithreacha oibre faoi thalamh)	n/a	3
IOMLÁN	1,707	165

n/a = ní bhaineann le hábhar

Ba iad seo a leanas na tosaíochtaí i gclár cigireachta 2012

- Sealbhóirí dramhaíola radaighníomhaí agus foinsí as úsáid;
- Sealbhóirí tomhsairí dlúis taise núicléach;
- Coisctheoir tintrí;
- Pluaiseanna taispeántais faoi thalamh;
- Cuideachtaí tástála neamhscríosaí agus
- Cigireachtaí a raibh mar aidhm leo feasacht a spreagadh maidir leis na huasteorainneacha dáileog arna leagan síos ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint Raideolaíoch (ICRP) nua do lionsa na súile.

Sa bhliain 2011, mhol an ICRP, ar bhonn athbhreithnithe a rinneadh ar fhianaise eipidéimeolaíochta, go laghdófaí na teorainneacha de dháileoga bliantúla do lionsa na súile ó 150 millisíveart (mSv) go 20 mSv d'oibrithe atá nochta do radaíocht. San athbhreithniú seo léiríodh go raibh "roinnt frithghníomhaithe fíocháin" (spreagadh catarachta) le tosú moillithe (ar a dtugtar "éifeacht stocastach") ag eascairt ó dháileoga ag leibhéal níos ísle ná mar a measadh cheana. Cibé scéal é, go dtí go leasófar an reachtíoacht, ní chuirfear i bhfeidhm an teorainn dáileog nua seo. D'ainneoin seo, mhol an RPII go mbeadh na ceadúnaithe géilliúil ar bhonn deonach agus rinne sé na teorainneacha nua dáileog a chur chun cinn le linn na gcigireachtaí iomchuí go léir ar ospidéil ina ndéantar obair idirghabhálach agus cairdiach i rannóga íomháithe diagnóisice. Ba chúis áthais é don RPII a lua go raibh a

lán ospidéal tar éis tús a chur leis an gclár um laghdú dáileog. Sna cláir seo cuimsítear réimsí amhail tuairimí na bpáirtithe leasmhara, amhail cairdeolaithe agus radagrafaithe; feasacht agus oideachas maidir le dáileoga; úsáid dáileogmhéadar níos beaichte chun léargas maith a fháil ar dháileoga ag leibhéal na súile; saintrealamh cosanta pearsanta a sholáthar agus comhoibriú le comhghleacaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta. In ospidéil áit nach raibh tús curtha leis an obair seo, d'iarr na cigirí ar na ceadúnaithe measúnú riosca a dhéanamh chun a fháil amach cá mhéid oibrí agus gníomhaíocht a mbeadh tionchar ag an teorainn nua dáileog orthu. Déanfar athbhreithniú ar éifeachtacht an chuir chuige seo agus na ceachtanna atá foghlamtha uaidh i lár na bliana 2013. Faoin taca sin is dócha go mbeifear ar an eolas faoi cheanglais deiridh an BSS leasaithe.

Treoracha

I gcás go bhfaigheann cigire amach, agus é nó í i mbun cigireachta, go bhfuil baol ann do dhaoine ag eascairt ó fhoinse radaíochta ianúcháin, féadfaidh sé nó sí Treoir a eisiúint ag tabhairt ordú don duine sin scor den ghníomhaíocht nó bearta a chur i bhfeidhm chun an baol a chosc nó a mhaolú. Le linn 2012, bhí gá treoir a eisiúint i gceithre chás. Eisíodh Treoir amháin i gcás cuideachta a bhí faoi leachtú mar go raibh gá, bunaithe ar chomhairle a fuarthas ó Aonad Náisiúnta Coiscthe Coireachta An Gharda Síochána (NCPU), gnéithe slándála an áitribh a dhaingniú ionas go mbeadh suíomh stórála seacht gcinn d'fhoinsí radaíochta sábháilte. I gcás na dtrí Threoir eile a eisíodh bhain siad le ceadúnaithe fiaclóireachta nach raibh a dtrealamh ag cloí leis na critéir inghlacthachta arna leagan amach i gCód Cleachtais Fiaclóireachta an RPII. Bhain treoir amháin díobhsan le gléas láimhe X-gha fiaclóireachta, a ceannaíodh ar an idirlíon. Bhí tuairisc eisithe ag an nGníomhaireacht um Chosaint Sláinte sa Ríocht Aontaithe maidir leis an ngléas seo, ag ceistiú shábháilteacht an ghléis, agus bhí Fógra Sábháilteachta eisithe ag Bord Leigheasra na hÉireann agus Fógra Gléis Leighis eisithe ag an nGníomhaireacht um Rialáil Táirgí Leighis agus Cúraim Sláinte (MHRA) sa Bhreatain. Tugadh ordú don cheadúnaí scor d'úsáid an ghléis agus socruithe a dhéanamh an gléas a dhiúscairt – chomhlíon an ceadúnaí an treoir seo láithreach bonn.

Chomh maith leis sin, fuair an RPII iarratas ar cheadúnas ó fhiaclóir atá lonnaithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá, ag iarraidh úsáid a bhaint as a mhacasamhail de ghléas X-gha chun clinic sealadach a chur ar fáil ar oileán amuigh ó chósta thiar na hÉireann. Diúltaíodh don iarratas ar an gceadúnas sin, agus cuireadh comhairle ar an bhfiaclóir gléas X-gha de shaghas eile a fháil. Ina dhiaidh sin, scríobh an RPII chuig gach páirtí leasmhar in earnáil na fiaclóireachta, gach ceadúnaí fiachlóireachta san áireamh, chun foláireamh a thabhairt dóibh faoin mbaol a bhaineann le gléasanna den chineál seo agus chun a chur in iúl dóibh nach n-eiseodh sé ceadúnas le haghaidh úsáid na ngléasanna seo.

Tríd is tríd, bhí an RPII sásta le caighdeáin na cosanta radaíochta a bhí le sonrú le linn na gcigireachtaí. I mí an Mhárta, d'fhoilsigh an RPII an cháipéis RPII Inspection and Licensing Activities and Annual Inspection Programme for 2012. Sa tuarascáil seo sonraítear feidhmeanna agus cleachtais Seirbhís Rialála an RPII, atá ag teacht leis an ngealltanas a tugadh sa Phlean Straitéiseach feabhas a chur ar phróisis rialála an RPII. An aidhm a bhí leis an bhfoilseachán seo ná tuiscint níos fearr a chothú maidir leis na próisis agus na tosaíochtaí a bhaineann le ceadúnú agus cigireacht a bhféadfadh tionchar bheith acu ar na ceadúnaithe agus ar pháirtithe leasmhara eile.

Creidiúnú 2012

Tá an RPII tiomanta de cáilíocht a sheirbhísí agus a ghníomhaíochtaí a chinntiú. Ó 2008 i leith, d'éirigh lena ghníomhaíochtaí cigireachta creidiúnú a bhaint amach ó Bhord Náisiúnta Creidiúnaithe na hÉireann (INAB) don chaighdeán idirnáisiúnta ISO 17020 le haghaidh forais chigireachta. Mar chuid de na coinníollacha atá ag gabháil leis an gcreidiúnú seo, reáchtálann an INAB cuairt bhliantúil faireachais gach bliain chun a chinntiú go bhfuil an RPII ag comhlíonadh an chaighdeáin agus rialacháin INAB. Sa bhliain 2012, rinne pearsanra INAB fianú ar chigirí an RPII agus iad i mbun cigireachta i rannóg míochaine núicléach ospidéil agus i saoráid thionsclaíoch radagrafaíochta. Thug iniúchóirí INAB suntas d'inniúlacht agus do ghairmiúlacht chigirí an RPII agus go bhfuil RPII i gcónaí ag comhlíonadh cheanglais an caighdeáin, agus mhol siad go mbeadh an RPII in ann an creidiúnú a choimeád ar feadh bliain bhreise.

Nochtadh aerchriú don radaíocht chosmach

I dTreoir Bhunchaighdeáin Sábháilteachta Euratom 1996 sonraítear go bhfuil aerchriú ina n-oibrithe a bhíonn nochta do radaíocht chosmach sa mhéid go bhfuil siad ag eitilt ag airde áirithe. Faoi I.R. 125 de 2000 ní mór do shealbhóir teastais aeroibreora na dáileoga a fhaigheann an t-aerchriú a mheas chun a fháil amach an fiú iad na bearta atá ann chun an nochtadh don radaíocht chosmach a smachtú. Baineann an

ceanglas seo leis na haeroibreoirí a d'fhéadfadh dáileog bhliantúil níos mó ná 1 mSv a fháil. I bhfianaise go n-athraíonn an dáileog de radaíocht chosmach ag brath ar an airde os cionn leibhéal na farraige ní bhaineann an ceanglas ach amháin le haerlínte a eitlíonn os cionn 8000 m.

Déanann na haerlínte a úsáideann samhlacha bogearraí atá aitheanta go hidirnáisiúnta na dáileoga a mheas. Le haghaidh 2012, léirigh an fhaisnéis a fuarthas ó 5 aeroibreoir ceadúnaithe gur measadh go bhfaigheadh 12,036 ball d'aerchriú dáileoga radaíochta bliantúla os cionn 1 mSv. Fuair 5315 díobh seo idir 1 agus 2 mSv, agus fuair 6,601 díobh dáileoga idir 2 agus 4 mSv agus fuair 120 díobh dáileoga os cionn 4 mSv. Níor tuairiscíodh dáileoga ar bith os cionn 6 mSv.

Ó thosaigh an mhonatóireacht ar aerchriú sa bhliain 2003 bhí méadú leanúnach ann gach bliain ar líon an aerchriú a fuair dáileoga níos mó ná 1 mSv, mar atá léirithe i bhFíor 4. Seans go mbaineann seo le méadú i líon an aerchriú atá de dhíth chun bealaí nua agus bealaí atá ann cheana féin a fheidhmiú de réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh ar aerthaisteal.

Fíor 4: Líon an aerchriú a fhaigheann dáileoga radaíochta os cionn 1 mSv



Slándáil na bhfoinsí radaighníomhacha

Déantar socruithe slándála le haghaidh stóráil na bhfoinsí radaighníomhacha a mheas le linn na n-iniúchtaí, go háirithe i gcás na gceadúnaithe a bhfuil foinsí séalaithe ardghníomhaíochta (HASS) acu. Lean an RPII lena chomhchlár leis An Garda Síochána le linn 2012, chun measúnú a dhéanamh ar na socruithe slándála atá i bhfeidhm in áitribh na gceadúnaithe ag féachaint leis na caighdeáin a ardú ionas go mbeidh siad ag teacht leis an gcleachtas slándála idirnáisiúnta is fearr. Le linn na bliana, rinne oifigigh ón NCPU agus ón RPII dhá shainsuirbhé i measc ceadúnaithe. Anuas air sin, rinne an NCPU trí shuirbhé bhreise slándála ar cheadúnaithe a bhfuil foinsí as úsáid ina seilbh, agus rinne siad an obair sin i gcomhar leis na hoifigigh áitiúla coiscthe coireachta. Mar thoradh ar na hiniúchtaí seo, rinneadh roinnt moltaí maidir le feabhas a chur ar na socruithe slándála atá i bhfeidhm faoi láthair. Thug oifigigh ón NCPU cuairteanna leantacha freisin ar na ceadúnaithe a ndearnadh suirbhéanna slándála orthu sna blianta roimhe sin chun a fháil amach conas mar a sheas na socruithe slándála reatha.

Dáileoga intuairiscithe

Faoi choinníollacha gach ceadúnais a eisíonn an RPII, i gcás go dtuairiscítear go raibh dáileog ag an obair a sháraigh leibhéal sonraithe intuairiscithe ar dháileogmhéadar pearsanta, is gá iniúchadh iomlán a dhéanamh. Is iad 2 mSv agus 50 mSv thar thréimhse 16 seachtaine don chorp iomlán agus do dháileog na mball forimeallach, faoi seach, na leibhéil intuairiscithe atá sonraithe sna coinníollacha atá ag gabháil leis an gceadúnas.

Cuireadh an RPII ar an eolas maidir le 11 chás dá leithéid i rith na bliana, agus bhain siadsan le ceadúnaithe in earnálacha an leighis agus na tionsclaíochta. Sheas an figiúr sin ag 14 le linn 2011. Bhain seacht gcinn de na 11 chás sin le rannóga cairdeolaíochta (raideolaíocht idirghníomhach). Luadh i dtorthaí na n-iniúchtaí gurb é a tharla i ngach ceann de na seacht gcás ná go raibh dáileogmhéadair á gcaitheamh ag an bhfoireann lasmuigh den naprún cosanta luaidhe cé gur chóir an dáileogmhéadar bheith á chaitheamh faoi bhun an naprúin sin, de réir mar a éilíonn an RPII, Rinne an RPII iniúchadh leantach ar an gceist seo le linn na ngnáthchigireachtaí agus, i gcás go raibh gá leis, mhol sé go rachfaí i mbun iniúchadh inmheánach agus oiliúint athnuachana.

Bhí dáileoga intuairiscithe ag dhá chuideachta tástála neamhscriosaí chomh maith. Tar éis iniúchadh a dhéanamh i ngach ceann de na 11 chás, níor bhain an dáileog le dáileog a fuair an duine féin a bhí ag caitheamh an dáileogmhéadair.

Teagmhais agus iniúchtaí

De réir na reachtaíochta náisiúnta agus de réir threoirlínte an RPII maidir le tuairisciú ar theagmhais raideolaíochta, is gá an RPII a chur ar an eolas faoi gach teagmhas a bhfuil iarmhairt raideolaíoch ag baint leis. De bhreis air sin, is gá don cheadúnaí iniúchadh a dhéanamh ar gach teagmhas chun

- A fháil amach cad iad na nithe a tharla roimh an teagmhas;
- Cúis an teagmhais a aithint;
- Cinneadh a dhéanamh maidir leis an mbeart ceartaitheach is gá ionas nach dtarlódh a leithéid arís agus
- A mheas cén dáileog a fuair na daoine go léir a bhí bainteach leis an teagmhas.

Le linn 2012, cuireadh in iúl don RPII gur tharla sé theagmhas. Bhain siad seo le miondoirteadh substainte séalaithe raidaighníomhaí i saotharlann; damáiste do dhromchla an chumhdaigh ar fhoinse shéalaithe calabraithe míochaine núicléach; teip cáipéisí iompair a chur i gcrích d'fhoinse ídithe bracaiteiripe agus teip an lipéad ceart a chur ar fhíochán a bhí éilithe le hábhar radaighníomhach a baineadh as othar le linn obráide. Bhain an teagmhas is suntasaí i rith na bliana le húsáid mhíchuí gléis DXA X-gha a bhí in úsáid ag innealtóir seirbhíse agus seirbhísiú á dhéanamh aige ar an ngléas. Fuarthas amach san iniúchadh go raibh an t-innealtóir á scanadh féin, go bunúsach ag féinchóireáil, mar chuid den tseirbhís chun a fháil amach an raibh an gléas ag obair mar ba chóir. Cé nach dáileoga suntasacha a bhí á bhfáil ag an innealtóir, is léir nach úsáid chuí é seo don ghléas X-gha, agus seoladh litir imcháinte go dtí an chuideachta seirbhíse. Ina dhiaidh sin, chuir an RPII an scéal faoi bhráid na bpáirtithe go léir a bhí bainteach leis an ngléas a shuiteáil, a thástáil agus a úsáid agus chuir siad an Comhairleoir um Chosaint Radaíochta (RPA) ar an eolas faoi freisin, ag lua nach gníomhaíocht chuí í seo.

I gcás gach teagmhais bhí an RPII sásta leis an iniúchadh a rinne an ceadúnaí. Cé nach bhfuair aon oibreoir nó aon bhall den phobal dáileog shuntasach in aon cheann de na teagmhais seo, cuireadh i bhfeidhm bearta amhail traenáil athnuachana do gach ball cuí i ndáil le cosaint raideolaíoch ionas nach dtarlódh a leithéid arís.

Teagmhais san earnáil leighis

Le linn na bliana, cuireadh an RPII ar an eolas maidir le cúig theagmhas san earnáil leighis. Sa mhéid gur bhain ceithre cinn de na teagmhais seo le hothair seachas le foireann, ámh, níl siad cuimsithe faoi shainchúram an RPII. Chuir an RPII an foras cuí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) ar an eolas freisin mar gheall ar na teagmhais. Chuir na hospidéil na hiniúchtaí i gcrích, i gcomhar lena gComhairleoirí Cosanta Radaíochta, agus chinn siad gur tharla na teagmhais seo mar thoradh ar earráidí a rinne an t-oideasóir nó an cleachtóir (mar atá sonraithe in I.R. Uimh. 478 de 2002) sa mhíochaine núicléach (cineál mícheart insteallta), sa radaiteiripe (plean mícheart cóireála) agus san íomháú diagnóisice (othair atreoraithe chun scrúdú CT a fháil nuair nár chóir).

Bhain an t-aon teagmhas a bhí intuairiscithe don RPII le córas X-gha dlúismhéadair cnáimhe, mar ar taifeadadh nochtadh radaíochta neamhghnách tráth a raibh gnáth-thástáil ar siúl ag an bhfoireann fisice leighis. Ní raibh aon othar i gceist, agus b'ionann an dáileog mheasta a fuair an fisiceoir leighis agus níos lú ná 1 micrisíveart (μSv). I dtuarascáil an innealtóra luadh gur dócha gur tarlú aon uaire a bhí ann mar go raibh damáiste déanta do chábla, agus rinneadh athsholáthar ar an gcábla sin.

Leag an RPII béim ar na cúiseanna imní ó thaobh sábháilteachta de a bhaineann le gléas **amháin láimhe X-gha** atá ina úsáid i gcleachtas fiaclóireachta amháin agus ar tagraíodh dó in iarratas ar shaoráid fiaclóireachta molta eile. Sa dá chás, dhiúltaigh an **RPII ceadúnas a bhronnadh**. Anuas air sin, scríobh an RPII chuig gach páirtí leasmhar san earnáil ag cur síos ar an dainséar a bhaineann leis na gléasanna seo.

Clár RPA

Ceanglaítear faoi I.R. Uimh. 125 de 2000 ar an RPII clár de Chomhairleoirí um Chosaint Radaíochta (RPA) a chur ar bun agus a chothabháil. Le linn na bliana, ceadaíodh dhá iarratas nua. I mí an Mhárta, thosaigh an RPII ag athcheadú na gcomhairleoirí a céadcheadaíodh sa bhliain 2007. Mar chuid den phróiseas athcheadaithe is gá don RPA a léiriú do choiste measúnachta an RPII go bhfuil siad tar éis a gcuid eolais ar phrionsabail agus ar chleachtais na cosanta radaíochta a choinneáil chun dáta. Fuarthas fiche haon iarratas don athcheadú ó chlár Chatagóir 1 (leigheas, fiaclóireacht agus tréidliacht) le linn na bliana. Bhí seacht n-iarratasóir déag a shásaigh na ceanglais, agus bhí iarrthóir amháin nár éirigh lena n-iarratas athnuachana. I gcás an triúir eile, iarradh orthu eolas breise a chur ar fáil agus tá a n-iarratais á n-athbhreithniú. Fuarthas trí iarratas athcheadaithe freisin ó Chatagóir II (tionsclaíocht agus oideachas), agus athcheadaíodh gach ceann de na hiarratais sin. Ag deireadh 2012, bhí 35 duine ar chlár RPA an RPII.

I mí an Mhárta 2012, tugadh cuireadh do gach RPA ceadaithe freastal ar an dara Cruinniú Idirchaidrimh bliantúil RPII-RPA. Aidhm an chruinnithe seo ná eolas chun dáta a chur ar fáil do na comhairleoirí RPA maidir le forbairtí nua agus an deis a thabhairt dóibh saincheisteanna tráthúla a phlé leis an rialaitheoir. Ar na saincheisteanna tráthúla a pléadh ag an gcruinniú bhí forbairt na mBunchaighdeán Sábháilteachta don EC agus an teorainn nua dáileog súile arna moladh ag an ICRP.

Forbairt Bhunchaighdeán Sábháilteachta an EC

láthair na huaire tá an Coimisiún Eorpach ag leasú Threoir 1996 Euratom maidir le Bunchaighdeáin Sábháilteachta. Sa treoir nua déanfar ionchorprú agus comhdhlúthú ar fhorálacha na gcúig phíosa reachtaíochta Eorpaí eile atá ann don chreat reachtúil um chosaint raideolaíoch san Eoraip. Déanfaidh an treoir cuíchóiriú ar an reachtaíocht atá ann faoi láthair agus beidh comhleanúnachas ann ó thaobh na mbeart rialála agus cosanta don phobal, d'oibrithe agus d'othair. Chomh maith leis sin, mar thoradh ar an treoir beidh an reachtaíocht Eorpach i gcomhréir leis an tuiscint eolaíochta reatha, agus go háirithe príomh-mholtaí an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chosaint Radaíochta (ICRP). Leathnóidh sé freisin na forálacha chun déileáil leis na foinsí radaíochta nádúrtha agus le caomhnú an chomhshaoil.

Leis an bhforbairt seo ta an deis ag na ballstáit machnamh a dhéanamh ar na bealaí is fearr chun barr feabhais a chur ar chleachtas na cosanta radaíochta san Eoraip. Ach, beidh roinnt de na forálacha nua ina ndúshlán do bhallstáit ó thaobh iad a chur i bhfeidhm. Sa bhliain 2012, chuir an RPII i gcrích measúnacht ar an dréacht-treoir, a raibh comhairliúchán á reáchtáil ag an gCoimisiún Eorpach ina leith. Ghlac an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG) le tuairimí agus moltaí ina thaobh agus choinnigh an Roinn súil ar dhréachtaí ina dhiaidh sin.

Ceann de na spriocanna a luaigh Éire le linn a hUachtaránachta ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh ó mhí Eanáir go dtí mí an Mheithimh 2013 ná bheith ag obair le Ballstáit chun comhaontú polaitiúil a bhaint amach i ndáil le Treoir Euratom um Bunchaighdeáin Sábháilteachta. I ndara leath na bliana 2012, d'oibrigh an RPII i gcomhar leis an DECLG chun ullmhú le haghaidh na hidirbheartaíochta seo agus d'eascair plé teicniúil as sin maidir le saincheisteanna a bhfuiltear den tuairim nach mbeidh sé éasca teacht ar chomhaontú maidir leo.

Ceardlann Líonra Eorpach ALARA

Bhunaigh an Coimisiún Eorpach Líonra Eorpach ALARA (EAN) sa bhliain 1996 chun cur leis an taighde Eorpach ar ábhair a bhaineann le hoptamú a dhéanamh ar gach cineál nochta don radaíocht a tharlaíonn ar an láthair oibre, agus chun éascú a dhéanamh ar chothú an dea-chleachtais ALARA (chomh híseal is atá indéanta go réasúnta) ar fud earnálacha na tionsclaíochta agus an taighde san Eoraip. I mí Mheán Fómhair, d'óstáil an RPII an 14ú Ceardlann EAN i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Reáchtáladh an cheardlann thar thréimhse dhá lá go leith, agus d'fhreastail 66 duine as 17 tír ar an gceardlann mar ar pléadh an chaoi ar féidir prionsabail ALARA a chur i bhfeidhm i raon leathan suíomhanna ina mbíonn daoine nochta d'fhoinsí radaighníomhacha, mar shampla radón sa teach; nochtadh aerchriú don radaíocht chosmach; leigheasúchán talún a bhí éilithe go stairiúil agus cúrsaí iar-éigeandála. D'oscail Fergus O'Dowd TD, an tAire Stáit ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil go hoifigiúil an chomhdháil. Bhí 24 cainteoir a rinne cur i láthair, agus ina measc bhí ionadaithe ón ICRP; ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh Adamhaigh (IAEA); ón gCoimisiún Eorpach agus ó Ghníomhaireacht um Fhuinneamh Núicléach an OECD. Le linn na hócáide, roinneadh na rannpháirtithe i gceithre ghrúpa oibre chun plé a dhéanamh ar na bealaí ina bhféadfaí ALARA a chur i bhfeidhm i gcásanna ina mbeadh daoine nochta do radaíocht. Cheadaigh Coiste Stiúrtha an EAN na moltaí ón gceardlann i mí na Nollag agus foilsíodh iad ar a shuíomh gréasáin (www.eu-alara.net).

Comhoibriú Idirghníomhaireachta

Lean an RPII ag comhoibriú le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun na caighdeáin arda sa chosaint radaíochta in Éirinn a chur chun cinn, agus chun feabhas a chur ar a éifeachtacht. Tá ríthábhacht leis seo sa timpeallacht rialála, agus le linn 2012 d'oibrigh an RPII i gcomhar leis na dreamanna seo a leanas: an Chomhairle Tréidlianna, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an Garda Síochána (an tAonad Náisiúnta Coiscthe Coireachta), na Coimisinéirí Ioncaim (Custaim), Údarás Poirt Bhaile Átha Cliath, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA), Gníomhaireacht Chomhshaoil Thuaisceart Éireann (NIEA), Bord Leigheasra na hÉireann, an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, an Chomhairle Fiaclóireachta, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (An tAonad um Nochtadh Radaíochta Leighis), an Roinn Cosanta, an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh, an Coimisiún um Shábháilteacht Núicléach i gCeanada agus an tÚdarás um Shábháilteacht Núicléach sa Fhrainc (ASN), de réir mar b'iomchuí chun réimsí comhleasa a phlé.

Bhí an RPII rannpháirteach i roinnt grúpaí idirnáisiúnta freisin sa bhliain 2011 agus mar thoradh air seo tá feabhas curtha ar a chumas tionchar a imirt ar chinntí a chuireann isteach ar dhaoine a chosaint in Éirinn. San áireamh anseo bhí Coiste um Chaighdeáin Sábháilteachta Iompair an IAEA, Cumann na Eorpa d'Údaráis Inniúla um Iompar Sábháilte Ábhar Radaighníomhach, Gréasán ALARA na hEorpa, Gréasán Údaráis Cosanta Radaíochta na hEorpa agus Ceannasaithe na nÚdarás Inniúil um Rialáil Radaíochta san Eoraip agus an Chuid den Choimisiún Eorpach a dhéileálann le Cúrsaí Adamhacha. Ghlac foireann ón tSeirbhís Rialála páirt freisin i sainmhisean IAEA go Ruanda. Chomh maith leis sin, chuir an RPII fáilte roimh an bPríomhoifigeach Cosanta Radaíochta ó údarás rialála Oileán Mhuirís agus an t-oifigeach sin ar sheachtain socrúcháin eolaíochta IAEA.

Nochtadh phobal na hÉireann don radaíocht

Eascraíonn radaighníomhaíocht ó fhoinsí nádúrtha agus saorga araon ar fud an chomhshaoil. Bíonn pobal na hÉireann faoi lé na radaighníomhaíochta seo nuair a thuairgneáiltear iad le gáma-ghathanna ón spás (radaíocht chosmach) agus ón ithir faoi bhun na gcos; le radón agus thoron san aer a tharraingítear isteach le hanáil; le radaighníomhaíocht nádúrtha agus shaorga sa bhia agus san uisce a itear agus a óltar agus le tástálacha agus gnáthaimh áirithe leighis. Ceann de phríomhróil an RPII ná leibhéal an nochta sin a mheas agus comhairle a chur ar pháirtithe leasmhara maidir leis na bealaí chun an pobal a chosaint ó nochtadh nach bhfuil gá leis don radaíocht ianúcháin.

Ar an meán, faigheann duine in Éirinn dáileog bhliantúil de 3950 µSv ó gach foinse radaíochta. Is féidir leis an difríocht bheith an-mhór idir an dáileog a fhaigheann daoine éagsúla sa phobal ó aon fhoinse ar leith. Tagann an méid is mó, tuairim is 86 faoin gcéad (3400 µSv), ó fhoinsí nádúrtha, go príomha ó charnadh an gháis radón sa teach. Déanann radaíocht shaorga suas tuairim is 14 faoin gcéad (550 µSv), agus tagann sin go príomha ó úsáid leasmhar na radaíochta sa leigheas (540 µSv). I gcás na ndáileog ó fhoinsí saorga eile ní dhéanann siad suas ach níos lú ná 1 faoin gcéad (15 µSv). Léirítear i bhFíor 5, an méid radaíochta a thagann ó gach foinse, agus é sin léirithe mar mheándáileog bhliantúil in aghaidh an duine in Éirinn.

I measc thosaíochtaí straitéiseacha an RPII sa réimse seo tá saineolas, cumas teicniúil agus faisnéis a chur ar fáil a bhfuil gá leo chun pobal na hÉireann agus an comhshaol a chosaint agus, ag obair i gcomhar le daoine eile, tionscnaimh náisiúnta um chosaint raideolaíoch a chur i bhfeidhm.

Téann an RPII i ngleic leis na tosaíochtaí ar na bealaí seo:

- Feasacht a spreagadh maidir leis an mbaol don tsláinte a bhaineann le bheith faoi lé an radóin;
- Páirt a ghlacadh i gcur i bhfeidhm na straitéise rialaithe náisiúnta chun laghdú ar a mhéid atá tithe agus láithreacha oibre in Éirinn faoi lé radóin;
- Clár spriocdhírithe monatóireachta comhshaoil a reáchtáil;
- Taighde a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar fhoinsí na radaíochta a bhfuil an pobal agus an comhshaol faoina lé agus
- Cothú a dhéanamh ar an gcumas measúnú a dhéanamh ar thionchar raideolaíoch i gcás go n-aithnítear foinsí nua dáileog radaíochta.

Fíor 5: An méid radaighníomhaíochta a eascraíonn ó gach foinse



Tomhas agus clár feasachta radóin

Is é radón an phríomhfhoinse radaíochta a mbíonn pobal an hÉireann faoina lé, agus déanann sé suas 56.5% den dáileog iomlán ó gach foinse. Is gás radaighníomhach nádúrtha é radón a eascraíonn ó úráiniam atá ar fáil i gcarraigeacha agus in ithreacha. Tá baint ag radón le tuairim is 250 cás d'ailse scamhóige gach bliain, mar sin is guais shuntasach sláinte poiblí é.

I measc chuspóirí straitéiseacha an RPII i ndáil le radón, mar atá leagtha amach ina phlean straitéiseach 2011 – 2013, tá siad seo a leanas:

- Páirt a ghlacadh i gcur i bhfeidhm na Straitéise Rialaithe Náisiúnta Radóin chun laghdú ar a mhéid atá tithe agus láithreacha oibre in Éirinn faoi lé radóin agus
- Obair i gcomhar le daoine eile chun tionscnaimh náisiúnta a chur i bhfeidhm atá dírithe ar dhaoine a chosaint ar bheith faoi lé radóin.

Go dtí seo, **táthar tar éis tomhas radóin a dhéanamh i 17,700 teach údaráis áitiúil**. Tá ardmholadh ag dul do na húdaráis áitiúla as obair leanúnach a dhéanamh sa réimse seo, sa mhéid go dtéann sé i ngleic leis an mbaol a bheadh ann do thionóntaí áitribh an údaráis áitiúil ina bhfuil leibhéil arda radóin.

An Straitéis Náisiúnta Rialaithe Radóin (NRCS)

Ceann de phríomhthosaíochtaí an RPII i rith na bliana ná obair ar ghrúpa idirghníomhaireachta arna bhunú i mí na Samhna 2011 ag Phil Hogan, TD, an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, chun NRCS a bhunú. Lean an grúpa idirghníomhaireachta lena chuid oibre le linn 2012 agus chuir tuarascáil eatramhach ar fáil don Aire de réir sceidil i mí na Samhna. Sa tuarascáil eatramhach leagadh amach dréachtstraitéis náisiúnta, inar moladh bearta sna sé réimse beartais seo a leanas:

- Cosc radóin i bhfoirgnimh nua;
- Leas a bhaint as idirbhearta réadmhaoine chun gníomhaíocht i leith an radóin a spreagadh;
- Feasacht a chothú i leith an radóin agus daoine a spreagadh le gníomhú ina leith;
- Comhairle agus faisnéis a sholáthar do dhaoine a bhfuil torthaí arda radóin acu;
- Muinín a spreagadh i ndaoine maidir le seirbhísí radóin agus
- Laghdú ar a mhéid a bhíonn daoine faoi lé radóin sa láthair oibre.

Chomhfhoilsigh an RPII agus an HSE bileog eolais **maidir le radón agus an tsláinte le go ndáilfeadh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte** an bhileog **ar gach cleachtas Dochtúra Teaghlaigh.**

Chuir an RPII i gcrích dhá phíosa oibre shuntasacha chun tacú le forbairt an NRCS le linn 2012: próiseas comhairliúcháin chun tuairimí na bpáirtithe leasmhara a fháil maidir le céard is gá a dhéanamh chun dul i ngleic le fadhb an radóin agus meastóireacht eacnamaíochta sláinte ar na roghanna éagsúla idirghabhálacha radóin atá ann. Eisíodh ceistneoirí cáilíochtúla spriocdhírithe a cuireadh chuig raon daoine agus eagraíochtaí a bhíonn ag feidhmiú i réimse an chúraim sláinte, i seirbhísí radóin foirgníochta, sa Rialtas agus sa saol acadúil. Fuarthas breis is 1000 tuairim ar ais ó bhreis is 160 duine, agus ansin cuireadh na tuairimí sin i gcatagóirí bunaithe ar an réimse agus rinneadh anailís orthu. Ina dhiaidh sin, reáchtáladh sraith de ghrúpcheardlanna agus de chruinnithe duine le duine chun forbairt bhreise a dhéanamh ar shaincheisteanna agus ar mholtaí ag eascairt ó na ceistneoirí. Cuireadh na torthaí ón gcomhairliúchán poiblí faoi bhráid an ghrúpa idirghníomhaireacha ag céimeanna éagsúla le linn fhorbairt na dréachtstraitéise. Mhol na páirtithe leasmhara raon leathan beart chun feabhas a chur ar bhearta coisctheacha i bhfoirgnimh nua agus chun sealbhóirí tí agus fostóirí a spreagadh dul i ngleic le fadhb an radóin i bhfoirgnimh atá ann cheana féin.

Rinneadh meastóireacht eacnamaíochta sláinte, chun scrúdú a dhéanamh ar straitéisí éagsúla idirghabhála radóin a bhféadfaí iad a chur i bhfeidhm in Éirinn, agus baineadh leas as anailís costéifeachta. Baintear leas as an uirlis seo go forleathan i measc eacnamaithe sláinte chun meastóireacht a dhéanamh ar raon leathan d'idirghabhálacha sláinte poiblí. An tsamhail chostéifeachta ar baineadh leas aisti bhí sí bunaithe ar an gceann a mhol an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Cuireadh an obair seo i gcrích le cúnamh ón HSE agus ón Aonad Eacnamaíochta Sláinte in Ollscoil Oxford, agus cuireadh torthaí na meastóireachta faoi bhráid an ghrúpa idirghníomhaireachta i mí Mheán Fómhair. I measc na dtorthaí luadh gurb é an cosc i bhfoirgnimh nua an bealach is costéifeachtaí chun déileáil le radón; go bhfuil cás ann don chosc i ngach cuid den tír agus gur féidir feabhas mór a chur ar chostéifeacht na bhfeachtas atá ann chun dul i ngleic le radón i bhfoirgnimh reatha trí spriocdhíriú ar réimsí ardbhaoil.

Idirchaidreamh le comhlachtaí poiblí eile agus le húdaráis áitiúla

Faoi Mheabhrán Tuisceana idir an RPII agus an HSA, bunaíodh comhghrúpa oibre ionas go mbeadh cur chuige comhordaithe ann idir an dá eagraíocht chun déileáil le ceist an radóin sa láthair oibre. I gcigireachtaí a rinne an HSE i láithreacha oibre bhí 160 láthair oibre ina raibh an leibhéal radón ardaithe. Chun tacú le hobair chigirí an HSE, rinne an RPII cur i láthair ag cruinniú bliantúil na Rannóige Géilliúlachta i mí Eanáir. Anuas air sin, bhí comhchruinniú ag an RPII agus an HSA le IBEC agus leis an ICTU chun a mhíniú cad ba ghá faoi na rialacháin um rialú radóin sa láthair oibre agus chun eolas chun dáta a thabhairt dóibh ar fhorbairt an NRCS. Tá ionadaíocht ag an HSA ar an ngrúpa idirghníomhaireachta atá ag forbairt an NRCS. Bunaíodh comhghrúpa oibre radóin freisin leis an HSE faoin Meabhrán Tuisceana leis an eagraíocht sin.

Ar na príomhnithe a bhain grúpa oibre radóin an HSE/RPII amach sa bhliain 2012 bhí siad seo:

- Spreagadh gairmithe sláinte mar pháirtithe leasmhara le páirt a ghlacadh i bhforbairt na straitéise náisiúnta rialaithe radóin (NCRS);
- D'fhoilsigh an RPII/HSE comhbhileog eolais Radon and your Health agus
- Rinne an HSE cor poist mar ar seoladh ábhar chuig Dochtúirí Teaghlaigh le heolas ar an mbaol don tsláinte a bhaineann le radón in Éirinn.

Chomh maith leis sin, tá an HSE ina bhall de ghrúpa idirghníomhaireachta, ar leag an Rialtas an dualgas air an NRCS a fhorbairt.

Rinne an RPII cur i láthair don Institiúid Éireannach um Rialú Foirgníochta (IBCI) maidir le forbairt an NCRS agus bhain leas as an ócáid sin chun oifigigh indibhidiúla rialaithe foirgníochta a spreagadh le hionchur a sholáthar sa phróiseas comhairliúcháin i measc na bpáirtithe leasmhara. Is foras gairmiúil é an IBCI dóibhsean a bhfuil freagracht orthu as rialú foirgníochta, agus meastar an foras sin bheith ina pháirtí leasmhar ríthábhachtach, sa mhéid go bhfuil rialú foirgníochta chomh tábhachtach sin chun a chinntiú go gcuirtear bearta coiscthe radóin i bhfeidhm go héifeachtach i bhfoirgnimh nua.

Lean an RPII ag tacú le húdaráis áitiúla agus iad ag cur i bhfeidhm a mbeart radóin agus a gclár leasúcháin radóin i dtithíocht shóisialta, agus le linn 2012, d'oibrigh an RPII le Comhairle Contae na Gaillimhe agus le Comhairle Baile Bhaile na Lorgan chun dul i ngleic le radón sna limistéir sin. Go dtí seo, cuireadh torthaí tuairim is 17,700 tomhas radóin i dtithe an

údaráis áitiúil ar fud na tíre in iúl don RPII. Astusan, bhí pas beag os cionn 1050 nó 6% de na tithe sin a bhí os cionn an leibhéil tagartha náisiúnta de 200 Bq/m3. Cuireadh obair leasúcháin i gcrích i ngach ceann de na tithe sin nó tá an t-údarás áitiúil i mbun na hoibre leasúcháin sin. Trí mheán na gníomhaíochta seo atá ar bun ag na húdaráis áitiúla cinntítear go bhfuil deireadh á chur leis an mbaol ó leibhéil arda radóin do thionóntaí an údaráis áitiúil. Anuas air sin, fuair an RPII eolas luachmhar ó chláir tomhais an údaráis áitiúil maidir le fadhb an radóin in Éirinn, lena n-áirítear saincheisteanna cosúil le cén rath a bhí ar an obair leasúcháin agus cén tionchar a bhí ag na caighdeáin foirgníochta ar leibhéil radóin sa teach. Bainfear leas as an fhaisnéis thábhachtach seo d'fhorbairt na straitéise náisiúnta radóin.

Taighde agus gníomhaíochtaí idirnáisiúnta maidir le radón

Lean an RPII lena rannpháirtíocht i dtionscadal arna mhaoiniú ag an gCoimisiún Eorpach RADPAR (Cosc agus Leasú Radóin), a chuir i gcrích a obair le linn 2012. Ceann de na torthaí tábhachtacha ón tionscadal seo ná gur forbraíodh samhail chun measúnú a dhéanamh ar chostéifeacht na straitéisí rialaithe radóin. Baineadh leas as samhail RADPAR chun comparáid a dhéanamh idir na roghanna straitéiseacha costéifeachta i bhforbairt na straitéise náisiúnta rialaithe radóin d'Éirinn.

Faoi Chlár Comhoibritheach Teicniúil an IAEA, chuir an RPII fáilte roimh eolaí ón Ionad Náisiúnta um Chosaint Raideolaíoch agus Radaíochta (NCRRP), Sóifia, an Bhulgáir, le haghaidh cláir traenála seachtaine maidir le radón. Sa chlár seo áiríodh gnéithe teicniúla a bhaineann le bainistiú a dhéanamh ar shaotharlann chreidiúnaithe tomhais radóin; pléadh soláthar comhairle don phobal agus don Rialtas agus pléadh conas an pobal a chur ar an eolas maidir leis an mbaol a bhaineann le radón. Bhí sé dírithe ar thacú leis an NCRRP ina fhorbairt leanúnach ar chlár náisiúnta radóin don Bhulgáir.

Le linn 2012, rinne an RPII cás-staidéar i gcomhar leis an bhForas Taighde Foirgníochta sa Ríocht Aontaihte (BRE) chun leasúchán a dhéanamh ar theach i limistéar aolchloiche carst, ina raibh tomhais arda leibhéil radóin ann ar bhonn comhsheasmhach d'ainneoin go ndearnadh cúpla iarracht an scéal a leigheas. Tógadh an teach seo ag tús na 20ú haoise agus rinneadh mór-athchóiriú air sna seachtóidí, tá urláir chrochta adhmaid ann atá díreach os cionn na talún nochta. Glactar leis i gcoitinne go bhfuil sé an-deacair fadhb an radóin a leigheas i dtithe mar seo i limistéir charst. Sa staidéar seo léiríodh dhá phrionsabal thábhachtacha: ar an gcéad dul síos, i gcásanna cosúil leis an gceann seo, an rogha is fearr chun an fhadhb a réiteach ná brúchoiriú faoin urlár a dhéanamh, agus ar an dara dul síos, féadtar laghdú éifeachtach a bhaint amach go minic le gaothráin nach n-úsáideann ach méid sách beag vatachta. Sa chás seo, baineadh an laghdú amach le gaothrán 26-vata (W). Roimhe sin, bhaintí úsáid as gaothrán 70 W den chuid is mó in obair leasúcháin. Tá buntáistí soiléire ag baint leis an laghdú ar an tomhaltas fuinnimh agus dá bharr sin an laghdú ar an gcostas don sealbhóir tí.

Cuireadh Dréachtstraitéis Rialaithe Radóin na hÉireann faoi bhráid an **Aire i mí na Samhna 2012** agus tosaíodh an comhairliúchán poiblí i mí Eanáir 2013. Chun tacú leis an gcleachtadh idirghníomhaireachta seo sa bhliain 2012, reáchtáil an RPII próiseas comhairliúcháin chun tuairimí na bpáirtithe leasmhara a fháil faoi na réitigh ar fhadhb an radóin. De bhreis air sin, rinne an institiúid meastóireacht ar eacnamaíocht sláinte **na roghanna éagsúla idirghabhálacha** chun dul i ngleic le radón.

Staitisticí tomhais radóin

I dTábla 3 tá achoimre de réir contae ar na tomhais radóin a rinne an RPII ó na 1990í luatha i leith. As tuairim is 54,000 tomhas a cuireadh i gcrích faoi dheireadh 2012, rinneadh tuairim is 11,300 mar chuid den Suirbhé Náisiúnta Radóin; formhór na dtomhas eile ba thomhais iad inar íocadh táille. Le linn 2012, i 436 teach breise a ndearna an RPII tomhas radóin iontu fuarthas go raibh tiúchan radóin os cionn an leibhéil tagartha náisiúnta de 200 Bq/m3, agus, astusan, bhí 67 teach ina raibh an tiúchan radóin os cionn 800 Bq/m3. Na contaetha ina bhfuil an céatadán is airde tithe os cionn an leibhéil tagartha ná Sligeach, Gaillimh, Port Láirge agus Ceatharlach.

Dar leis an Suirbhé Náisiúnta Radóin tá leibhéil radóin i 7% den stoc náisiúnta tithíochta le tiúchan radóin os cionn 200 Bq/m3, agus, má chuirtear sin i bhfeidhm i leith an stoic náisiúnta tithíochta, is ionann é agus tuairim is 110,000 teach. Go dtí seo, ní dhearna an RPII tomhas ach i 7642 de na tithe seo, agus is léir, mar sin, go bhfuil formhór mór na dtithe a bhfuil fadhb radóin iontu, fós le sainaithint.

Tábla 3: Dáileadh na dtorthaí tomhais radóin de réir contae (bunaithe ar thomhais arna gcur i gcrích ag an PRII go dtí an 31 Nollaig 2012)

Contae	Líon na dtithe ina ndearnadh tomhas	Líon na dtithe i gcatagóirí na tiúchana radóin			Uas. (Bq/m³)
		0-199 Bq/m³	200-799 Bq/m³	> 800 Bq/m³	
Ceatharlach	1199	965	222	12	2300
Cabhán	452	438	14	0	800
Clár	4151	3641	422	88	3500
Corcaigh	5636	4944	641	51	4500
Dún na nGall	1471	1391	78	2	3400
Baile Átha Cliath	3658	3438	218	2	1400
Gaillimh	7704	6092	1415	197	3800
Ciarraí	4124	3455	538	131	49000
Cill Dara	1355	1298	54	3	1100
Cill Chainnigh	1359	1167	177	15	2400
Laois	568	544	24	0	600
Liatroim	404	376	27	1	1600
Luimneach	1397	1288	106	3	1900
Longford	329	295	33	1	900
Lú	851	751	100	0	800
Maigh Eo	4245	3501	681	63	6200
An Mhí	986	908	76	2	900
Muineachán	299	281	18	0	800
Uíbh Fhailí	786	768	18	0	800
Ros Comáin	729	651	74	4	1400
Sligeach	2383	1788	499	96	5600
Tiobraid Árann	2593	2272	295	26	3400
Port Láirge	2488	1992	431	65	9700
An Iarmhí	752	686	65	1	1100
Loch Garman	1787	1503	260	24	2900
Cill Mhantáin	2164	1795	342	27	16400
Iomlán	**53870**	**46228**	**6828**	**814**	

Rinneadh tástáil ar 1105 sampla bia agus sampla ón gcomhshaol chun leibhéil radaighníomhaíocha a thomhas mar chuid de chlár monatóireachta

Clár monatóireachta comhshaoil

Mar a luadh, tá idir radaighníomhaíocht nádúrtha agus radaighníomhaíocht shaorga ann i gcomhshaol na hÉireann. I measc na bhfoinsí saorga tá an radachur san atmaisféar ó thástáil a dhéantar ar airm núicléacha; an radachur ó thubaiste núicléach Chernobyl agus an radachur ó ghnáthdhoirteadh radanúiclídí ó stáisiúin núicléacha. An phríomhfhoinse de radaighníomhaíocht shaorga i Muir Éireann ná an scaoileadh amach leachtach ó stáisiún athphróiseála breosla núicléach Sellafield in iarthuaisceart na Breataine. Chomh luath agus a scaoiltear seo amach sa chomhshaol, bíonn radanúiclídí ann ar féidir le héisc; sliogéisc; barra agus ainmnithe iad a iontógáil agus ar an gcaoi sin tagann siad isteach sa bhiashlabhra.

Tá monatóireacht na radaighníomhaíochta sa chomhshaol ar cheann de chroíghníomhaíochtaí an RPII. Is iad aidhmeanna agus cuspóirí chlár monatóireachta an RPII ná

- Measúnú a dhéanamh ar na dáileoga de radanúiclídí sa chomhshaol do dhaoine aonair agus don phobal in Éirinn;
- Measúnú a dhéanamh ar an dáileadh ama agus geografach de thiúchana na radaighníomhaíochta saorga agus nádúrtha sa chomhshaol;
- Córais, gnáthaimh agus saineolas riachtanach a chothabháil ionas go bhféadfaí measúnú gasta a dhéanamh ar an gcomhshaol i gcás tubaiste núicléach nó raideolaíoch, ionas go bhféadfaí frithbhearta a chur i bhfeidhm chun pobal na hÉireann a chosaint;
- Faisnéis chun dáta agus faisnéis bheacht a sholáthar don Rialtas agus don phobal maidir leis na leibhéil radaíochta sa chomhshaol;
- Tacú le ról an RPII comhairle ardchaighdeáin, atá bunaithe ar chomhairle eolaíochta, a sholáthar mar ionchur le haghaidh bheartas an Rialtais, go háirithe chun cuidiú leis an Rialtas bearta a roghnú chun daoine a chosaint agus
- Tacú le tionscal bia agus talmhaíochta na hÉireann trí dhianmheasúnú a dhéanamh ar stádas radaighníomhach bhia-ábhar na hÉireann. Cuireann an measúnú seo bonn ar fáil do dheimhniú na radaighníomhaíochta i dtáirgí atá le heaspórtáil.

An clár monatóireachta le linn 2012

Mar ab amhlaidh i mblianta roimhe sin, rinneadh measúnú ar na príomhghnéithe seo a leanas i gclár monatóireachta 2012:

- Radaighníomhaíocht chomhthimpeallach bunaithe ar thomhas na radaighníomhaíochta san aer agus ar ráta seachtrach na ndáileog gáma ó líonra de stáisiúin bhuana monatóireachta ar fud na tíre - Is é aidhm na gcóras seo leibhéil chúlra radaíochta san atmaisféar a thomhas agus tuairim ghasta a thabhairt maidir leis an éilliú comhshaoil i gcás mórthubaiste núicléach.
- Radaighníomhaíocht i dtáirgí éagsúla bia chun a fháil amach cén leibhéal de radaighníomhaíocht shaorga atá ann i gcoitinne i mbiashlabhra na hÉireann agus chun a fháil amach cén dáileog radaíochta atá á fháil ag pobal na hÉireann dá bharr sin–Tá dearadh an chláir bunaithe ar mholtaí an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 35/36 de Chonradh Euratom agus tá sé dírithe go príomha ar bhainne agus ar aiste bia measctha.
- Radaighníomhaíocht in uisce óil, a ndéantar monatóireacht uirthi de réir mholtaí Airteagail 35/36 –Tógtar samplaí uisce ó mhórlíonraí soláthair uisce i ngach contae, ar bhonn rothlach, ionas go ndéanfar sampláil i ngach contae uair gach ceithre bliana. Le linn 2012, rinneadh sampláil ar mhórlíonraí soláthair uisce sna contaetha seo: Ceatharlach, an Cabhán, an Clár, Dún na nGall agus Baile Átha Cliath.
- Radaighníomhaíocht i gcomhshaol muirí na hÉireann, bunaithe ar shampláil agus ar thomhas sáile, dríodair, feamainne, iasc agus sliogiasc in áiteanna ar an gcósta– Déantar an mhonatóireacht seo go príomha i Muir Éireann agus is é aidhm na monatóireachta measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag scaoileadh amach na dramhaíola leachtaí íseal-leibhéil in oirthuaisceart Mhuir Éireann ó shuíomh núicléach Sellafield agus dul i ngleic leis na cúiseanna imní atá ag an Rialtas agus ag an bpobal.

Sa chlár seo déantar tomhais ar feadh an lae ó líonra buan monatóireachta agus déantar sampláil agus ansin tástáil sa tsaotharlann. Déantar measúnú ar raon leathan de radanúiclídí mar chuid den chlár monatóireachta. Na cinn a ndéantar measúnú orthu go rialta ná caeisiam-137; caeisiam -134, potaisiam-40; beirilliam-7; iaidín-131; tritiam; strointiam-90; oll-alfa agus oll-bhéite; ráta dáileoige gáma; teicnéitiam-99; plútóiniam-238 agus plútóiniam -239,240 agus aimeiriciam 241. I measc na dteicnící anailíseacha úsáidtear speicriméadracht gháma; speictriméadracht alfa; áireamh comhréireach gáis agus áireamh drithlíochta leachta. I roinnt cásanna, bíonn gá le scagadh radaicheimiceach.

Leagtar mórbhéim i gcónaí ar dhearbhú cáilíochta agus ar iontaofacht na sonraí. Cinntítear go bhfuiltear ag cloí leis an gcleachtas is fearr trí chreidiúnú a dhéanamh, trí mheán Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú, chuig Caighdeán Idirnáisiúnta ISO/IEC 17025. Sa bhliain 2012, d'éirigh le saotharlanna an RPII pas a fháil san athmheasúnú creidiúnaithe cúig bliana.

De réir ár dtosaíochtaí straitéiseacha, cuirtear i gcrích clár monatóireachta comhshaoil an RPII trí chomhoibriú le gníomhaireachtaí eile, eadhon, Gníomhaireacht Chomhshaoil Thuaisceart Éireann (NIEA), an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), údaráis áitiúla, na Fórsaí Cosanta, an Roinn Talmhaíochta Bia agus Mara, Met Éireann, Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD) agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI). Tá socruithe le haghaidh shampláil na sáile amuigh ón gcósta á dtástáil faoi láthair freisin ag an tSeirbhís Chabhlaigh.

Torthaí na Monatóireachta le linn 2012

Léiríonn torthaí na monatóireachta, cé go bhfuil leibhéil de radaighníomhaíocht shaorga i gcomhshaol na hÉireann, tá siad íseal agus níl siad baolach don tsláinte. Bhí na leibhéil de radaighníomhaíocht a tomhaiseadh san aer agus i mbia-ábhar tírghinte sa bhliain 2012 an-chosúil leosan a tomhaiseadh le blianta beaga anuas, ach amháin i gcás na leibhéal a bhí pas beag níos airde tar éis thubaiste Fukushima le linn na tréimhse Márta go dtí Bealtaine 2011. D'fhéadfaí bheith ag súil leis seo sa mhéid go mbíonn tionchar go príomha ag an radachur domhanda iarmharach ar na leibhéil seo, a athraíonn go han-mhall.

Cé nach mbíonn ach dáileoga bídeacha i gceist, an príomhbhealach a mbíonn daoine faoi lé radaíochta ná trí bhia mara a ithe agus eascraíonn sé sin as scaoileadh amach na radaighníomhaíochta saorga. Bíonn na tiúchana is airde de radaighníomhaíocht ó Sellafield le fáil i gcomhshaol mara na hÉireann feadh chósta an oirthuaiscirt. Bíonn na tiúchana a tomhaistear ó dheas ó Bhaile Átha Cliath níos ísle, agus bíonn na leibhéil a thomhaistear feadh chóstaí theas agus thiar na tíre ag teacht, tríd is tríd, leis na leibhéil a bhaineann le radachur domhanda.

Léiríonn Fíor 6 na dáileoga tipiciúla do thomhaltóirí bia mara idir 1982 agus 2012 mar thoradh ar caeisiam-137, agus déanann siad suas formhór na dáileoige ar an mbealach seo. Is dáileoga beaga iad na dáileoga a mbíonn pobal na hÉireann faoina lé mar thoradh ar radaighníomhaíocht shaorga sa chomhshaol mara i gcomparáid leis an meándáileog bhliantúil a fhaigheann duine in Éirinn ó gach foinse radaighníomhaíochta. Sa bhliain 2012, measadh gurbh ionann an dáileog do thomhaltóir tipiciúil bia mara ó caeisiam -137 agus 0.05 µSv i gcomparáid leis an meándáileog iomlán bhliantúil de 3950 µSv.

Ón monatóireacht a dhéanann an RPII ar bhainne, ar uisce óil agus ar aiste bia measctha, ina bhfuil béilí iomlána arna sampláil ó bhialanna ollscoile, agus an tástáil rialta a dhéantar ar raon cineálacha eile bia, is léir go bhfuil na leibhéil radaighníomhaíochta i mbia-ábhar fanta an-íseal. Go deimhin, bhí na leibhéil de radaighníomhaíocht shaorga i bhformhór na samplaí faoi bhun na dteorainneacha inbhraite. Fuarthas go raibh gach sampla d'uisce óil a tástáladh ag cloí leis an dáileog tháscach atá luaite i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Níl baol don tsláinte ag baint leis an radaighníomhaíocht shaorga a mbíonn pobal na hÉireann faoina lé sa chomhshaol agus tá an leibhéal sin an-bheag i gcomparáid leis an dáileog chúlra de radaíocht (nádúrtha).

Fíor 6: Dáileoga éifeachtacha do thomhaltóirí tipiciúla bia mara mar thoradh ar caeisiam -137, 1982-2012



Taighde chun tacú leis an gclár monatóireachta comhshaoil

Déantar an clár monatóireachta a chur i gcrích trí roinnt saintionscadal a dhéanann iniúchadh ar ghnéithe áirithe de radaighníomhaíocht thírghinte agus mara.

I measc na dtionscadal reatha tá siad seo a leanas:

- *Measúnú ar an dáileog a fhaigheann pobal na hÉireann ó radaighníomhaíocht nádúrtha i mbia.*

  I dtuarascáil 2008 RPII Radiation Doses Received by the Irish Population, ní raibh mórán faisnéise ann ó Éirinn maidir le leibhéil na radaighníomhaíochta nádúrtha i mbia. Chun dul i ngleic leis an easnamh sin, seoladh tionscadal chun a fháil amach cad iad na leibhéil díobh seo atá in aiste bia na hÉireann - potaisiam-40; polóiniam-210; luaidhe -210; carbón-14; raidiam-226 agus raidiam-228. Déanfar na dáileoga ó na radanúiclídí seo a thomhas, bunaithe ar shonraí tomhaltais ón suirbhé a rinne Comhghuaillíocht Cothúcháin Ollscoileanna na hÉireann (IUNA) maidir le cothúchán daoine fásta, agus bainfear úsáid as chun na figiúirí dáileog don daonra a thabhairt chun dáta.

- *Staidéar Loch Cairlinn*

  Tá comhthionscadal ar bun ag UCD agus an NIEA chun na leibhéil radaighníomhaíochta i Loch Cairlinn a mheas. Is staidéar leantach é seo i ndiaidh na staidéar a cuireadh i gcrích sna 1990í, agus is é is cuspóir leis na hathruithe a mheas ar thiúchana comhshaoil sa loch. Ní hé amháin go bhfuil na sonraí seo ag cur leis an mbonn sonraí atá ann maidir le leibhéil radaighníomhaíochta saorga i mbearna cósta an oirthuaiscirt, ach tá an tionscadal ag daingniú an idirchaidrimh idir an RPII agus an NIEA agus UCD.

- *Suirbhé ar radaighníomhaíocht nádúrtha in uisce buidéalaithe*

  Rinneadh suirbhé ar an radaighníomhaíocht nádúrtha in uisce buidéalaithe na hÉireann i gcomhar leis an HSE agus an FSAI. Cuirfear torthaí an tsuirbhé san áireamh i dtuairisc chun dáta 2013 ar an staidéar Radiation Doses Received by the Irish Population. Bainfear leas as na sonraí ón staidéar freisin chun cuidiú le hÉirinn a dualgais a chomhlíonadh faoi Threoir Euratom atá le teacht maidir le radaighníomhaíocht i bhfoinsí uisce óil, a chuimseoidh soláthairtí uisce bhuidéalaithe.

- *Radaighníomhaíocht i bhfoinsí screamhuisce*

  Cuireadh i gcrích an staidéar náisiúnta ar radaighníomhaíocht i soláthairtí screamhuisce sa bhliain 2012. Cuireadh an staidéar seo i gcrích i gcomhar leis an EPA, agus is é seo an chéad staidéar cuimsitheach ar leibhéil radaighníomhaíochta i soláthairtí screamhuisce óil in Éirinn. I gcás na soláthairtí go léir bhí siad ag cloí leis na ceanglais faoin gCreat-treoir Uisce. Bhí tuarascáil iomlán leis na torthaí le foilsiú sa bhliain 2012 ach cuireadh foilsiú na tuarascála sin siar go dtí 2013.

Gníomhaíochtaí eile le linn 2012

Foilsíodh tuarascáil le torthaí an chláir monatóireachta comhshaoil le haghaidh 2010 agus 2011 i mí na Nollag 2012. Anuas air sin, foilsíodh tuarascáil i mí an Mhárta 2012 a dhírigh go sonrach ar thorthaí fhreagra monatóireachta agus measúnaithe comhshaoil an RPII ar thubaiste Fukushima ar dháta bliain ón lá ar tharla an Crith Talún Mór ar Chósta Thoir na Seapáine agus an súnámaí a d'eascair uaidh sin.

Rinne foireann an RPII cur i láthair ar obair a bhain leis an gclár monatóireachta ag fóraim éagsúla le linn 2012:

I measc na bhfóram sin bhí:

- An 13ú Comhdháil ag an gCumann Idirnáisiúnta um Chosaint Radaíochta i nGlaschú– rinne foireann an RPII cur i láthair ar obair chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar Éirinn a bheadh ag scaoileadh amach measta ó stáisiúin núicléacha bheartaithe sa Bhreatain agus an freagra ar thubaiste Fukushima.

- Cruinniú bliantúil Chumann Taighde Radaíochta na hÉireann i mBaile Átha Cliath– rinne foireann an RPII cur i láthair ar ghníomhaíochtaí a bhain le tuarascáil dáileog an daonra. Chomh maith leis sin, bhronn an RPII duais ar Gordon Sands, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, don chur i láthair is fearr a rinne mac léinn. Ba é "A novel method to examine risk in Brachytherapy Mammosite using IDEFØ diagrams" teideal an chuir i láthair.

Sa bhliain 2012, chuir an RPII tús le forbairt córais nua TF chun sonraí monatóireachta an RPII a stóráil. Is iad príomhchuspóirí an chórais cartlannú a dhéanamh ar gach tomhas ar radaighníomhaíocht chomhshaoil in Éirinn in aon áit amháin ionas go mbeidh siad inrochtana go héasca le húsáid i ngníomhaíochtaí taighde. Sa bhliain 2012, forbraíodh bunachar sonraí fréamhshamhla agus córas faisnéise geografaí (GIS). Cuireadh tús le hobair freisin chun tomhais stairiúla a iompórtáil.

Nochtadh ar an láthair oibre ó thomhais dáileogmhéadair

Le linn 2012, rinne Seirbhís Dáileogmhéadrachta an RPII monatóireacht ar a mhéid is a bhí tuairim is 7000 oibrí indibhidiúil faoi lé na radaíochta ianúcháin. Astusan a ndearnadh monatóireacht orthu, bhí 126 duine nó 1.8% a raibh taifeadadh coirp uile acu ag pointe éigin i rith na bliana a sháraigh an leibhéal uasta tuairiscithe de 0.1 mSv. As na daoine sin, bhí 25 oibrí in earnálacha an leighis, na tréidliachta nó na tionsclaíochta a fuair dáileoga a sháraigh an teorainn dáileoige do bhaill den phobal de 1 mSv. Rinneadh monatóireacht ar 216 oibrí indibhidiúil ag úsáid dáileogmhéadar le haghaidh na mball forimeallach, agus as an líon sin bhí 104 duine tar éis dáileoga intomhaiste sna baill fhorimeallacha a fháil. Bhí an dáileog baill fhorimeallaigh is airde de 38.1 mSv faighte ag fisiceoir leighis ar an lámh dheas.

I gcás na n-oibrithe go léir a ndearnadh monatóireacht orthu le linn 2012, bhí na dáileoga éifeachtacha bliantúla don chorp iomlán níos lú ná 6 mSv in aghaidh an duine, arb é sin an leibhéal dáileoige arna leagan síos in i.R. Uimh. 125 de 2000 le haghaidh aicmiú oibreoirí Chatagóir A. I ngach cás bhí na dáileoga a tomhaiseadh i bhfad níos ísle ná an teorainn bhliantúil dáileoige de 20 agus 500 mSv don chorp iomlán agus do bhaill fhorimeallacha, faoi seach.

Seirbhísí tomhais radaíochta

Cuireann saotharlann an RPII seirbhísí speisialtóireachta tomhais radaíochta ar fáil, lena n-áirítear seirbhísí anailíseacha, dáileogmhéadracht phearsanta, calabrú uirlisí, tomhas radóin agus deimhniú táirgí. Cuirtear na seirbhísí seo ar fáil do raon leathan custaiméirí, lena n-áirítear custaiméirí san earnáil tionsclaíochta, san earnáil sláinte, san earnáil oideachais, i ngníomhaireachtaí eile stáit agus don phobal i gcoitinne. Feidhmíonn saotharlann anailíseach an RPII mar a bheadh lárionad náisiúnta chun tomhas a dhéanamh ar radaighníomhaíocht sa chomhshaol agus i samplaí bia-ábhair. I bhfianaise chumais anailíseacha speisialtóireachta na saotharlainne, is cuid ríthábhachtach an tseirbhís seo sna socruithe atá ann don fhreagra náisiúnta ar éigeandáil.

Tá an RPII tiomanta d'ardchaighdeáin a choinneáil ina sheirbhísí uile, de réir riachtanais na gcustaiméirí agus de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr. Tá deimhniú ISO 17025 ag an tsaotharlann ó Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) agus glacann sí páirt i raon leathan de thástálacha inniúlachta agus i scéimeanna idirchomparáide, ag cuimsiú a seirbhísí go léir. Glacann an tsaotharlann páirt freisin i ngrúpaí saineolaithe agus i líonraí atá bainteach lena cuid oibre, chun a chinntiú go bhfuil na modhanna a úsáideann sí ina modhanna chun dáta agus a chloíonn leis an gcleachtas idirnáisiúnta a nglactar leis. I mí Dheireadh Fómhair 2012, d'óstáil an RPII cruinniú bliantúil an Ghrúpa um Monatóireacht Radaíochta Pearsanta (PRMG), atá ina líonra de phiaraí neamhspleácha de shaotharlanna dáileogmhéadrachta pearsanta atá ag feidhmiú ar fud na Breataine agus na hÉireann.

Forbairt thar a bheith suntasach don RPII le linn 2012 ná gur cuireadh deireadh lena sheirbhís dáileogmhéadrachta pearsanta agus sannadh freagrachtaí nua don RPII i ndáil le faomhadh seirbhísí dáileogmhéadrachta atá ag feidhmiú in Éirinn. Tá an t-athrú seo ag teacht leis an ngealltanas a tugadh i *bPlean Straitéiseach an RPII 2011-2013* faoi thosaíocht straitéiseach 1 nár chóir don RPII seirbhísí a sholáthar ach amháin i gcás go bhfuil siad ag baint amach an luach is fearr ar airgead poiblí. Glactar leis go forleathan anois go bhfuil dáileogmhéadracht phearsanta ar fáil go forleathan san earnáil phríobháideach agus, dá bhrí sin, nach croí-inniúlacht é sin ag an RPII. Tugadh aitheantas freisin, leis an ngníomh seo, do mhodh níos foirmiúla d'fhaomhadh seirbhísí dáileogmhéadrachta atá ag feidhmiú in Éirinn.

Athraíodh ról an RPII ó bheith ina sholáthraí seirbhíse dáileogmhéadrachta go rialtóir ar sheirbhísí dáileogmhéadrachta in Éirinn. Mar chuid den athrú sin, thug an RPII isteach modh chun seirbhís dáileogmhéadrachta a fhaomhadh, agus faomhadh sé cinn de sheirbhísí dáileogmhéadrachta sa bhliain 2012.

Dáileogmhéadracht phearsanta

D'eisigh Seirbhís Dáileogmhéadrachta an RPII tuairim is 65,000 dáileogmhéadar coirp uile le linn na bliana 2012, agus bhí sin ina laghdú de bhreis is 10,000 ar an líon a eisíodh sa bhliain 2011. Eisíodh tuairim is 3200 dáileogmhéadar baill fhorimeallaigh agus 330 dáileogmhéadar neodróin sa bhliain 2012, a bhí cóngarach don líon a eisíodh sa bhliain 2011 (3100 agus 330, faoi seach).

Tharla an laghdú ar líon na ndáileogmhéadar coirp uile a eisíodh go príomha toisc go raibh laghdú ar an líon daoine ag obair in earnáil na fiaclóireachta a rabhthas á monatóiriú. Sa bhliain 2011, d'fhoilsigh Seirbhís Rialála an RPII ráiteas chun dáta maidir lena seasamh i leith úsáid na dáileogmhéadrachta pearsanta i raideolaíocht fiaclóireachta. De réir an bheartais nua seo, a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh, níl dáileogmhéadracht éigeantach a tuilleadh i raideolaíocht fiaclóireachta, i gcás gur léirigh measúnú riosca, arna chur i gcrích ag an gComhairleoir um Chosaint Radaíochta (RPA) nach dócha go mbeidh aon bhall foirne indibhidiúil faoi lé dáileoige a sháraíonn 1 mSv in aon tréimhse 12 mhí. Tá éifeacht an athraithe seo ar líon na n-oibrithe fiaclóireachta a raibh monatóireacht ar siúl orthu le feiceáil go soiléir i bhFíor 7.

Fíor 7: Líon na n-oibrithe san earnáil fiaclóireachta a raibh Seirbhís Dáileogmhéadrachta an RPII á monatóiriú



Socruithe nua náisiúnta do sholáthar seirbhísí dáileogmhéadrachta

Ag teacht le *Plean Straitéiseach an RPII 2011-2013*, d'athraigh ról an RPII i ndáil le soláthar seirbhísí dáileogmhéadrachta go suntasach ó bheith ina sholáthraí díreach seirbhíse chuig ról rialaitheora seirbhísí dáileogmhéadrachta atá ag feidhmiú in Éirinn. Seo a leanas na hathruithe sonracha:

- Cuirfidh an RPII deireadh lena sheirbhís dáileogmhéadrachta ag deireadh na bliana 2012;
- Daingneofar go suntasach an córas atá ann faoi láthair chun seirbhísí dáileogmhéadrachta a fhaomhadh in Éirinn agus is é an RPII an foras a dhéanfaidh an faomhadh ar na seirbhísí sin agus
- Bunóidh an RPII Clár Náisiúnta Dáileog.

Dúnadh Sheirbhís Dáileogmhéadrachta an RPII

Tar éis daichead bliain ag feidhmiú, d'eisigh an tSeirbhís Dáileogmhéadracha a dáileogmhéadair dheireanacha dá custaiméirí i mí na Nollag 2012. Ar na nithe is mó a raibh ar RPII iad a bhreithniú agus é ag bainistiú dhúnadh na seirbhíse seo bhí gá íoslaghdú a dhéanamh ar an gcur isteach do chustaiméirí na seirbhíse. Mar sin, cuireadh raon beart i bhfeidhm chun a chinntiú go dtarlódh an t-aistriú chuig na soláthraithe seirbhíse nua leis an gcur isteach is lú agus ab fhéidir. Ar dtús cuireadh custaiméirí ar an eolas i mí Aibreáin 2012 go rabhthas chun an tseirbhís a dhúnadh síos, agus ina dhiaidh sin cuireadh eolas rialta chun dáta ar fáil dóibh faoin bpróiseas le linn na bliana. I gcás gur iarr custaiméir é, aistríodh sonraí maidir le riachtanais an chustaiméara go leictreonach chuig na soláthraithe seirbhíse nua. Chomh maith leis sin, chuir an RPII deasc chabhrach ar fáil chun cúnamh teicniúil a sholáthar do chustaiméirí agus iad ag déanamh na socruithe leis na soláthraithe nua.

Ag daingniú an chórais chun faomhadh a dhéanamh ar sheirbhís dáileogmhéadrachta atá ag feidhmiú in Éirinn

I mí Bealtaine 2012, shínigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil rialacháin leasúcháin (I.R. Uimh. 152 de 2012) chun creat nua a bhunú le faomhadh a dhéanamh ar sheirbhís dáileogmhéadrachta atá ag feidhmiú in Éirinn. Faoin gcreat nua seo, is gá do sheirbhísí dáileogmhéadrachta atá feidhmiú in Éirinn, ó 2013 amach, faomhadh a fháil ón RPII, agus is gá don RPII ansin clár de sheirbhísí faofa a choinneáil. Tá na socruithe nua seo ann lena chinntiú gur féidir le gach duine a úsáideann radaíocht ianúcháin in Éirinn leas a bhaint as seirbhísí dáileogmhéadrachta a bhfuil a gcáilíocht dearbhaithe.

I mí an Mheithimh, d'fhoilsigh an RPII critéir theicniúla le haghaidh Seirbhísí Faofa Dáileogmhéadrachta (ADS) maille le treoirlínte d'iarratasóirí. Tá na critéir theicniúla seo bunaithe ar mholtaí teicniúla an Choimisiúin Eorpaigh maidir le monatóireacht a dhéanamh ar dhaoine a bhíonn faoi lé na radaíochta seachtraí ina gcuid oibre. Sonraítear sna treoirlínte sraith de choinníollacha don fhaomhadh agus cuirtear síos iontu ar mhodh chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcritéar sin. Le linn 2012, faomhadh sé cinn de sheirbhísí dáileogmhéadrachta faoi na socruithe nua.

Deimhníodh **3874** táirge do chuideachtaí Éireannacha a dhéanann bia agus earraí cógaisíochta a easpórtáil chuig tíortha lasmuigh den Aontas Eorpach, ag cuidiú le ceanglais iompórtála a chomhlíonadh.

An Clár Náisiúnta Dáileog

Sa bhliain 2012, bhunaigh an RPII an Chéad Chlár Náisiúnta Dáileog (NDR), a bheidh ina fhoinse faisnéise staitistiúla maidir le dáileadh agus treochtaí dáileog d'oibrithe a bhíonn faoi lé na radaíochta mar chuid dá gcleachtas oibre, dá ngníomhaíocht ag an obair etc. Mar sin, cuirfidh an clár aiseolas tábhachtach ar fáil maidir le tionchar an chórais ar chosaint raideolaíoch in Éirinn. Chomh maith leis sin, cuirfidh an NDR modh ar fáil chun tiomsú a dhéanamh ar thuarascálacha náisiúnta d'eagraíochtaí idirnáisiúnta dála Coiste Eolaíochta na Náisiún Aontaithe maidir le hÉifeachtaí na Radaíochta Adamhaí (UNSCEAR) agus an Coimisiún Eorpach.

Áirítear sa chritéar chun seirbhísí dáileogmhéadrachta a fhaomhadh ceanglas go gcuirfidh an ADS sonraí ar fáil maidir le monatóireacht phearsanta i bhformáid leictreonach don NDR gach bliain. Aistreofar sonraí dáileog arna dtaifeadadh ag ADS sa bhliain 2102 chuig an NDT faoi mhí Lúil na bliana 2013, agus ina dhiaidh sin, gach bliain i mí Lúil.

Seirbhís Calabrúcháin

Cuirfidh an tSeirbhís Calabrúcháin seirbhís calabrúcháin ar fáil do raon uirlisí cosanta radaíochta, lena n-áirítear méadair suirbhéireachta, méadair éilliúcháin, agus dáileogmhéadair phearsanta leictreonacha. Le linn 2012, rinne Seirbhís Calabrúcháin an RPII tástáil ar 452 uirlis chun a fháil amach an raibh siad géilliúil do shonraíochtaí cuí an déantóra.

I mí Eanáir 2012, tugadh isteach roinnt feabhsúchán ar an tseirbhís, lena n-áirítear an Córas um Bainistiú Faisnéise Saotharlainne (LIMS) chun logáil a dhéanamh ar uirlisí, chun sonraí calabrúcháin a thaifeadadh agus chun teastais calabrúcháin a eisiúint. Déanann úsáid LIMA cuíchóiriú ar thaifeadadh sonraí agus cuireann sé feabhas ar na gnéithe riaracháin a bhaineann leis an tseirbhís. I mí an Mheithimh 2012, d'eisigh an tSeirbhís Calabrúcháin doiciméad treorach chun dáta dá custaiméirí, inar sonraíodh na gnáthaimh chuíchóirithe, ag cuimsiú sceidealú na gcalabrúchán agus iompar na n-uirlisí chuig an RPII agus ón RPII.

Tomhas radóin

Sa bhliain 2012, eisíodh tuairim is 7100 braiteoir radóin a cuireadh chuig 2194 teach agus 373 láthair oibre. Feictear i bhFíor 8 go raibh an líon a eisíodh sa bhliain 2012 tite go suntasach ón mbuaicphointe, a tharla sa bhliain 2010, chuig meánluachanna bliantúla níos tipiciúla. Meastar go bhfuil laghdú na ndíolachán braiteoirí radóin ina léiriú ar na deacrachtaí reatha eacnamaíochta atá ag a lán teaghlach faoi láthair. Baineann na buaicphointí sa bhliain 2010 freisin leis an méid clúdaigh a bhí á thabhairt ag an meáin náisiúnta do cheist an radóin an bhliain sin.

Fíor 8: Líon na mbraiteoirí radóin a eisíodh le haghaidh tithe agus láithreacha oibre idir 2007 agus 2012



Seirbhísí Anailíseacha

Déanann an RPII radaighníomhaíocht a thomhas i raon leathan bia-ábhar agus i samplaí comhshaoil. Déantar an obair sin mar chuid de chlár monatóireachta comhshaoil an RPII agus ar bhonn conartha thar ceann cliaint sheachtracha. Ar na seirbhísí anailíseacha ar conradh a chuir an RPII ar fáil le linn 2012 bhí tástáil ar tháirgí Éireannacha chun a chinntiú go raibh siad ag comhlíonadh na gceanglas atá ar thíortha a dhéanann bia a iompórtáil; tástáil ar uisce óil chun a chinntiú go bhfuil sé ag cloí le ceanglais na rialachán ón gCoimisiún Eorpach; tástáil ar thrialacha cuimilte le haghaidh foinsí radaighníomhaíochta; tástáil ar shamplaí dreidireachta chun a chinntiú go bhfuil siad ag comhlíonadh na gceanglas faoin Acht um Dhumpáil ar Farraige, 1996, agus tomhas an radóin in uisce óil. San iomlán, rinneadh tástáil ar 1105 sampla le linn na bliana, 531 mar chuid den chlár monatóireachta agus 574 ar conradh.

Cuireann an RPII seirbhís deimhniúcháin ar fáil do dhaoine a easpórtálann bia-ábhar Éireannach agus táirgí eile. Eisíodh 3874 deimhniúchán le haghaidh táirgí sa bhliain 2012. Seo i gcomparáid le 3893 sa bhliain 2011 agus 3198 sa bhliain 2010, rud a léiríonn nár athraigh an t-éileamh mórán don tseirbhís seo le cúpla bliain anuas. Léirítear i dTábla 4 an líon deimhniúchán táirgí a eisíodh in aghaidh na bliana ó bhí 2009 ann.

Cuireadh i gcrích suirbhé ar leibhéil na **radaighníomhaíochta nádúrtha in uisce buidéalaithe na hÉireann**, agus luadh leibhéil bhonnlíne radaighníomhaíochta in uisce buidéalaithe na hÉireann mar chomparáid le leibhéil uasta mholta d'uisce óil.

Bunaíodh Clár Náisiúnta Dáileog chun dáileoga **radaíochta gairme** a thaifeadadh i measc daoine atá ag obair in Éirinn agus a fhaigheann na dáileoga sin.

Tábla 4: Líon na samplaí a ndearnadh anailís orthu agus líon na ndeimhniúchán táirgí a eisíodh 2009-2012

Bliain	Samplaí a ndearnadh monatóireacht orthu sa chlár monatóireachta	Samplaí a ndearnadh anailís orthu ar conradh	Deimhniúcháin táirgí eisithe
2009	661	627	3301
2010	934[1]	688	3198
2011	701	594	3893
2012	531[2]	574	3874

[1] Áiríodh i measc na samplaí a ndearnadh anailís orthu sa bhliain 2010 breis is 200 sampla a bailíodh mar chuid den tionscadal um measúnú screamhuisce.

[2] I gcás roinnt samplaí rinneadh anailísí iomadúla orthu. Mar thoradh ar athruithe i mbainistiú an chláir monatóireachta, bailítear níos lú samplaí anois ach déantar níos mó anailísí ar gach sampla.

Ullmhacht d'éigeandáil

Ag teacht leis an tosaíocht straitéiseach saineolas, cumas teicniúil agus faisnéis a sholáthar atá riachtanach chun pobal agus comhshaol na hÉireann a chosaint, ceann de na cuspóirí ag an RPII ná a chroí-inniúlacht freagartha d'éigeandáil a dhaingniú, agus tacú le gníomhaíochtaí náisiúnta pleanála. Déantar cothú agus daingniú ar inniúlacht an RPII freagairt d'éigeandáil trí chórais freagartha a chothabháil; trí fhoireann a thraenáil; trí pháirt a ghlacadh i gcleachtaí éigeandála agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar a fhreagra d'éigeandálaí.

Foilsíodh tuarascáil an RPII maidir lena fhreagra monatóireachta agus measúnaithe comhshaoil **ar thubaiste Fukushima**.

Ról an RPII i bPleananna Náisiúnta Éigeandála

Mar chuid den fhreagra náisiúnta d'éigeandáil fhorleathan raideolaíoch bheadh gá acmhainní agus saineolas a shlógadh i measc raon leathan d'údaráis áitiúla agus de ghníomhaireachtaí sa Stát. Déanann Grúpa Comhordúcháin an Phlean Náisiúnta Éigeandála um Thimpistí Núicléacha (NEPNA) comhordú ar fhreagra na hÉireann do thubaiste núicléach, agus is é an DEGLG an phríomhroinn rialtais ar an ngrúpa sin agus tá an RPII i measc na bpríomhghníomhaireachtaí don chomhairle theicniúil.

Seo a leanas na róil arna sannadh don RPII faoin NEPNA:

- Cothabháil a dhéanamh ar shocruithe don rabhadh luath agus chun córas d'oifigeach ar dualgas a reáchtáil agus feidhmiú mar an tÚdarás Inniúil Náisiúnta le haghaidh Choinbhinsiúin Luathfhógra agus Cúnaimh an EC agus an IAEA;
- Cothabháil a dhéanamh ar an Líonra Monatóireachta Radaíochta Náisiúnta;
- Na hinniúlachtaí riachtanacha a fhorbairt agus a chothabháil a mbeadh gá leo chun measúnuithe teicniúla a dhéanamh ar thubaistí féideartha agus ar a n-iarmhairtí raideolaíocha d'Éirinn;

- Saotharlann náisiúnta a chothabháil ina ndéanfaí leibhéil na radaighníomhaíochta sa chomhshaol a tomhas;
- Idirchaidreamh a dhéanamh le heagraíochtaí eile chun a fháil amach cad iad na socruithe atá ar bun acusan chun samplaí a bhailiú ón gcomhshaol agus ó bhia-ábhar agus chun comhordú a dhéanamh ar bhailiú samplaí i gcás éigeandála;
- Soláthar le haghaidh dheimhniú na leibhéal radaighníomhaíochta i mbia-ábhar agus i dtáirgí eile i gcás éigeandála;
- Cuidiú le Seirbhís Faisnéise an Rialtais agus leis an nGrúpa Náisiúnta Comhordúcháin faisnéis a ullmhú le cur ar fáil don phobal agus do na meáin agus
- Comhairle a sholáthar don Ghrúpa Náisiúnta Comhordúcháin agus do ranna rialtais maidir leis na bearta cosantachta féideartha chun íoslaghdú a dhéanamh ar na dáileoga radaíochta do phobal na hÉireann.

Faoin NEPNA, tá an RPII freagrach as measúnú teicniúil a dhéanamh ar na hiarmhairtí a bheadh ag eascairt as aon tubaiste núicléach a bhféadfadh tionchar bheith acu ar Éirinn. Chuige seo, tá dhá shamhail neamhspleácha ag an RPII don scaipeadh atmaisféarach ionas gur féidir a thuar conas a bhogfaidh radanúiclídí timpeall agus conas mar a thuirlingeoidís sa chomhshaol. Tá leas ar leith le baint as an obair samhaltaithe sula mbeadh samplaí ar fáil le tomhas i gcás go scaoilfí radanúiclídí san atmaisféar nach rabhthas ag súil leo.

Rinneadh uasghrádú mór ar cheann amháin den dá uirlis samhaltaithe atá in úsáid ag an RPII sa bhliain 2012. Is uirlis samhaltaithe é an Córas Tacaíochta Cinnidh ARGOS (Córas Oibríochtúil um Thuairisciú agus Treorú Tubaiste), atá in úsáid ag an RPII ó bhí 2001 ann. Cuireadh an córas seo in oiriúint do riachtanais freagartha na hÉireann agus, i measc rudaí eile, ag céimeanna éagsúla de thubaiste chun:

- An tionchar a d'fhéadfadh bheith ag an tubaiste ar shláinte phobal na hÉireann a thuar, chomh maith leis na hiarmhairtí d'earnálacha táirgeachta bia agus talmhaíochta na hÉireann (an méid radachuir agus na leibhéil éilliúcháin sa bhiashlabhra);
- Tacú leis an RPII chun comhairle a chur ar Rialtas na hÉireann agus chun roghanna éagsúla cosantacha a chur i bhfeidhm;

- Faisnéis agus sonraí a roinnt agus
- Foireann an RPII a thraenáil ionas go mbeidís ina ann freagairt go héifeachtach d'éigeandáil.

Tugadh chun dáta freisin sa bhliain 2012 na gnáthaimh atá ann chun an tsamhail fadraoin um scaipeadh aeir a úsáid, bunaithe ar an taithí iad a úsáid tráth a rabhthas ag freagairt do thubaiste Fukushima sa bhliain 2011.

Córais rabhaidh éigeandála

Tá dhá chóras neamhspleácha ar bun chun fógra gasta a thabhairt agus chun faisnéis a mhalartú go práinneach i gcás go dtarlódh éigeandáil raideolaíoch a mbeadh tionchar aige ar bhonn trasteorann. Déanann an IAEA córas a fheidhmiú i Vín (EMERCON) agus déanann an EC ceann a fheidhmiú i Lucsamburg (ECURIE). Tá siad i bhfeidhm an t-am ar fad agus déantar tástáil agus nuashonrú orthu go rialta. I gcás na dteachtaireachtaí a chuireann na córais seo amach tá leibhéil éagsúla práinne ag baint leo ó "fhaisnéis" go "foláireamh". I mí na Nollag 2012, rinne an EC athsholáthar ar a chóras tuairiscithe d'éigeandáil raideolaíoch inar úsáideadh facsanna roimhe seo agus tá córas nua gréasánbhunaithe ann anois (WebECURIE). Le linn 2012, bhí foireann an RPII páirteach i dtástáil an chórais seo sular scaoileadh beo é. Mar chuid den iarracht seo glacadh páirt i dtrí cinn de thrialacha EC ar WebECURIE agus cuireadh aiseolas ar fáil don Choimisiún. Tá baill foirne lárnacha ar leith san RPII oilte anois ar conas a oibríonn na córais ghréasánbhunaithe EMERCON agus ECURIE.

An Líonra Náisiúnta Monatóireachta Radaíochta

Tá Líonra Náisiúnta Monatóireachta Radaíochta i bhfeidhm ag an RPII, le cúnamh ó Met Éireann agus roinnt údarás áitiúil (Fíor 9). Cuireann an líonra seo tomhas leanúnach ar fáil den ráta dáileog comhthimpeallach gáma; déanann sé sampláil aeriompartha ionas gur féidir an radaighníomhaíocht san aer a thomhas agus bailíonn sé samplaí báistí. Le linn 2012, rinneadh an ráta dáileog comhthimpeallach gáma a thomhas ag 15 stáisiún agus rinneadh an radaighníomhaíocht san aer a thomhas ag 11 stáisiún. Mar atá sonraithe sa rannóg den tuarascáil seo a dhéileálann le nochtadh phobal na hÉireann don radaíocht (féach leathanach 24), níor tomhaiseadh aon leibhéil mhéadaithe le linn 2012 de ráta dáileog comhthimpeallach gáma thar na luaineachtaí a tharlaíonn sa ghnáthchúrsa i leibhéil chúlra.

Ghlac an RPII páirt i 12 chleachtadh idirnáisiúnta éigeandála agus i gcleachtadh amháin náisiúnta.

Fíor 9: An Líonra Náisiúnta Monatóireachta Radaíochta

Cleachtaí éigeandála

Reáchtálann an RPII clár bliantúil de chleachtaí éigeandála ionas go bhfanfadh an fhoireann saineolach ar na cúrsaí seo. I measc na gcleachtaí sin déantar réamhchleachtadh ar ghnéithe éagsúla de phleananna éigeandála an RPII, mar shampla fógra tosaigh ón oifigeach den RPII atá ar dualgas; measúnú ar thubaiste shamaltaithe núicléach ag úsáid uirlisí réamhaisnéise ríomhaire; úsáid na nasc cumarsáide leis an Ionad um Chomhordú Éigeandála Náisiúnta agus úsáid na gcóras idirnáisiúnta fógra agus faisnéise. Ghlac an RPII páirt i gceithre chleachtadh idirnáisiúnta arna n-eagrú ag an nGníonhaireacht Idirnáisúnta Fuinnimh Adamhaigh (cleachtaí ConvEx); ceithre chleachtadh arna n-eagrú ag an gCoimisiún Eorpach (cleachtaí ECURIE); trí chleachtadh chun an córas fógra nua de chuid an EC a thástáil sular seoladh é agus cleachtadh amháin chun tástáil a dhéanamh ar Chomhaontú Luathfhógra na Breataine-na hÉireann.

Dhírigh dhá cheann de na cleachtaí sin ar thástáil a dhéanamh ar an tuairisciú agus ar na gnáthaimh chun cúnamh a lorg trí chóras an IAEA. Sa chéad chleachtadh, i mí Iúil 2012, rinneadh samhaltú ar thubaiste ag stáisiún núicléach sa tSlóivéin. Cuireadh fógra agus iarratas ar chúnamh amach chuig gach Ballstát. Mar chuid de fhreagra an RPII thairg Éire cúnamh don tSlóivéin i bhfoirm inniúlachtaí breise samplála comhshaoil. I mí Mheán Fómhair 2012, reáchtáladh cleachtadh de chás samplach ina bhfuarthas trucail le drámh-mhiotal éillithe ag Port Bhaile Átha Cliath. Mar chuid den chleachtadh seo ba ghá an teagmhas a thuairisciú don IAEA agus cúnamh a lorg le bith-dháileogmhéadracht chun sampla fola a thógáil ó thiománaí na trucaile. Bhí na cleachtaí úsáideach sa mhéid go raibh foireann an RPII in ann cleachtadh a fháil ar úsáid an chórais, idir fhreagairt agus thuairisciú.

Cuireadh i gcrích prótacal náisiúnta chun freagairt do CBRN (teamhais dhochracha cheimiceacha-Bhitheolaíocha-Raideolaíocha-Núicléacha) sa bhliain 2011. In 2012, ghlac an RPII páirt i gcleachtadh éigeandála ar an bprótacal seo. Ba é ról an RPII sainchomhairle a sholáthar maidir le ceisteanna radaíochta do na freagróirí ar an láthair.

Ghlac saineolaí ón **RPII páirt in athbhreithniú piaraí ar na "Tástálacha Struis"** a rinneadh ar stáisiúin núicléacha, mar chuid de na freagrachtaí atá ar an RPII **monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí thar lear i réimse na sábháilteachta núicléiche.**

Gníomhaíochtaí eile náisiúnta agus idirnáisiúnta

Cuireann an RPII traenáil maidir le héigeandálaí radaíochta agus raideolaíocha ar fáil d'eagraíochtaí náisiúnta eile amhail Cosaint Shibhialta agus na Seirbhísí Dóiteáin. Cuidíonn seo leis na heagraíochtaí sin bheith in ann freagairt go sábháilte agus go héifeachtach do theagmhais ina bhfuil radaighníomhaíocht i gceist. Sa bhliain 2012, cuireadh traenáil ar fáil d'Oifigigh Dóiteáin maidir le hÁbhar Guaiseach.

Ó bhí 2009 ann, ghlac an RPII páirt i ngrúpa saineolaithe, a bhfuil an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ina cathaoirleach air, chun lámhleabhar a ullmhú maidir le freagairt bia agus talmhaíochta d'éigeandáil núicléach. I measc na rannpháirtithe eile ar an sainghrúpa seo tá an FSAI, an DECLG, an EPA agus an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara. Sa bhliain 2012, cuireadh i gcrích an lámhleabhar um fhreagairt d'éigeandáil núicléach ó thaobh bia/talmhaíochta de. Is é aidhm an lámhleabhair seo, a thagann faoi raon an Phlean Náisiúnta Éigeandála do Thimpistí Núicléacha (NEPNA), cúnamh a sholáthar d'údaráis phoiblí na hÉireann agus iad ag bainistiú an tionchair a d'fhéadfadh bheith ag tubaistí núicléacha nó raideolaíocha (thar lear) ar an earnáil talmhaíochta, ar tháirgeadh sábháilte bia in Éirinn agus ar dhiúscairt shábháilte an ábhair éillithe. Reáchtáil an RPII cúrsa athnuachana do bhaill an ghrúpa saineolaithe maidir le haistriú radaighníomhaíochta i mbiashlabhra na hÉireann tar éis tubaiste núicléach.

Glacann an RPII páirt i roinnt grúpaí idirnáisiúnta a bhaineann le hullmhacht d'éigeandáil núicléach agus raideolaíoch. Sa bhliain 2012, áiríodh ina measc Grúpa Oibre an NEA maidir le Cúrsaí Éigeandála Núicléacha (NEA-WPNEM) agus Údaráis Inniúla ECURIE. Is é aidhm na ngrúpaí seo an dea-chleachtas a roinnt ar a chéile agus treoir idirnáisiúnta agus socruithe a fhorbairt d'éigeandálaí núicléacha. Le linn 2012, bhí ball foirne ón RPII ag Feidhmiú mar Chathaoirleach ar an NEA-WPNEM.

Sábháilteacht áiseanna núicléacha thar sáile

Tá de fhreagracht ar an RPII monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí thar sáile i ndáil le hionaid núicléacha agus sábháilteacht núicléach agus comhairle a chur ar an Rialtas maidir leis na himpleachtaí a ghabhann leo d'Éirinn. Is é atá mar chuspóir straitéiseach ag an RPII sa réimse seo ná cur leis an bhforbairt ar chaighdeáin cosanta raideolaíochta agus sábháilteachta núicléiche go hidirnáisiúnta. Mar chuid den ról seo, agus ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil dearcthaí agus ábhair imní na hÉireann curtha san áireamh, déanann RPII ionadaíocht thar ceann na hÉireann ar fhóraim Eorpacha agus Idirnáisiúnta i gcás mórcheisteanna a bhaineann leis an tsábháilteacht núicléach. Ach go háirithe, tá an RPII tar éis leanúint de bheith páirteach go gníomhach san obair atá ar siúl ag an nGrúpa Eorpach Rialaitheoirí um Shábháilteacht Núicléach (ENSREG) agus ina gcuid oibre maidir leis an tsábháilteacht núicléach (lena n-áirítear reachtaíocht sa réimse seo) agus tionscnaimh chun feabhas a chur ar shocruithe follasachta.

Athbhreithniú piaraí ar thástálacha struis

I ndiaidh imeachtaí Fukushima i mí an Mhárta 2011, thosaigh Comhairle na hEorpa próiseas (Tástálacha Struis) chun athbhreithniú a dhéanamh ar shábháilteacht gach stáisiúin núicléach san Eoraip i 17 dtír éagsúla. Tháirg an Coimisiún Eorpach, le tacú ón nGrúpa Eorpach Rialaitheoirí um Shábháilteacht Núicléach (ENSREG), critéir agus plean don obair seo. Chuir an próiseas de cheangal ar oibreoirí stáisiún núicléach (NPP) athmheas a dhéanamh ar shábháilteacht a stáisiún núicléach sa chás go dtarlódh imeachtaí tromchúiseacha iontu faoi mar a tharla ag Fukushima agus tuairisciú faoinar eascair ón obair. Go sonrach, féachadh sa phróiseas ar na trí thopaic seo a leanas: imeachtaí tosaigh (crith talún nó súnámaí); an tionchar a bhainfeadh le cailliúint feidhmeanna sábháilteachta (cailliúint na cumhachta leictrí, cailliúint na hacmhainne an croíleacán agus na linnte breosla a fhuarú) agus bainistíocht tubaistí tromchúiseacha. Rinne an rialaitheoir núicléach náisiúnta athbhreithniú ansin ar gach tuarascáil agus rinne trácht ar na torthaí agus d'aithin réimsí ar ghá tuilleadh oibre a dhéanamh orthu agus/nó feabhas a chur ar ghnéithe sábháilteachta na stáisiún. Chuir an rialaitheoir achoimre ar a chuid oibre faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ansin i bhfoirm "tuarascáil náisiúnta". Le linn 2012, rinneadh athbhreithniú piaraí ar gach ceann de na 17 dtuarascáil náisiúnta.

Cuireadh an próiseas athbhreithnithe piaraí i gcrích in dhá chéim. Sa chéad chéim, rinneadh athbhreithniú ar na tuarascálacha de réir topaicí agus rinne foirne athbhreithnithe imscrúdú ar gach ceann de na trí mhórcheist. Sa dara chéim, rinne saineolaithe idirnáisiúnta na tuarascálacha náisiúnta a athbhreithniú ina n-iomláine. Le linn na n-athbhreithnithe ar na tuarascálacha náisiúnta, bhí an deis ag na hathbhreithneoirí piaraí na mórcheisteanna a phlé le hoibreoirí na stáisiún agus na rialaitheoirí núicléacha sa tír. Bhí an deis ann chomh maith cuairt a thabhairt ar na stáisiúin núicléacha ábhartha chun maoirseacht a dhéanamh agus roinnt de na mórcheisteanna arna gclúdach sna tuarascálacha náisiúnta a dheimhniú. Mar bhall de ENSREG, ghlac an RPII páirt ghníomhach sa phróiseas Tástála Struis. Ghlac ball foirne an RPII páirt mar shaineolaí teicniúil san athbhreithniú piaraí a bhain le bainistíocht tubaistí agus i gcuairteanna chuig an Ísiltír agus chuig an Ríocht Aontaithe mar chuid den athbhreithniú piaraí.

Ghlac ENSREG agus an Coimisiún Eorpach tuarascáil maidir le torthaí na dtástálacha struis. Iad seo a leanas torthaí na tuarascála céanna:

- Tá gach tír tar éis céimeanna suntasacha a ghlacadh chun feabhas a chur ar shábháilteacht a stáisiún núicléach
- Táthar tar éis cinneadh nó machnamh a dhéanamh ar bhearta suntasacha chun treise na stáisiún a mhéadú. I measc na mbeart céanna, cuirfear trealamh soghluaiste breise ar fáil chun cosc nó maolú a dhéanamh ar thubaistí tromchúiseacha, suiteálfar trealamh seasta breise agus cuirfear feabhas ar bhainistíocht tubaistí tromchúiseacha chomh maith le bearta gaolmhara maidir le hoiliúint foirne.

Aithníodh ceithre phríomhréimse feabhais sa tuarascáil atá le breithniú ar leibhéal Eorpach, lena n-áirítear an easpa comhsheasmhachta maidir le measúnú a dhéanamh ar ghuaiseacha nádúrtha, an gá le measúnuithe sábháilteachta rialta a dhéanamh, agus cur i bhfeidhm na mbeart sábháilteachta a bhfuiltear ar an eolas fúthu cheana féin. Aithnítear chomh maith an gá le feabhas a chur ar bhearta cosanta cúnta amhail trealamh soghluaiste agus ionaid phráinnfhreagartha a chosaint in aghaidh guaiseacha nádúrtha tromchúiseacha, agus foirne agus trealamh tarrthála a bheith ar fáil chun tacaíocht mhear a sholáthar d'oibreoirí áitiúla.

De bhreis air sin, d'fhoilsigh ENSREG plean gníomhaíochta ag leanúint ón athbhreithniú piaraí ar na tástálacha struis a rinneadh ar stáisiúin núicléacha san Eoraip. Ba é a bhí mar aidhm ag an bplean gníomhaíochta ná a chinntiú go dtabharfadh rialaitheoirí náisiúnta agus ENSREG aghaidh ar na moltaí ón athbhreithniú piaraí ar na tástálacha struis ar bhealach comhsheasmhach. Tá gach Ballstát a ghlac páirt sa phróiseas Tástála Struis tar éis Plean Gníomhaíochta Náisiúnta a ullmhú ina sainítear na ceachtanna atá foghlamtha i ndiaidh na tubaiste ag Fukushima agus an stádas feidhmíochta do mholtaí ó na tástálacha struis. Cuireadh gach Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcrích roimh dheireadh 2012 agus tá siad ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin ENSREG. Beidh na Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta faoi réir cheardlann um athbhreithniú piaraí rialaitheora a bheidh ar siúl i mí Aibreáin 2013. Déanfar plé sa cheardlann ar ábhair agus ar stádas chur i bhfeidhm na bPleananna Gníomhaíochta Náisiúnta, agus beidh duine de bhaill foirne an RPII ar cheann de leaschathaoirligh na ceardlainne.

Athbhreithniú ar astaíochtaí ionchais ó dhearthaí nua na n-imoibreoirí núicléacha

Le blianta beaga anuas, táthar tar éis tosú ar stáisiúin núicléacha a thógáil nó a phleanáil i líon áirithe tíortha ar fud an domhain. Tarlaíonn seo tar éis tréimhse fhada, i ndiaidh Chernobyl, nach raibh mórán stáisiúin núicléacha á dtógáil. De bhreis air sin, bhí roinnt comhtháthaithe i measc dearthóirí agus díoltóirí stáisiún núicléach, atá tar éis cur le dearaí ardcheannasacha do stáisiúin núicléacha. Ar na fáthanna seo, d'aontaigh an Coiste um Chosaint Raideolaíochta agus Sláinte Pobail (CRPPH) de chuid na Gníomhaireachta um Fhuinneamh Núicléach (NEA) agus an OECD sa bhliain 2006 go mba chóir staidéar a dhéanamh ar na leibhéil ionchais scaoilte radaighníomhaigh sa timpeallacht ó stáisiúin núicléacha nua. Féachadh sa staidéar seo ar an tslí

a mbaintear úsáid as teicneolaíochtaí agus gnáis oibríochta nua chun scaoileadh radaighníomhach a íoslaghdú ó na dearaí d'imoibreoirí núicléacha atá i bhfeidhm faoi láthair ar fud an domhain.

Cuireadh an staidéar seo i gcrích i mí Eanáir 2012, agus tháinig comhlachtaí rialála núicléacha, díoltóirí stáisiún núicléach agus oibreoirí stáisiún núicléach le chéile ag an gceardlann seo chun plé agus soiléiriú breise a dhéanamh ar na mórcheisteanna éagsúla a bhaineann le scaoileadh radaighníomhach ó stáisiúin núicléacha nua. Rinne an CEO, mar Chathaoirleach an CRPPH, cur i láthair don cheardlann, agus chuir an RPII cathaoirleach ar fáil do cheann amháin de na seisiúin. Tá torthaí an staidéir seo foilsithe anois mar thuarascáil NEA. Chuir an obair seo léargas luachmhar ar fáil don RPII maidir leis an leibhéal scaoilte radaighníomhaigh a bhféadfaí a bheith ag súil leis ó aon stáisiún núicléach nua a d'fhéadfaí a thógáil amach anseo.

Sábháilteacht Núicléach sa Ríocht Aontaithe

Le linn 2012, lean an RPII de bheith ag déanamh mion-mhonatóireachta ar fhorbairtí ag Sellafield agus suíomhanna núicléacha eile sa Ríocht Aontaithe. Na príomhréimsí spéise ag an RPII ná na forbairtí ar fad a bhaineann le sábháilteacht núicléach ar an suíomh, ach go háirithe nuair a d'fhéadfadh go mbeadh rioscaí féideartha timpiste ann a mbeadh drochthionchar acu ar Éirinn.

Dúnadh stáisiún núicléach

Chuaigh an t-imoibreoir núicléach is sine ar domhan, aonad 1 ag Oldbury in Gloucestershire, as feidhm i mí Feabhra 2012. Bhí an t-imoibreoir Magnox i bhfeidhm le 44 bliain. Chuir oibreoirí an stáisiúin (Magnox Ltd.) deireadh iomlán leis an stáisiún 10 mí níos luaithe ná mar a bhíothas ag súil leis. Rinneadh an cinneadh toisc gur cheap na húinéirí nach raibh sé inmharthana ar bhonn eacnamaíoch leanúint de bheith á oibriú. Cuireadh stop le giniúint leictreachais i gceann amháin den dá imoibreoir Magnox i Stáisiún Núicléach Wylfa sa Bhreatain Bheag sa bhliain 2012. Leanfar den imoibreoir eile a úsáid go dtí Meán Fómhair 2014, beagnach ceithre bliana i ndiaidh an dáta dúnta tosaigh a bhí beartaithe don stáisiún. Tá an rialaitheoir sábháilteachta núicléiche sa Ríocht Aontaithe tar éis faisnéis a thabhairt don RPII maidir le pleananna dúnta Magnox.

Tarlóidh díchoimisiúnú ar na himoibreoirí dúnta anois. Thar an gcéad 10 mbliana eile, bainfear breosla núicléach spíonta de na himoibreoirí agus seolfar chuig Sellafield é lena athphróiseáil, agus déanfar na stáisiúin agus foirgnimh reatha, gan foirgneamh an imoibreora féin san áireamh, a scartáil agus a bhaint. I ndiaidh seo, rachaidh an suíomh isteach sa chéim "cúraim agus cothabhála" den díchoimisiúnú a mhairfidh 100 bliain eile. I rith na tréimhse seo, ní dhéanfar aon díchóimeáil shuntasach. Déanfar an suíomh a bhainistiú, a mhonatóiriú agus a chothabháil go sábháilte. Bíonn gá moill a chur ar réiteach an tsuímh mar is gá go dtiocfaidh meath ar na hábhair radaighníomhacha is guaisí, cóbalt-60 (a bhfuil leathré de chúig bliana aige) ach go háirithe, agus na leibhéil radaíochta d'oibrithe a íoslaghdú dá bharr. Táthar ag súil go mairfidh an chéim dheireanach den díchoimisiúnú, réiteach an tsuímh, thart ar ocht mbliana. Cuimsithe san obair seo tá díchóimeáil na bhfoirgneamh atá fágtha ar an suíomh, na himoibreoirí san áireamh, agus aon radaighníomhaíocht iarmharach eile a laghdú go dtí na caighdeáin is infheidhme.

Síntí ama do stáisiúin núicléacha

I mí na Nollag 2012, d'fhógair ceann de na comhlachtaí núicléacha sa Ríocht Aontaithe, EDF Energy, go raibh i gceist acu saol oibríochta a shíneadh i gcás ceithre cinn dá nImoibreoirí Gásfhuaraithe Forbartha (AGR). Bhíothas ag súil go ndúnfaí na himoibreoirí, péire ag Hinkley Point in iardheisceart Shasana agus péire eile ag Hunterstown in Albain, sa bhliain 2016. Ligfidh an UK Office for Nuclear Regulation (UK-ONR) do na himoibreoirí leanúint de bheith i bhfeidhm go dtí 2023 sa chás gur féidir le EDF Energy a léiriú go mbeidh sé slán a leithéid a dhéanamh. Tá an RPII ag déanamh monatóireachta go fóill ar fhorbairtí ag gach áis núicléach sa Ríocht Aontaithe.

Stáisiúin núicléacha nua sa Ríocht Aontaithe agus an iarmhairt radaighníomhach a d'fhéadfadh a bheith acu ar Éirinn

Sa bhliain 2010, d'fhógair rialtas na Ríochta Aontaithe pleananna forbartha do stáisiúin núicléacha nua ag ocht shuíomh i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (féach Fíor 10). Tá cúig cinn de na suíomhanna atá comharthaithe don fhorbairt fhéideartha faoi 2025 suite ar chósta Mhuir Éireann. Tá pleananna reatha na Ríochta Aontaithe dírithe ar na stáisiúin núicléacha

Fíor 10: Láthair na suíomhanna ina bhféadfaí stáisiúin núicléacha nua a thógáil agus na dearaí imoibreora atá pleanáilte faoi láthair (más eol amhlaidh)

a bheith i bhfeidhm roimh 2025. Rinneadh dul chun cinn i rith 2012 maidir le pleananna le stáisiúin núicléacha nua a thógáil sa Ríocht Aontaithe. Tá na stáisiúin sin an-ghar d'Éirinn agus, dá bhrí sin, tá mion-mhonatóireacht á déanamh ag an RPII ar na forbairtí seo. Tá an RPII tar éis tacaíocht theicniúil a chur ar fáil do DECLG maidir leis an mórcheist seo, mar shampla measúnuithe a reáchtáil ar na hiarmhairtí is dóchúla do chomhshaol na hÉireann de bharr na stáisiún. Cuireadh san áireamh sa mheasúnú scaoileadh radaighníomhach san aer agus sa mhuir ó na stáisiúin bheartaithe, idir ghnáthchoinníollacha oibríochta agus thubaistí. Cuimsíodh freisin forbhreathnú ar phleananna tógála nua atá beartaithe i gcomhthéacs dhearadh na n imoibreoirí atá á mbreithniú, prionsabail na sábháilteachta núicléiche agus na cosanta ar radaíocht, chomh maith leis an gcóras rialála atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe. Cuireadh samhaltú de scaoileadh radaighníomhach i gcrích le tacaíocht ó chomhghleacaithe i MET Éireann, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus an US National Oceanic and Atmospheric Administration.

Tagann an RPII le chéile le rialaitheoirí núicléacha an UK ar bhonn bliantúil, agus tá stáisiúin núicléacha nua i measc na mórcheisteanna a phléitear. Rinne UK-ONR agus an UK Environment Agency (UK-EA) deimhnithe go raibh glacadh leis an dearadh agus ráitis maidir le hinghlacthacht an deartha i ndáil le dearadh UK EPR a eisiúint go comhpháirteach i mí na Nollag 2012. Tharla seo i ndiaidh chur i gcrích an phróisis Mheasúnaithe ar Dhearadh Cineálach (GDA). Reáchtáladh an próiseas GDA thar thréimhse trí bliana, agus rinneadh measúnú ann ar dhearadh imoibreora féachaint an raibh an dearadh ag teacht le córas rialála an UK.

I mí na Samhna 2012, bhronn UK-ONR a chéad cheadúnas suímh le haghaidh stáisiún núicléach le 25 bliain anuas do EDF Energy dá stáisiún núicléach nua (dearadh EPR) atá beartaithe ag Hinkley Point in iardheisceart Shasana. Tá gá le tuilleadh ceada ó UK-ONR. De bhreis air sin, beidh gá le ceadúnais ón nGníomhaireacht Chomhshaoil mar aon le toiliú pleanála foirmiúil sular féidir tosú ar aon stáisiún núicléach a thógáil. Táthar ag súil go ndéanfaidh EDF Energy an cinneadh infheistíochta deiridh a fhógairt don tionscadal ag Hinkley Point sa bhliain 2013.

Faoi Airteagal 37 de Chonradh Euratom, tá de cheangal ar Bhallstáit pleananna diúscartha do dhramhaíl radaighníomhach a thuairisciú don Choimisiún Eorpach d'aon áis nua óna bhféadfadh éilliú tarlú in aon Bhallstát eile den Aontas Eorpach. Go dtí go bhfaightear tuairim an Choimisiúin, ní féidir údarú a thabhairt chun tús a chur leis an obair. I mí Feabhra 2012, fuair an dá imoibreoir Areva EPR ag EDF Energy, atá pleanáilte le tógáil ag Hinkley Point in Somerset, faomhadh ón gCoimisiún Eorpach faoi Airteagal 37.

Ghlac saineolaí ón RPII páirt in athbhreithniú piaraí ar na **"Tástálacha Struis"** a rinneadh ar stáisiúin núicléacha, mar chuid de na fhreagrachtaí atá ar an RPII monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí thar lear i réimse na sábháilteachta núicléiche.

Áis diúscartha geolaíochta

Sa bhliain 2008, thug Rialtas an UK cuireadh do phobail óstáil dheonach a dhéanamh ar áis diúscartha geolaíochta (GDF) a bheadh mar ionad d'fhuíollábhair radaighníomhacha ardleibhéil agus ar leibhéal meánach. Léirigh trí phobal as dhá cheantar in Cumbria spéis an áis seo a óstáil. Féadann ceantar tarraingt siar ón bpróiseas ag aon chéim go dtí go dtosaítear ar an obair thógála ar an ionad, agus, i mí Eanáir 2013, chinn Cumbria City Council tarraingt siar ón bpróiseas roghnúcháin suímh. Fiú nuair a dheimhnítear pobal deonach agus nuair a aimsítear geolaíocht oiriúnach sa cheantar, d'fhéadfadh tréimhse 15 bliana a bheith i gceist sula dtosófaí ar thógáil na háise. Tá súil ag Rialtas an UK áis diúscartha geolaíochta bheith i bhfeidhm faoi 2040. Leanfaidh an RPII orthu de mhonatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i leith na mórcheiste seo.

Sellafield

Leanann an RPII de mhonatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí ag suíomh Sellafield. Déantar teagmháil rialta leis an Office for Nuclear Regulation (UK-ONR) agus an UK Environment Agency (UK-EA). Déanann an dá chomhlacht sin faisnéis a chur ar fáil go díreach don RPII agus bíonn siad ag plé le hiarratais ar fhaisnéis ón RPII freisin. Thairis sin, lean an RPII de mhonatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn atá déanta ag Sellafield maidir le spriocanna ríthábhachtacha i ndáil leis an tsábháilteacht atá aitheanta i bPlean Feidhmíochta Sellafield. Cuirtear síos sa phlean seo ar an obair a bheidh ar siúl ar shuíomh Sellafield le linn a shaolré go ndúnfar é sa bhliain 2120.

I mí an Mhárta 2011, leag an Nuclear Decommissioning Authority (UK-NDA) amach roghanna maidir le stoc plútóiniam an UK ó fhoinsí sibhialta a úsáid nó chun déileáil leis ar bhealach eile. D'fhógair Rialtas an UK ansin gurbh fhearr leo plútóiniam a ionchorprú i mbreosla MOX in áit é a dhiúscairt mar dhramhaíl nó é a stóráil ar bhonn éiginnte ag suíomh Sellafield. Rinne an Department of Energy and Climate Change (UK-DECC) coimisiúnú ar anailís costais is tairbhe ar stáisiún nua MOX. De bhreis air sin, tá UK-NDA ag féachaint ar shlite eile chun plútóiniam a dhiúscairt, mar shampla imoibreoir núicléach (tapa) a thógáil ag Sellafield ina bhféadfaí an plútóiniam a úsáid. Tá UK-NDA tar éis staidéar indéantachta a choimisiúnú maidir leis an togra seo. Déanfaidh an RPII aon fhorbairtí a bhainfeadh leis an ábhar seo a leanúint go mion.

Ag deireadh 2012, d'fhoilsigh DECLG achoimre de Mheasúnú Riosca Dóchúlach (PRA) den Suíomh ag Sellafield agus ag an Stór Dramhaíola Íseal-Leibhéil atá suite gar don suíomh. Rinne foireann saineolaithe núicléacha neamhspleácha agus idirnáisiúnta an measúnú seo, a bhí coimisiúnaithe ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. In 2008 bunaíodh comhthionscadal malartaithe faisnéise teicniúla rúnda idir Rialtais na hÉireann agus na Breataine, agus chabhraigh an tionscadal seo le cur i gcrích an mheasúnaithe. Ba é cuspóir an tionscadail seo ná próiseas comhoibríoch a bhunú chun faisnéis theicniúil ar shuíomh Sellafield agus na gníomhaíochtaí a tharlaíonn ann a chur ar fáil. D'fhéach foireann an mheasúnaithe ar imeachtaí éagsúla agus ar mheascán imeachtaí lena n áiríodh feiniméin nádúrtha (e.g. crith talún, dreigít) agus eachtraí amhail tuairteanna eitleáin, ionradh ó sceimhlitheoirí, pléascanna, tinte agus earráidí daonna.

Bunaithe ar thorthaí an PRA, ní eascródh aon tionchar sláinte inbhraite in Éirinn as timpiste ag Sellafield nó ag an Stór Dramhaíola Íseal-Leibhéil (LLWR) trína scaoilfí ábhair radaighníomhacha. Mar sin féin, d'aimsigh an PRA chomh maith go mbeadh tionchar suntasach socheacnamaíoch ar Éirinn dá dtarlódh eachtraí tubaisteacha ar leith ag Sellafield nó ag an LLWR. D'fhéadfaí go gcuimseofaí leis laghdú ar an turasóireacht agus laghdú ar mhargaí na hÉireann do bhia mara agus do tháirgí feirme, toisc buairt a bheith ar dhaoine go mbeadh ábhair radaighníomhacha iontu fiú dá léireofaí ó shonraí monatóireachta go raibh gach bia a bhí ar díol nó á easpórtáil ag comhlíonadh na dteorainneacha atá leagtha amach chun sláinte an tomhaltóra a chosaint.

Thug an RPII tacaíocht theicniúil do DECLG le linn an tionscadail ar fad agus rinne obair le foireann an mheasúnaithe chun measúnú a dhéanamh ar an easrú comhshaoil radaighníomhaíochta a scaoilfí sna cásanna timpiste éagsúla

Imeachtaí tuairiscithe núicléacha/ raideolaíocha

Leanann UK-ONR agus UK-EA de bheith ag tabhairt fógraí maidir le himeachtaí ag áiseanna núicléacha san UK, chomh maith le freagairtí suntasacha d'aon cheisteanna leantacha a bheadh á gcur ag an RPII. Sa bhliain 2012, fuair an RPII fógra ó UK-ONR agus UK-EA maidir le os cionn 80 imeacht a tharla ag áiseanna núicléacha san UK. Rinneadh formhór na n-imeachtaí a rangú le bheith "gan suntas ó thaobh na sábháilteachta de", nó Leibhéal 0 ar an Scála Idirnáisiúnta um Imeachtaí Núicléacha (INES).

Thairis sin, tharla líon beag imeachtaí "Aimhrialtachta" (leibhéal 1 ar scála INES). Ina measc, áiríodh cailliúint shealadach an fhuinnimh leictrigh i gcodanna áirithe de shuíomh Sellafield i mí na Bealtaine, rud a chiallaigh nach raibh fuinneamh ag dul chuig na gaothráin a úsáidtear chun cuid de na Stóir Slisiríneach Magnox (MSSS) a aeráil. Sa chás seo, níor baineadh ábhair radaighníomhacha go hiomlán den aer. Mar thoradh air sin, bhí an scaoileadh laethúil béite níos airde ná mar ba ghnách, ach fós i bhfad ní ba lú ná na teorainneacha scaoilte bliantúla don stáisiún.

Sa bhliain 2012, d'aithin Gníomhaireacht Fheidearálach na Beilge um Rialú Núicléach (FNAC) roinnt lochtanna sna soithí brú imoibreora, lena gclúdaítear croí an imoibreora, ag dhá imoibreoir núicléacha sa Bheilg. Fuarthas seo amach i rith cothabháil phleanáilte i mí Lúil agus Lúnasa ag stáisiúin núicléacha Tihange agus Doel. Thuairiscigh FANC gur aithin sé lochtanna a d'fhéadfadh scoilteanna eascairt astu sa bhrú imoibreora. Tá FANC den tuairim faoi láthair nár tharla na lochtanna de bharr oibriú an stáisiúin ach nuair a bhí an soitheach cruaiche don imoibreoir á dhéantúsú. Tá na himoibreoirí múchta i gcónaí fad agus atá tástálacha sábháilteachta ar bun. Tá imscrúduithe ar siúl anois i roinnt tíortha eile san Eoraip, ina n úsáidtear dearaí imoibreora comhchosúla, le fiosrú an é go bhfuil lochtanna déantúsaíochta tar éis tarlú ina gcuid imoibreoirí féin. Is é Sizewell B in Suffolk an t-aon imoibreoir atá i bhfeidhm san UK le soitheach brú imoibreora cruaiche atá comhchosúil leis na cinn sa Bheilg. Tá UK-ONR ag déanamh measúnaithe faoi láthair ar athbhreithniú na n-oibreoirí stáisiúin ar thaifid déantúsaíochta agus iniúchta an tsuímh. Tá an RPII tar éis monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí sa mhórcheist seo.

I ngach ceann de na cásanna thuasluaite, bhí an RPII sásta nach raibh aon chontúirt raideolaíochta ann d'Éirinn.

OSPAR

Is é an RPII an sainchomhairleoir eolaíochta do Rialtas na hÉireann maidir le gnóthaí a bhaineann le cur i bhfeidhm Straitéis OSPAR (Coinbhinsiún Osló-Pháras) um Shubstaintí Radaighníomhacha. Trí OSPAR, bhí an deis ag Éirinn, le caitheamh na mblianta, dul i gcion ar an dul chun cinn atá bainte amach go dáta maidir le laghdú na scaoiltí radaighníomhacha ó shuíomh Sellafield. Tá OSPAR ríthábhachtach freisin chun brú a chur ar an UK deireadh a chur lena chlár MAGNOX, lena n-áirítear dúnadh a stáisiún núicléach MAGNOX (na cinn is sine san UK) agus deireadh a chur le hathphróiseáil bhreosla MAGNOX (an fhoinse truaillithe radaighníomhaigh is mó i Muir Éireann) faoin mbliain 2020.

Ceann de na príomhréimsí ar a ndearna an RPII monatóireacht sa bhliain 2012 ná moltaí maidir le conas scaoiltí radaighníomhacha a tharlaíonn de bharr gníomhaíochtaí díchoimisiúnaithe agus cóireáil dramhaíola oidhreachta a chatagóiriú. Lean an RPII de scaoiltí radaighníomhacha na hÉireann a thiomsú agus a chur isteach go bliantúil chuig Rúnaíocht OSPAR. Cuirtear sonraí ón gclár monatóireachta muirí náisiúnta ag an RPII ar fáil chomh maith ar bhonn bliantúil agus, in éineacht le sonraí curtha ar fáil ag tíortha sínithe eile, baintear úsáid as na sonraí sin chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag scaoiltí radaighníomhacha ar phobail daoine agus eile ar fud Oir-Thuaisceart an Atlantaigh.

Creat an Chomhphobail le haghaidh Sábháilteacht Núicléach – an Treoir um Shábháilteacht Núicléach

Cuireann an Treoir um Shábháilteacht Núicléach, 2009, de cheangal ar Bhallstáit tuairisciú, i gcúrsa trí bliana, maidir leis an tslí a bhfuil oibleagáidí na treorach curtha i bhfeidhm acu agus tá sé d'aidhm leis an treoir iad a spreagadh chun feabhas leanúnach a chur ar an tsábháilteacht núicléach agus ar a rialú. Tá an chéad tuarascáil le foilsiú sa bhliain 2014. Tá ENSREG tar éis treoirlínte a dhréachtú maidir le faisnéis agus ábhair a d'fhéadfadh a bheith úsáideach sna tuarascálacha. Sa bhliain 2012, ghlac an RPII, chomh maith leis na rialaitheoirí sábháilteachta núicléiche sa Ghearmáin agus san UK, páirt in iarracht thrialach de na treoirlínte tuairiscithe. Chuir an RPII aiseolas ar fáil do ENSREG maidir leis an bpróiseas agus d'aithin na príomhréimsí ina raibh gá tuilleadh formhínithe a dhéanamh sna treoirlínte.

I ndiaidh na heachtra núicléiche ag Fukushima, chuir an Chomhairle Eorpach de dhualgas ar an gCoimisiún Eorpach athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat reatha dlí agus rialála le haghaidh suíomhanna núicléacha san Aontas Eorpach ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar réimsí ina bhféadfaí creat reachtaíochta EURATOM um shábháilteacht núicléach a threisiú. Leanfaidh an RPII de bheith ag déanamh monatóireachta ar an mórcheist seo agus machnamh a dhéanamh ar impleachtaí aon leasuithe beartaithe ar an reachtaíocht.

Coinbhinsiún ar Shábháilteacht Núicléach

Reáchtáladh cruinniú urghnách den Choinbhinsiún ar Shábháilteacht Núicléach i mí Lúnasa 2012. Tionóladh an cruinniú urghnách chun na ceachtanna a foghlaimíodh ón eachtra núicléach ag Fukushima Daiichi a phlé. Roimh an gcruinniú sin, d'ullmhaigh gach páirtí conartha, Éire ina measc, tuarascálacha náisiúnta le cur isteach inar leagadh amach gníomhaíochtaí, freagairtí agus forbairtí nua ar chuir an eachtra tús leo nó a raibh tionchar ag an eachtra orthu. Is é an RPII a dhréachtaigh tuarascáil na hÉireann.

Tháinig os cionn 600 rannpháirtí ó 64 pháirtí conarthachta le chéile sa chruinniú chun sábháilteacht núicléach fhadtéarmach a phlé de bharr na heachtra ag Fukushima Daiichi. I measc na dtopaicí a pléadh, bhí imeachtaí seachtracha; mórcheisteanna a bhain le dearadh; bainistíocht tubaistí tromchúiseacha agus athshlánú uathu (ar an láthair); eagraíochtaí náisiúnta (rialaitheoir, oibreoir, rialtas); ullmhacht agus freagairt éigeandála agus bainistíocht iar-thubaiste (lasmuigh den láthair) agus comhoibriú idirnáisiúnta. Rinne na páirtithe conarthachta gach ceann de na topaicí sin a phlé i ngrúpaí oibre éagsúla. De bhreis air sin, rinneadh plé sa chruinniú ar éifeachtacht agus ar oiriúnacht leantach fhorálacha an Choinbhinsiúin ar Shábháilteacht Núicléach. Bhí ball foirne den RPII mar leaschathaoirleach ar an ngrúpa oibre "Bainistíocht Tubaistí Tromchúiseacha agus Athshlánú uathu (ar an láthair).

Seirbhísí Corparáideacha

Réamhrá

Cuireann Seirbhísí Corparáideacha seirbhísí riachtanacha airgeadais, acmhainní daonna, cumarsáide, IT agus eile ar fáil chun tacú le croí-obair eolaíochta agus theicniúil an RPII. Cuireann Seirbhísí Corparáideacha rompu féin tacaíochtaí éifeachtúla agus éifeachtacha a sholáthar a chabhraíonn le soláthar seirbhíse ar ardchaighdeán a chur ar fáil chomh maith le luach ar airgead a bhaint amach ar fud na heagraíochta uile.

D'aithin an RPII príomhthosaíochtaí straitéiseacha sa réimse seo don tréimhse 2011-2013. Is é "Luach a sholáthar don phobal i ngach ní a dhéanaimid" ceann de na tosaíochtaí straitéiseacha atá againn, agus is é is ciall leis sin ná go gcuirtear béim ar an éifeachtúlacht agus ar an éifeachtúlacht costais ar fud na n-oibríochtaí uile ag an RPII. I réimse na cumarsáide, cinntíonn an tosaíocht *"Díriú ar riachtanais ár ngeallsealbhóirí agus ár dteagmháil leo a fheabhsú"* go mbíonn ár straitéis chumarsáide á treorú ag aiseolas ónar ngeallsealbhóirí.

Tá mórghníomhartha tábhachtacha na bliana liostaithe thíos faoi cheannteidil éagsúla.

Chuir an RPII lena sholáthar eolais trí ábhar oideachais a chur ar fáil agus trí na meáin shóisialta. Anuas air sin, **athraíodh a shuíomh gréasáin ionas go bhféadfadh gléasanna móibíleacha rochtain a fháil air.**

Cumarsáid

Tá soláthar comhairle agus faisnéise don Rialtas agus don phobal maidir le cosaint ar radaíocht ina thosaíocht ag an RPII. Tá rochtain éasca ar fhaisnéis ardchaighdeáin ar shuíomh gréasáin an RPII agus comhoibriú le daoine eile ina ngnéithe tábhachtacha chun feasacht a ardú. Chuaigh an fhoireann i dteagmháil le geallsealbhóirí maidir le raon imeachtaí náisiúnta agus áitiúla i rith na bliana, mar shampla ag comhdhálacha, léirithe agus taispeántais. Sa bhliain 2012, eisíodh 10 bpreaseisiúint náisiúnta, agus eisíodh preaseisiúintí breise do na meáin réigiúnacha. Bhí na preaseisiúintí breise sin saindírithe ar chontaetha ar leith agus tugadh faisnéis shonrach áitiúil iontu maidir le radón. Ghlac an fhoireann páirt i 36 chlár teilifíse agus raidió, agus bhí tuairisceoireacht mhór sna meáin chlóite freisin le os cionn 70 alt foilsithe inar tagraíodh don RPII. Tá an tuairisceoireacht sna meáin a fuarthas i rith na bliana ina bealach tábhachtach agus éifeachtach chun feasacht an phobail maidir le mórcheisteanna cosanta ar radaíocht a ardú, go háirithe i gcás gás radóin.

Forbairtí ar an suíomh gréasáin

Cuirtear faisnéis maidir le gníomhaíochtaí an RPII agus nuashonrúcháin maidir le raon mórcheisteanna na cosanta ar radaíocht ar fáil do raon leathan daoine in Éirinn agus thar lear ar shuíomh gréasáin an RPII (www.rpii.ie). Is tiomantas leanúnach é seo d'fhorbairt leantach na hacmhainne sin, agus rinneadh athbhreithniú ar ábhar an tsuímh i rith na bliana chun a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis ábhartha agus suas chun dáta.

Fíor 11: Cuairteoirí Uathúla in aghaidh na míosa chuig suíomh gréasáin an RPII i rith 2012



Sa bhliain 2012, d'fhéach os cionn 44,000 cuairteoir uathúil ar an suíomh (Fíor 11) agus d'fhéach siad, ar an meán, ar níos mó ná ceithre leathanach in aghaidh na cuairte. Na míreanna is mince a fhéachtar orthu ar an suíomh ná an mapa radóin; tomhas radóin; faisnéis maidir le radón; ceadúnú; an tseirbhís dáileogmhéadrachta; monatóireacht chomhshaoil; foilseacháin; agus an t áireamhán do dháileoga radaíochta. Chun rochtain níos fearr ar an suíomh a éascú ar ghléasanna póca, rinne an RPII forbairt ar leagan den suíomh gréasáin d'fhóin phóca. I ndiaidh a sheolta i mí Dheireadh Fómhair, ba ar an leagan fón póca a bhí 13% den trácht chuig an suíomh gréasáin. Chuir an RPII uirlis le haghaidh na meán sóisialta ar a leathanach baile freisin, a chuirfidh ar chumas na heagraíochta dul i dteagmháil le raon níos leithne daoine.

Feasacht a mhéadú trí chúrsaí oideachais agus teilifíse

Ar mhaithe le feasacht a mhéadú maidir le radaíocht i measc leanaí scoile, ghlac an RPII páirt in acmhainn ilmheánach do scoileanna dara leibhéal trí cheacht ar an radaighníomhaíocht a urrú. Cuireann an acmhainn sin ábhair ar fáil do mhúinteoirí lena n-úsáid sa seomra ranga, agus dearadh an acmhainn chun tacú leis an gcuraclaim eolaíochta agus teicneolaíochta. Baintear úsáid as i scoileanna dara leibhéal ar fud na tíre.

Ós rud é gur léiríodh i dtaighde a rinneadh cheana le grúpa fócais gurb í an teilifís an meán is mó a thaitníonn le daoine chun faisnéis a fháil maidir le radón, rinne an RPII urraíocht ar mhír sa chlár teilifíse Eco Eye. Chuaigh an RPII ag obair i gcomhar leis an gcomhlacht léiriúcháin i rith 2012 chun tacú leis an bpíosa a fhorbairt agus chun an taighde a dhéanamh. Cuimsithe sa chlár, a craoladh i mí Eanáir 2013, bhí agallamh leis an bPríomhfheidhmeannach, an Dr Ann McGarry, maidir leis an mbealach tástáil a dhéanamh le haghaidh radóin. Thairis sin, chuir sainchomhairleoir míochaine riospráide léargas ar fáil maidir leis an damáiste a dhéanann radón don duine.

Feachtais feasachta pobail maidir le radón

Rinneadh feachtas feasachta maidir le radón in dhá cheantar ina bhfuil leibhéal ard radóin, Ciarraí agus Loch Garman. Mar chuid den tionscnamh sin, áiríodh fógraíocht ar an raidió, sna meáin chlóite agus ar chláir fógraí, gníomhaíocht chun faisnéis a scaipeadh, straitéis dhigiteach agus gníomhaíochtaí caidrimh phoiblí. Dáileadh os cionn 100,000 paca faisnéise ar thithe sna ceantair. Dáileadh póstaeir agus pacaí faisnéise chomh maith i measc grúpaí pobail, ionaid sláinte agus gairmithe sláinte. Bhí teagmháil le príomh-gheallsealbhóirí, amhail polaiteoirí, údaráis áitiúla, na meáin, grúpaí pobail agus gnó, agus an pobal féin, mar chuid de na gníomhaíochtaí feasachta.

Tá gníomhaíochtaí feasachta maidir le radón á ndéanamh ag an RPII ón mbliain 2010 agus, i rith na bliana, chuathas i dteagmháil le saineolaí seachtrach chun iniúchadh agus luacháil a dhéanamh ar na feachtais a rinneadh go dáta (2010 go 2012 – sé cheantar áitiúla). Léiríodh san athbhreithniú sin go ndearnadh na feachtais sin a fheidhmiú go maith agus go raibh siad éifeachtach i bhfeasacht a mhéadú maidir le gás radóin agus an nasc atá aige leis an ailse. Thairis sin, áfach, aithnítear go mbeidh gá feachtais an RPII a bhrú ar bhonn náisiúnta má tá an ghníomhaireacht chun dul i gcion ar dhaoine lena cuspóir feasachta maidir le radón a bhaint amach go náisiúnta.

Reáchtáladh feachtais feasachta réigiúnacha i gCiarraí agus i Loch Garman.

Foilseacháin

Sa bhliain 2012, d'úsáid an RPII modhanna dáilte leictreonacha go príomha dá gcuid foilseachán, agus tá gach ceann acu ar fáil saor in aisce ar an suíomh gréasáin. Áirítear na foilseacháin seo a leanas i measc na dteideal nua:

Tuarascálacha RPII

Assessment of the impact on Ireland of the 2011 Fukushima nuclear accident. Márta 2012.

RPII inspection and licensing activities and annual inspection programme for 2012. Aibreán 2012.

Radioactivity monitoring of the Irish environment 2010-2011. Nollaig 2012

Nótaí Treorach/bileoga faisnéise

Guidance notes on re-approval criteria for Category I Radiation Protection Advisers. Feabhra 2012.

Approval of Dosimetry Services in Ireland - Guidelines for Applicants. Meitheamh 2012.

Radon and your health. Deireadh Fómhair 2012. (RPII & HSE).

Ailt ghinearálta

Long, S., Breatnach, É., Health threats from radon radiation. *Irish Medical Times*. Samhain 2, 2011.

McMahon, C.A., McGinnity, P. Detection of radioactivity from the Fukushima nuclear accident. *Irish Chemical News*. Eagrán 1, 2012.

Ailt irise, páipéir chomhdhála agus póstaeir

(léirítear pearsanra RPII sa chló trom sa liosta seo.)

Currivan, L., McGinnity, P., Kelleher, K., Somerville, S., Hanley, O., O'Colmáin, M., Wong, J., León Vintró, L., **McMahon, C.A.** RPII radiation monitoring section response to the Fukushima accident. In: *Proceedings of the 13th International Congress on Radiation Protection,* 13-18 Bealtaine 2012, Glaschú. http://www.irpa13glasgow.com/information/downloads/

Kelleher, K., Currivan, L., Organo, C., Olbert, I. Assessment of the impact on the Irish public and marine environment arising from liquid discharges from potential new build power plants in the United Kingdom. In: *Proceedings of the 13th International Congress on Radiation Protection,* 13-18 Bealtaine 2012. http://www.irpa13glasgow.com/information/downloads/

Long, S., Fenton, D. An overview of Ireland's national radon policy. *Radiation Protection Dosimetry. 145,* Uimh. 2-3, lgh. 96-100.

Long, S., Fenton, D. The effectiveness of radon preventive and remedial measures in Irish housing. **In:** *Proceedings of the 13th International Congress on Radiation Protection,* 13-18 Bealtaine 2012, Glaschú. http://www.irpa13glasgow.com/information/downloads/

Long, S., Fenton, D., Dowdall, A. Local authority radon measurement programmes in Irish social housing. In: *Proceedings of the 13th International Congress on Radiation Protection*, 13-18 Bealtaine 2012, Glaschú. http://www.irpa13glasgow.com/information/downloads/

McGinnity, P., McGrath, R. Dispersion modelling of routine atmospheric discharges from proposed UK new nuclear build site locations. In: *Proceedings of the 13th International Congress on Radiation Protection*, 13-18 Bealtaine 2012, Glaschú. http://www.irpa13glasgow.com/information/downloads/

Smith. K., Organo. C., Somerville. S., Hanley. O., McMahon. C.A. Comparison of atmospheric dispersion model outputs and radioactivity measurements made in Ireland following the Fukushima nuclear emergency. In: *Proceedings of the 13th International Congress on Radiation Protection*, 13-18 Bealtaine 2012, Glaschú. http://www.irpa13glasgow.com/information/downloads/



Comhpháirtíocht

Tríd an gcoiste Comhpháirtíochta, déanann an fhoireann, an bhainistíocht agus ionadaithe ó cheardchumainn anailís agus réiteach ar mhórcheisteanna atá os comhair an RPII. Sa bhliain 2012, b'fhógra an-suntasach é ón Rialtas go mbeadh an RPII ag cumasc leis an EPA. Trí Chomhpháirtíocht, tá na hábhair buartha agus ionchais na foirne ag eascairt as an gcinneadh sin á bplé, agus tá faisnéis á roinnt ar dhul chun cinn sa chumasc.

Tháinig an coiste le chéile sé huaire i rith 2012, agus i measc na mórcheisteanna ar déileáladh leo áiríodh

- Gnóthaí sláinte agus sábháilteachta;
- An plean gníomhaíochta faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh;
- Athchóiriú ar an gcóras bainistíochta feidhmíochta;
- Athruithe sa chóras ama agus freastail agus
- Cumasc an RPII agus an EPA.

Airgeadas

Ioncam an RPII don bhliain 2012 ná €6.403m, comhdhéanta de dheontas €3.299m do chuspóirí reatha, deontas infhaighte €0.962m chun críche pinsin, faoi mar a éilítear faoi FRS 17, agus tuilleamh €1.679m ó mhuirir cheadúnais agus ó dháileogmhéadracht, deimhniú táirgí, tomhas radóin agus seirbhísí eile. Ón deontas caipitil, rinneadh €0.572m a amúchadh don bhliain.

Fuair an RPII deontas caipitil €0.200m chun uasghrádú agus cothabháil a dhéanamh ar a gcuid trealaimh. Chuaigh caiteachas don bhliain os cionn an ioncaim le €0.199m

Íoc Pras Cuntas

Tagann an RPII faoi raon an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, atá i bhfeidhm ó 2 Eanáir, 1998, agus faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) 2002, atá i bhfeidhm ó 7 Lúnasa 2002. Seo a leanas tuairisc ar chleachtais íocaíochta RPII don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012.

Tá sé mar pholasaí ag an RPII a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Cuimsítear rialuithe cuntasaíochta agus ríomhaire i gcóras rialaithe inmheánaigh na heagraíochta chun a chinntiú go ndéantar na sonraisc agus conarthaí atá le híoc a íoc laistigh de 30 lá faoi mar a éilítear san acht. Cruthaíonn Rannóg na gCuntas tuarascáil ina sonraítear na híocaíochtaí atá déanta, agus déantar an tuarascáil seo a thabhairt chun dáta go rialta. Rinneadh 2 íocaíocht dhéanacha i ndiaidh an dáta dlite íocaíochta, agus sháraigh siad an dáta sin faoi 119 lá ar an meán. B'ionann luach iomlán na n-íocaíochtaí déanacha sin agus €675 agus b'ionann an pionós úis, a bhain leis na híocaíochtaí déanacha sin, agus €8.18. Rinne na híocaíochtaí déanacha suas 0.33% d'iomlán na n-íocaíochtaí le soláthraithe in 2012.

Ó mhí Iúil 2011, agus de réir théarmaí an Phlean Téarnaimh Náisiúnta 2011–2014 agus Clár Tacaíochta an EU / IMF d'Éirinn, tá de cheangal ar an RPII socruithe a chur i bhfeidhm chun gach sonrasc bailí a íoc laistigh

de 15 lá ón dáta faighte. Déantar dul chun cinn in aghaidh an riachtanais seo a thuairisciú ar bhonn rathúil do DECLG agus foilsítear é ar shuíomh gréasáin an RPII. Le linn na bliana 2012, íocadh 86% de gach sonrasc laistigh de 15 lá.

Comhairleoirí agus sainchomhairleoirí

Sa bhliain 2012, chuaigh an RPII i dteagmháil le roinnt comhairleoirí chun tacú le heochair-thionscadail forbartha agus chun saineolas a fháil maidir le réimsí áirithe. I dTábla 5, tugtar liosta de na príomhchonarthaí agus na cineálacha seirbhísí a soláthraíodh.

Acmhainní Daonna agus Soláthar Foirne

Sa bhliain 2012, rinne iniúchóirí seachtracha athbhreithniú oibríochta ar an bhfeidhm, ar na próisis agus ar na gnásanna acmhainní daonna le tagairt do phrionsabail an dea chleachtais. Chinn an tuarascáil go riabh an fheidhm acmhainní daonna comhsheasmhach leis na dea-chleachtais thar an ngnáth-raon gníomhaíochtaí acmhainní daonna do ghníomhaireacht dá toise.

Chláraigh an RPII le JobBridge, an Scéim Intéirneachta Náisiúnta. Is tionscnamh Rialtais é seo a bhfuil mar chuspóir aige an deis a thabhairt do chuardaitheoirí poist atá ar an mbeochlár a scileanna reatha a leasú agus scileanna nua a fhorbairt. Mar thoradh air seo, chuaigh poitigéir saotharlainne i mbun intéirneacht naoi mí leis an RPII, ag obair ar mhonatóireacht na radaighníomhaíochta sa chomhshaol.

Cuireadh clár forbartha bainistíochta ar fáil, a dhírigh ar chinnteoireacht agus soiléiriú ról do bhainisteoirí láir, do bhainisteoirí sinsearacha agus don fhoireann shinsearach. Leagadh béim sa chlár ar na buntáistí a bhaineann le hoiliúint duine le duine mar mhodh forbartha agus mar mhodh chun tacú le toscaireacht.

Forbraíodh Plean Fórsa Saothair mar fhreagra ar thionscnamh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i 2012 chun pleanáil earnála d'fhórsa saothair a thabhairt isteach ar fud ranna an rialtais agus a gcuid gníomhaireachtaí. Faoi mar a éilítear, déantar anailís agus réamh-mheastachán sa phlean sin do na tréimhsí 2013, 2014-2017 agus 2018+. Sonraíodh roinnt príomhdhúshlán atá os comhair an RPII sna tréimhsí

Tábla 5: Príomhchonarthaí sa bhliain 2012 le conraitheoirí seachtracha agus an cineál oibre a rinneadh

Comhairleoir	An cineál seirbhíse a soláthraíodh
AG Services	Forbairt ábhar oideachasúil do scoileanna
AMAS	Forbairt uirlisí monatóireachta gréasáin
Astron Consulting	Athbhreithniú agus dearadh córais don phróiseas gnó
Brightwater recruitment	Seirbhísí earcaíochta speisialaithe
Deloitte	Seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	Tionscadal teagmhála le geallsealbhóirí
Earth Horizon Productions	Táirgeadh ábhar teilifíse maidir le radón
Fabrik Creative Media	Seirbhísí deartha agus priontála
Forfás	Seirbhísí creidiúnaithe
An Dr Keith Faulkener	Measúnuithe RPA
Health Protection Agency	Athbhreithniú ar chórais ceadúnaithe agus iniúchta
Hewitt Associates	Ríomh dliteanas pinsin
An Dr Christopher Hone	Measúnuithe RPA
An tOll. Pat Horton	Measúnuithe agus iniúchtaí RPA
An Foras Riaracháin	Clár forbartha foirne
Integrity Solutions	Slándáil IT
Jones Lang Lasalle	Bainistíocht tionscadal
Mooney O'Sullivan and Associates	Comhairle dlí
Murray Consultants	Tacaíocht chumarsáide
Norton and Associates	Cuntasaíocht
System Action	Tacaíocht IT
X-Communications Ltd.	Dearadh agus forbairt gréasáin

sin, mar atá léirithe thíos:

- Cailliúint Ioncaim – Cuireadh seirbhísí tráchtála Dáileogmhéadrachta an RPII ar fionraí, rud a chuir an deis ar fáil acmhainní foirne laghdaithe a dhíriú ar fheidhmeanna reachtaíochta riachtanacha, ach tharla cailliúint ioncaim thuillte dá bharr chomh maith.
- Líon foirne – Tá an líon foirne in 2012 faoi bhun an leibhéil barrmhaitheasa cheana féin. Cuirfidh scor sa ghearrthéarma le cailliúint bhreise sa líon foirne riaracháin a bhfuil taithí acu sa phost. Nuair a laghdaítear líon na foirne, titeann an dualgas ar fhoirne teicniúla agus eolaíochta na feidhmeanna riaracháin a chomhlíonadh. Is neamhéifeachtúlacht é seo agus léiríonn sé luach olc ar airgead don Stát. Léiríonn réamh-mheastacháin atá níos fadtéarmaí go mbeidh caillteanas suntasach ann sa líon foirne eolaíochta atá ina speisialtóirí ardleibhéil. Ós rud é go mbíonn ar an bhfoireann eolaíochta roinnt blianta forbartha inmheánaí a dhéanamh, tá gá le tréimhse fhada chomharbais.
- Scileanna foirne – Tá an baol ann go gcaillfí roinnt príomhscileanna sa réimse iompraíochta timpeallachta ag eilimintí radaighníomhacha agus sa réimse measúnaithe ar dháileoga radaíochta. Forbraíodh agus rinneadh cothabháil ar na scileanna seo cheana trí rannpháirtíocht i dtionscadail radai--éiceolaíochta maoinithe ag an Aontas Eorpach, ach tá na tionscadail sin teoranta go maith i láthair na huaire. Ní mór bealaí eile a aithint chun na scileanna a chothabháil agus tacú leo trí acmhainneacht imleor.
- Fás riosca – De bharr na laghduithe foirne, tá gá le cinntí a dhéanamh maidir le feidhmeanna ar chóir tacaíocht a thabhairt dóibh go fóill, agus iad siúd ar ghá leibhéal tosaíochta a bhaint uathu. Cé go bhfuil gach iarracht á déanamh stádas tosaíochta a bhaint de na réimsí sin nach croí-réimsí iad, tá réimsí ríthábhachtacha lagaithe anois in RPII, rud a mhéadaíonn riosca. Faoi mar a laghdaítear an líon foirne, ní mór anailís riosca a bheith mar bhunús le feidhmiú acmhainní foirne laghdaithe.
- Spreagadh foirne – tá struchtúr foirne cuí riachtanach le haghaidh córas maoirseachta éifeachtach. Tugann struchtúr ceart spreagadh don fhoireann sárobair a dhéanamh tríd an deis a sholáthar don fhoireann dul chun cinn agus forbairt ghairme a bhaint amach. Meastar go mbeidh bac sa struchtúr ar leibhéal riaracháin amach anseo, agus ní mór aghaidh a thabhairt air sin.
- Éileamh méadaithe ar shain-seirbhísí– Cuireann an reachtaíocht Eorpach, caighdeáin theicniúla níos airde agus éileamh méadaithe ó chustaiméirí araon leis an éileamh ar sheirbhísí an RPII. Tá scileanna uathúla ag an RPII in Éirinn agus, dá bharr sin, ní féidir a gcuid freagrachtaí a tharmligean nó a roinnt le tríú páirtí. Nuair a thagann róil agus freagrachtaí breise isteach, bíonn gá le tuilleadh acmhainní.

Cé go raibh sé ina dhúshlán mór don RPII gur imigh ceathrar ball foirne le linn 2012, idir dhul ar scor agus éirí as, rinneadh an t-ualach oibre a tharla dá bharr a bhainistiú sa ghearrthéarma trí sholúbthacht ón bhfoireann agus ath-leithdháileadh na ndualgas. Ós rud é go raibh na poist ríthábhachtach do sholáthar éifeachtach seirbhísí, thug an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cead na folúntais sin a líonadh, ar an mbonn go ndéanfaí iad a mhaoiniú le hacmhainní reatha an RPII. Líonadh ceann de na poist seo trí ath-imlonnú, agus líonadh gach ceann de na poist faoi dheireadh na bliana.

Cumasc RPII–EPA

I mí na Samhna 2012, faoi thionscnamh athchóirithe an Rialtais atá dírithe ar líon na ngníomhaireachtaí stáit a laghdú, d'fhógair an Rialtas go mbeadh an RPII ag cumasc leis an EPA. Déanfar an cumasc le héifeacht ó Mheitheamh 2014, agus tá Meitheamh 2013 leagtha amach mar an spriocdháta chun plean gníomhaíochta a fhorbairt chun an cumasc a chur i bhfeidhm.

Roimh an gcinneadh sin, rinne an RPII agus an EPA anailís ar na deiseanna agus na rioscaí a bheadh i gceist i gcumasc dá leithéid. Tá an-chuid réimsí comhoibrithe ann cheana féin idir an dá eagraíocht. Ós rud é go bhfuil an cinneadh déanta anois, tá an dá chomhlacht tar éis cur rompu eagraíocht chumasctha a thógáil a thabharfaidh le chéile foireann thiomanta an dá eagraíocht chun eagraíocht láidir eolaíochta a chruthú a bheidh mar mheascán d'acmhainní saineolais agus de chlú iontach an EPA agus an RPII araon. An sprioc luaite atá ann ná nach dtarlóidh aon laghdú, nó cuma an laghdaithe, i súile na ngeallsealbhóirí agus an phobail i gcoitinne de bharr chruthú na heagraíochta nua, i gcás thiomantas na hÉireann do chosaint an chomhshaoil nó don chosaint raideolaíoch.

Radaíocht neamh-ianúcháin

I mí an Mhárta 2007, de bhun Meamraim chuig an Rialtas ón Aire Cumarsáide, Muirí agus Acmhainní Nádúrtha a bhí ann ag an am, d'aontaigh an Rialtas go mba chóir údarás agus acmhainní an RPII a leathnú le go gcuimseofaí gnéithe den radaíocht neamh-ianúcháin faoin eagraíocht. Ó 2008 i leith, tá moill tagtha ar an dul chun cinn i dtreo aistriú na bhfreagrachtaí chuig an RPII agus níl dáta tosaithe ar fáil faoi láthair.

Sláinte agus Sábháilteacht

Bunaíodh an clár Sláinte agus Sábháilteachta faoi Chóras Bainistíochta Sábháilteachta (SMS) RPII, agus tá an clár dírithe ar na tacaíochtaí sláinte agus sábháilteachta in RPII a fheabhsú. Rinneadh athbhreithniú ar obair an choiste Comhordaithe Sábháilteachta, agus aithníodh deiseanna feabhsúcháin dá bharr.

Mar chuid d'athbhreithniú a rinneadh ar an gcóras slándála dóiteáin, suiteáladh córas rabhaidh dóiteán úrscothach, rinneadh córais braite a uasghrádú agus cuireadh feabhas ar chomharthaíocht éigeandála. De bharr na bhforbairtí sin, tá an tsábháilteacht ó dhóiteán de réir caighdeáin reatha i ngach cuid de chóiríocht an RPII anois.

Níor tharla aon timpiste nó eachtra dhainséarach intuairiscithe le linn 2012.

Comhionannas

Tá an RPII tiomanta do pholasaí comhdheiseanna. Léirítear seo san fhoireann i dtéarmaí comhionannas earcaíochta: coinníollacha fostaíochta agus rochtain ar ardú céime, oiliúint agus forbairt ghairme. Tugann an RPII tacaíocht chomh maith do shocruithe oibre solúbtha, ós rud é go bhfuil na socruithe sin ríthábhachtach leis an ionad oibre a dhéanamh inrochtana do dhaoine atá ag iarraidh an obair agus dualgais eile a láimhseáil ag an am céanna. Maidir leis an gcustaiméir, cuireann an RPII rompu a gcuid oibre a dhéanamh inrochtana do chách.

Cóiríocht agus úsáid fuinnimh

Sa bhliain 2012 thóg an RPII a gcóiríocht oifige le chéile ar dhá shuíomh seachas ar thrí shuíomh mar a bhí roimhe sin. Mar chuid den atheagrú seo, bhí gá le hathchóiriú áirithe sa spás oifige. Chuir an obair athchóirithe an deis ar fáil feabhas a chur ar na córais téimh agus soilsithe chomh maith leis an gcóras dóiteáin agus slándála.

Bhí an úsáid fuinnimh in 2012 roinnte idir leictreachas (50%) agus gás nádúrtha (50%) go hachomair. Bíonn formhór den úsáid gháis ag baint leis an gcóras téimh agus úsáidtear an leictreachas don soilsiú, do roinnt téamh uisce agus chun an trealamh IT agus saotharlainne a chumhachtú. Úsáideadh 419MWh fuinnimh sa tréimhse, comhdhéanta de 224MWh de ghás nádúrtha agus 195MWh de leictreachas.

Teicneolaíocht Faisnéise

Sa bhliain 2012, rinneadh obair chun feabhas a chur ar bhonneagar líonra an RPII chun a chinntiú go leanfadh sé de bheith ag feidhmiú go héifeachtach. Rinneadh rialaitheoirí fearainn a athnuachan, agus rinneadh athbhreithniú agus atheagrú ar riachtanais stórála sonraí. Rinneadh feidhmchláir ríthábhachtacha a ascnamh go freastalaí feidhmchlár saintógtha. Rinneadh atheagrú ar threalamh sheomra an fhreastalaí chomh maith go mbeadh sé socraithe ar bhealach níos loighciúla agus rinneadh uasghrádú ar sholáthair dhobhriste cumhachta sa dá sheomra freastalaí.

I measc na bhfeabhas eile in 2012, tugadh isteach réiteach cianrochtana nua agus rinneadh uasghrádú ar shlándáil chríochphointe chun réiteach níos solúbtha a sholáthar fad agus a bhíonn cosaint na sonraí á cinntiú. Rinneadh feabhais chomh maith sa phriontáil trí thascanna móra priontála a aistriú ó phrintéirí aonair go gléasanna ilfheidhmeacha atá níos tíosaí.

Bainistíocht taifead

I 2012, lean an RPII leis an gclár chun gnásanna cearta maidir le bainistíocht taifead a fhorbairt ar fud na hinstitiúide. I rith na bliana, bhog an bhéim san oiliúint i mbainistíocht taifead ó thionscnaimh oiliúna uilíocha go cláir oiliúna atá níos áitiúla laistigh d'aonaid ghnó, agus tá méadú tagtha dá bharr ar an líon taifead atá á gcruthú ar fud an RPII. Leathnaíodh an clár píolótach maidir le taifid leictreonacha a choinneáil, ar chuireadh tús leis sa bhliain 2011, leis an rannóg sábháilteachta núicléiche a chuimsiú, agus cuirfear i bhfeidhm go céimneach é i réimsí gnó eile laistigh den RPII le linn 2013.

Seirbhís do chustaiméirí

Tá an RPII tiomanta do sheirbhís ardchaighdeáin a sholáthar do gach duine dár gcustaiméirí, agus cuirtear seirbhís chabhrach, chúirtéiseach agus éifeachtach ar fáil do gach duine a dhéanann teagmháil lenár n-eagraíocht. Tá cairt an RPII do chustaiméirí foilsithe ar an suíomh gréasáin, agus déantar cur síos ann ar chaighdeán na seirbhíse lenar féidir a bheith ag súil nuair a dhéantar teagmháil leis an RPII. Tá gníomhaíochtaí cuimsithe ag an RPII sa phlean gnó atá dírithe ar fheabhas leanúnach a chur ar sheirbhís do chustaiméirí, agus déanann an institiúid athbhreithniú ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí sin go bliantúil. Le linn 2012, cuireadh oiliúint i gcúram custaiméirí ar fáil do gach ball foirne bunaithe ar an gcairt nuashonraithe do chustaiméirí agus ar an ngnás gearán nuashonraithe.

Rialachas

Tá creat rialachais an RPII bunaithe go príomha ar riachtanais an Achta um Chosaint Raideolaíoch (1991), faoinar bunaíodh an RPII, agus ar an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a foilsíodh in 2009. Leanann an RPII treoir na Roinne Airgeadais maidir le rialacha agus gnásanna i ndáil le feidhmeanna airgeadais an phárolla; pinsin; ceannach agus buiséadú.

Tuairiscíonn an RPII do bhord atá tacaithe ag trí choiste chomhairleacha: an Coiste Iniúchóireachta, a thugann comhairle maidir le hairgeadas, rialachas agus riosca eagraíochta; an Coiste Comhairleach um Radaíocht Ianúcháin, atá ina chomhlacht comhairleach ardleibhéil maidir gach ní a bhaineann le radaíocht ianúcháin, agus an Coiste Comhairleach Cumarsáide, a thugann comhairle maidir le straitéisí cumarsáide. Tá comhaltaí an bhoird agus na gcoistí sonraithe sna codanna a leanas.

Tá an RPII faoi réir iniúchóireacht bhliantúil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chomh maith le hiniúchóireacht inmheánach. Le linn 2012, rinne na hiniúchóirí inmheánacha, Deloitte, iniúchóireachtaí i réimsí na bainistíochta acmhainní daonna agus na bainistíochta riosca. Níor thángthas ar aon torthaí suntasacha, ach d'eascair roinnt feabhas as an bpróiseas.

An Coiste Comhairleach um Radaíocht Ianúcháin

Cuireann an Coiste Comhairleach um Radaíocht Ianúcháin (IRAC) comhairle ardleibhéil eolaíochta ar fáil i gcás aon ábhair a bhaineann le radaíocht ianúcháin a chuireann bord nó feidhmeannacht an RPII faoina mbráid. I measc na 16 bhall den choiste, áirítear saineolaithe náisiúnta agus eachtrannacha a chlúdaíonn raon leathan disciplíní, lena n-áirítear cosaint ar radaíocht; sláinte phoiblí; eipidéimeolaíocht; freagairt éigeandála agus fisic mhíochaine. I rith 2012, tháinig an coiste le chéile dhá uair chun plé a dhíriú ar dhá thopaic a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo don RPII: forbairt na Straitéise Rialaithe Náisiúnta um Radón, agus an tsamhail bheartaithe nua don chur chuige grádaithe sa phróiseas údaraithe le radaíocht ianúcháin a úsáid.

An Coiste Iniúchóireachta

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile ceithre huaire in 2012. I measc na nithe a ndearna siad athbhreithniú orthu, bhí bainistíocht chuntas agus ráiteas airgeadais; buiséid; riosca; sláinte agus sábháilteacht; taisteal agus cothabháil; saoire bhreoiteachta; cuirí chun tairisceana agus Pleananna Gníomhaíochta faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh.

An Coiste Comhairleach Cumarsáide

Tháinig an Coiste Comhairleach Cumarsáide (CAC) le chéile trí huaire in 2012, agus sa chlár oibre acu bhí athbhreithniú seachtrach ar chláir feasachta radóin an RPII. Chinn an t athbhreithniú gur reáchtáladh na feachtais ar shlí mhaith agus gur luach maith ar airgead a bhí iontu. Bhí siad éifeachtach maidir le feasacht a mhéadú laistigh den bhuiséad a bhí ar fáil. Moladh go mbeadh feachtas náisiúnta riachtanach chun teachtaireacht an radóin a leathnú.

Comhaontú na Seirbhíse Poiblí

D'fhoilsigh an Rialtas Comhaontú na Seirbhíse Poiblí, agus an Plean Gníomhaíochta gaolmhar, 2010-2014, agus chuir an comhaontú sin de cheangal ar chomhlachtaí poiblí a bpleananna gníomhaíochta féin a fhorbairt, ina leagtar amach a dtiomantais maidir le soláthar Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh. Cuireadh Plean Gníomhaíochta an RPII isteach chuig máthair-roinn na hinstitiúide faoi mar a éilíodh agus tá sé ar fáil ar an suíomh gréasáin. Thairis sin, tá an RPII tar éis dul chun cinn a thuairisciú in aghaidh na ngníomhaíochtaí don Chomhlacht Náisiúnta Forfheidhmithe, atá freagrach as cur i bhfeidhm Chomhaontú na Seirbhísí Poiblí.

Sa bhliain 2012, cuireadh de cheangal ar an RPII réimsí ina bhféadfaí coigiltí costais a bhaint amach a shonrú. Trí raon beart, baineadh amach coigiltí costais arbh fhiú thart ar €87k iad.

I measc na ngníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích i 2012, áirítear iad seo a leanas:

- Forbairt na Dréacht-Straitéise Náisiúnta um Rialú Radóin i gcomhar le DECLG, a chuirfear i gcrích sa cheathrú ráithe de 2013
- Comhaontú ar phrótacal oibríochta do bhainistiú foinsí díthreabhacha radaighníomhaigh agus dul chun cinn ar bhainistiú dramhaíola radaighníomhaí in Éirinn;
- Dul chun cinn i dtreo follasacht agus inbhuanaitheacht níos fearr a bhaint amach sa chóras rialaithe maidir le húsáid radaíochta ianúcháin;
- Feabhais in acmhainneacht freagartha d'eachtra núicléach thar lear;
- Cur i bhfeidhm samhla feabhsaithe PMDS chun go gcuimseofar ann cuspóirí bunaithe ar acmhainneacht chomh maith le haidhmeanna maidir le feidhmíocht tascanna;
- Comhoibriú feabhsaithe le gníomhaireachtaí éagsúla, lena n-áirítear HSE, HAS, EPA, FSAI, Met Éireann, an Chomhairle Tréidliachta, UCD agus an Northern Ireland Environment Agency, rud a chuir le héifeachtacht níos fearr a bhaint amach agus a chuir feabhas ar sheirbhísí do chustaiméirí;
- Ullmhú buan-nósanna imeachta oibríochta comhpháirteacha mar fhreagra ar imeachtaí CBRN;
- Atheagrú ar oifigí foirne chun go mbeadh an t-áitreabh ar leis an OPW é ar fáil d'úsáidí eile;
- Forbairt leagan fón póca de shuíomh gréasáin an RPII;
- Clár feasachta cuimsitheach maidir le radón a chur i bhfeidhm – le linn na tréimhse tuairiscithe, dhírigh an clár ar thithe i gceantair ina mbíonn leibhéal ard radóin, ar ghairmithe sláinte agus ar scoileanna.
- Teagmháil dhíreach le meánscoileanna chun feasacht a ardú maidir le radón;
- Úsáid na teilifíse chun an teachtaireacht maidir le radón a scaipeadh go slua poiblí níos fairsinge;
- Athbhreithniú ar bheartas an RPII maidir le foilseacháin le go n úsáidfí modhanna dáilte leictreonacha, rud a ghnóthaíonn coigiltí díreacha ó thaobh priontála agus postais de, agus
- Athshonrú ar ról na heagraíochta i ndáil le soláthar seirbhísí dáileogmhéadrachta in Éirinn – áirítear leis sin meicníocht a chur ar bun le seirbhísí dáileogmhéadrachta atá á n-oibriú in Éirinn a fhaomhadh agus clár dáileoige náisiúnta a chur ar bun.

Baill an Bhoird

Tháinig an bord le chéile ocht n-uaire le linn na bliana. Taispeántar thíos an líon cruinnithe ar fheastail gach ball boird orthu, agus taispeántar idir lúibíní an líon cruinnithe a raibh an ball boird i gceist i dteideal freastal orthu. Chomh maith leis sin, taispeántar ainm an duine/na heagraíochta a d'ainmnigh iad agus dáta an chéad cheapacháin.

Ainm	Ainmnithe ag	Dáta an Chéad Cheapacháin	Cruinnithe ar freastalaí odh orthu le linn 2012
An tOll. William Reville, Chairman	An tAire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil	Eanáir 2012	8(8)
Fionnuala Barker	An Cumann Éireannach um Míochaine Núicléach	Bealtaine 2007	6(6)
An Dr Patricia Cunningham	Comhairle na nDochtúirí Leighis	Feabhra 2012	6(7)
An Dr Maurice Fitzgerald	An Chomhairle Fiaclóireachta	Iúil 2008	6(8)
James Fitzmaurice	An tAire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil	Aibreán 2002	8(8)
Patrick Gilligan	Cumann na nEolaithe, Fisice sa Leigheas	Lúnasa 2006	8(8)
An Dr Paraic James	An tAire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil	Eanáír 2012	4(8)
An Dr Kevin Kelleher	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	Meán Fómhair 2007	6(8)
Darina Muckian	An tAire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil	Aibreán 1997	8(8)
John O'Dea	An tAire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil	Samhain 2009	8(8)
Adi Roche	An tAire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil	Meitheamh 1997	5(8)
An Dr Stephanie Ryan	Dámh na Raideolaithe RCSI	Iúil 2010	7(8)

Prof William Reville (Cathaoirleach)

Ceapadh an tOllamh Reville ina Chathaoirleach ar an RPII sa bhliain 2011. Bhí an tOllamh Reville i measc na mball a bhunaigh an RPII sa bhliain 1991 agus d'fhóin sé ar an mbord ar feadh seacht mbliana. Tá sé in Ollamh Emeritus le Bithcheimic ag an gColáiste Ollscoile Corcaigh (UCC), áit a raibh sé ag obair ó bhí 1975 ann. Bhí sé ag feidhmiú mar Oifigeach Cosanta Radaíochta na hOllscoile ag UCC idir 1978 agus 2011. D'fhóin sé ar dhá bhord náisiúnta eile: Cumann Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta na hÉireann agus Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.Tá a lán ábhair foilsithe ar obair an Ollaimh Reville i réimse bhithcheimic na matán agus sa mhicreascópacht leictreonach. Scríobhann sé ábhar go minic freisin don Irish Times. Chomh maith leis sin, tá sé ina Oifigeach Feasachta Poiblí Eolaíochta ag UCC agus eagraíonn sé an tSraith Bhliantúil de Léachtaí Poiblí Eolaíochta.

Fionnuala Barker

Ceapadh Fionnuala Barker ar Bhord an RPII sa bhliain 2007. Mar Phríomhfhisicí in Ospidéal Naomh Lúcás, Baile Átha Cliath, tá saineolas fairsing aici i réimse na fisice leighis, go háirithe sa leigheas núicléach agus sa chosaint radaíochta. Is iar-Rúnaí Chumann na nEolaithe Fisice i gCúrsaí Leighis í, agus is iar-Chathaoirleach de Chumann na nEolaithe Fisiceacha i gCúrsaí Míochaine í.

An Dr Patricia Cunningham

Tá an Dr Cunningham ina Raideolaí Comhairleach in Ospidéal Muire Máthair, an Uaimh, Droichead Átha. Tá sí ina ball de Bhord Dhámh na Raideolaithe in Éirinn agus ina cathaoirleach ar a gCoiste Cosanta Radaíochta. Tá an Dr Cunningham ina ball freisin den Choiste Náisiúnta um Shábháilteacht Radaíochta.

An Dr Maurice Fitzgerald

Cháiligh an Dr FitzGerald ó UCC sa bhliain 1989 agus tá sé ag obair mar chleachtóir fiaclóireachta ginearálta i Sligeach. Fuair sé MSc sa Raideolaíocht Fiaclóireachta sa bhliain 2000 ó Ollscoil Londain agus tá sé ar bhord an RPII mar ainmní na Comhairle Fiaclóireachta, ar a bhfuil sé mar bhall tofa.

James Fitzmaurice

Ceapadh James Fitzmaurice ar an mBord sa bhliain 2002. Tá sé ina Chathaoirleach ar Choiste Comhairleach Cumarsáide an RPII agus tá sé ina bhall den Choiste Iniúchta freisin. Tá sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar an nGrúpa Foilsitheoireachta Bradan a fhoilsíonn an Public Sector Times agus nuachtáin éagsúla áitiúla. Tá sé ina bhall d'Institiúid Chairte na nIriseoirí agus tá céim aige sa Bhainistíocht, BA (Mgmt); agus MBA. Ar na poist a bhí aige roimhe seo áirítear Cathaoirleach ISME; Uachtarán Chomhlachas Tráchtála Bhré; agus Cathaoirleach ar Dhamhachtainí R-Sheirbhísí Rialtas na hÉireann. Bhí sé ar líon mór tascfhórsaí gnólachtaí beaga agus coistí, chomh maith le bheith ina bhall fadtéarmach de Choiste Polasaí Straitéiseach um Chomhshaol agus Dhramhaíl de Chomhairle Contae Chill Mhantáin

Patrick Gilligan

Ceapadh Mr Gilligan ar an mBord sa bhliain 2006. Is Príomhfhisicí é a chuireann seirbhísí cosanta radaíochta agus saineolas fisice leighis ar fáil d'Ospidéal Príobháideach an Mater. Tá sé ina iar-Chathaoirleach ar Chumann na nEolaíochtaí Fisice i gCúrsaí Leighis agus tá sé ina bhall den Choiste Radaíochta Ianúcháin Leighis den Chomhairle Leighis.

An Dr Kevin Kelleher

Is Léachtóir Sinsearach é an Dr James i Scoil na nEolaíochtaí Ceimice in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Is céimí é d'Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, NUIG Gaillimh, áit ar bronnadh céimeanna BSc agus PhD air.

Dr Kevin Kelleher

Ceapadh an Dr Kevin Kelleher ar an mBord sa bhliain 2007. Tá an Dr Kelleher ina Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta do Shláinte an Daonra – Cosaint Sláinte, ag bainistiú na seirbhísí sláinte poiblí don FSS. Tá spéis ar leith aige in éifeachtaí an chomhshaoil ar shláinte an duine.

Darina Muckian

Is céimí Fisice í Darina Muckian a ceapadh ar an mBord sa bhliain 1997 agus tá níos mó ná deich mbliana taithí aici sna tionscail leictreonaice agus bogearraí agus rinne sí stocaireacht ar shaincheisteanna comhshaoil.

John O'Dea

Ceapadh John O'Dea ar an mBord sa bhliain 2009 tar éis bheith ag obair mar mhúinteoir/léachtóir fisice, eolaíochta comhshaoil agus oideachais. D'fhoilsigh sé sna réimsí radaíochta go hacadúil agus don phobal i gcoitinne. Bhí sé rannpháirteach le fada i ngníomhaíochtaí sóisialta agus cultúrtha lena n-áirítear tréimhsí mar chathaoirleach ar CND Shligigh, Féile Ealaíne Shligigh agus Ionad Samhlach na nEalaíon.

Adi Roche

Agus í ceaptha ar an mBord sa bhliain 1997, is Bunaitheoir/POF í Ms Roche ar Chernobyl Children International, an phríomheagraíocht idirnáisiúnta do leanaí a bhfuil stádas NGO den NA aige agus a chuireann cláir leighis, dhaonnúla, shóisialta agus oideachais ar fáil.

An Dr Stephanie Ryan

Ceapadh an Dr Stephanie Ryan ar an mBord sa bhliain 2010. Is Raieolaí í an Dr Ryan in Ospidéal Ollscoile na Leanaí, Sráid Temple, Baile Átha Cliath. Is ball de Dhámh na Raideolaithe í freisin agus is ball coiste í de Choiste Radaíochta Ianúcháin Leighis den Chomhairle Leighis.

Coistí Comhairleacha

Coiste Iniúchta

Cuireann an Coiste seo comhairle ar fáil don Bhord maidir le hairgeadas, rialachas agus riosca eagraíochtúil. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire le linn 2012.

Cathaoirleach: Patrick Gilligan
Darina Muckian

James Fitzmaurice
An tOll. Ciarán Ó hÓgartaigh

Rúnaí: Glenda Griffin

Coiste Comhairleach Cumarsáide

Cuireann an Coiste seo comhairle ar fáil maidir le cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal. Tháinig an Coiste le chéile trí huaire le linn 2012.

Cathaoirleach: James Fitzmaurice
John O'Dea

Fionnuala Barker
Brian Trench

Rúnaí: Ms Lucy Doody

An Coiste Comhairleach Radaíochta Ianúcháin

Gníomhaíonn Coiste Comhairleach Radaíochta Ianúcháin an RPII mar fhoras comhairleach eolaíochta ardleibhéil do Bhord agus Feidhmeannas an RPII maidir

le hábhar ar bith a bhaineann le radaíocht ianúcháin, a thagann ón mBord nó ó Fheidhmeannas an RPII agus béim ar leith ar chúrsaí sláinte poiblí. Tháinig an Coiste le chéile faoi dhó le linn 2012.

Cathaoirleach: An Dr Paraic James

An Dr Michael Casey

An Dr Harry Comber

An Dr Peter Finnegan

An Dr Maurice Fitzgerald

An Dr Jean Luc Godet

Seán Hogan

An Dr Paraic James

An tOll. Ian McAulay

An tOll. Brendan McClean

An Dr James McLaughlin

An Dr Jill Meara

An tOll. Peter Mitchell

An Dr Neil O'Donovan

An Dr Geraldine O'Reilly

An Dr Jane Renehan

An tOll. Wil Van Der Putten

Struchtúr na Foirne

Príomhfheidhmeannach
Dr. Ann McGarry

Stiúrthóir
Bainistíocht Rialála
agus Faisnéise
Dr. Tom Ryan

- Seirbhís Rialála
- TF, Cothabháil Foirgníochta agus Bainistíocht Taifead

Stiúrthóir
Seirbhísí Radóin
agus Tomhais
David Pollard

- Seirbhísí Tomhais
- Comhairle Radóin

Stiúrthóir
Faireachas Comhshaoil
agus Measúnú
Dr. Ciara McMahon

- Monatóireacht Radaíochta
- Sábháilteacht Núicléach

Stiúrthóir
Forbairt Chorparáideachc
Dr. Barbara Rafferty

- Airgeadas/Riarachán/ Rialachas/Tacaíocht POF
- AD/Leabharlann
- Cumarsáid

Foireann an RPII le linn 2012

Sarah Baker	Alison Dowdall	Kevin Kelleher	Ciara McMahon	Amy Sheridan
Bella Bolger	Jarlath Duffy	Marie Kelly	Michael Murray	Killian Smith
Emily Clarke	Stephen Fennell	Tanya Kenny	Mairin O'Colmain	Veronica Smith
Olivia Cluskey	David Fenton	Pamela Lennon	Annemarie	Stephen
Linda Coyne	Paul Fitzgerald	Stephanie Long	O'Keefe	Somerville
Noeleen	Rachel Flynn	Ann Lyng	Catherine Organo	David Spain
Cunningham	Teresa Grant	Jack Madden	David Pollard	Hugh Synnott
Ashley Curran	Glenda Griffin	Ciara Maguire	Sheila Powell	Rose Timmins
Lorraine Currivan	Olwyn Hanley	Ann McGarry	Barbara Rafferty	Sharon Wade
David Dawson	Eileen Hayden	Paul McGinnity	Tom Ryan	Jennie Wong
Lucy Doody	Dermot Howett	Leo McKittrick	Catherine Scully	

Ráitis Airgeadais

RÁITEAS MAIDIR LE RIALUITHE INMHEÁNACHA AIRGEADAIS	62
RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ NA hINSTITIÚIDE	64
RÁITEAS MAIDIR LE BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA	65
CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS	66
RÁITEAS MAIDIR LE GNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS IOMLÁNA AITHEANTA	67
CLÁR COMHARDAITHE	68
NÓTAÍ AG GABHÁIL LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	69

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Ta na ráitis airgeadais den Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012 iniúchta agam faoin Acht um Chosaint Raideolaíoch 1991. Ta na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta a leagadh amach sna ráitis sin, comhdhéanta den Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta Iomlána, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm fhorordaithe faoi Alt 50 den Acht, agus de réir na gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn.

Freagrachtaí na hInstitiúide

Tá an Institiúid freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a áirithiú go dtugann siad léargas fíor cothrom de staid ghnóthaí na hInstitiúide agus dá hioncam agus caiteachas, agus as rialtacht na n-oibríochtaí a áirithiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An fhreagracht atá orm ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus iad a thuairisciú de réir an dlí infheidhmithe.

Rinne mé m'iniúchadh ag tagairt do na dálaí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir Chaighdeáin Eiticiúla an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí.

Raon an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi na suimeanna agus nochtuithe sna ráitis airgeadais, ar leor é chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé ar tharla sé de bharr calaoise nó earráide. Clúdaíonn seo measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- cé acu an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do dhálaí na hInstitiúide agus ar cuireadh i bhfeidhm go seasta iad agus ar nochtadh go leordhóthanach iad
- réasúntacht meastachán cuntasaíochta suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair na ráiteas airgeadais ar an iomlán.

Déanaim iarracht freisin fianaise a lorg maidir le rialtacht na n-oibríochtaí airgeadais le linn an iniúchta.

Chomh maith leis sin, léigh mé an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais sa tuarascáil bhliantúil chun aon neamhréireachtaí ábhartha a aithint leis na ráitis airgeadais iniúchta. Má thugtar le fios dom go bhfuil míráitis nó neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha i gceist, déanaim breithniú ar na himpleachtaí do mo thuairisc.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

Is é mo thuairim ná go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Leis in Éirinn, léargas fíor cothrom ar staid ghnóthaí na hInstitiúide ar 31 Nollaig 2012 agus dá ioncam agus caiteachas don bhliain 2012.

Is é mo thuairim gur choinnigh an Institiúid leabhair iomchuí chuntais. Tá na ráitis airgeadais de réir na leabhair chuntais.

Ábhair ar a dTuairiscím de réir Eisceachta

Tuairiscím de réir eisceacht

- mura bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a éilím do m'iniúchadh faighte agam, nó
- má nótáladh ásc d'ábhar ar bith áit nár úsáideadh airgid chun na críocha a bhí beartaithe nó áit nach raibh na hoibríochtaí de réir mar a bhí i gceist ag na húdaráis a ndearna rialú orthu, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis a tugadh i dTuarascáil Bhliantúil na hInstitiúide don bhliain a n-ullmhaítear na ráitis airgeadais dó i gcomhréir leis na ráitis airgeadais, nó
- má léiríonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais nach bhfuil an Institiúid ag cloí leis an gCód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáití, nó
- má aimsím go bhfuil cúrsaí ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach inar tugadh faoi ghnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin ar a bhfuil tuairisciú le déanamh de réir eisceachta.



Patricia Sheehan

Thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Meán Fómhair 2013

Ráiteas maidir le Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

Thar ceann an Bhoird den Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch, glacaim leis an bhfreagracht ata orainn as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialuithe inmheánacha airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú, as cuntais RPII a ullmhú agus as cloí leis na dualgais reachtúla atá ar RPII.

Ni féidir leis an gcóras ach dearbhú atá réasúnach agus gan a bheith iomlán a thabhairt go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go hiomchuí, agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhréireachtaí ábhartha nó go bhféadfaí iad a aimsiú agus a réiteach in am trátha.

Na hEochairghnáthaimh chun Rialú Inmheánach Airgeadais a Chur ar Fáil

i) Tá céimeanna glactha ag Bord an RPII le timpeallacht rialaithe iomchuí a áirithiú laistigh de RPII trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Ráiteas Straitéise RPII 2011-2013 a fhoilsiú. Clúdaíonn an Straitéis seo an tréimhse go dtí 2013 agus leagtar amach spriocanna eagraíochtúla RPII ann. Déantar monatóireacht ar fhorfheidhmiú na Straitéise agus tuairiscítear chuig Bord RPII ar bhonn tréimhsiúil.
- Mionchlár oibre a chomhaontú do gach bliain agus monatóireacht agus luacháil a dhéanamh ar an dul chun cinn in aghaidh an chláir oibre go rialta.
- Cruinnithe rialta Boird agus cruinnithe bainistíochta míosúla a reáchtáil áit a bhfuil buncheisteanna straitéiseacha amhail Rialachas Corparáideach agus Bainistíocht Airgeadais san áireamh sa chlár oibre.
- Gnáthaimh airgeadais a chur i bhfeidhm leis na gnéithe airgeadais suntasacha de ghnó RPII a rialú agus chun iad seo a fhoilsiú i Lámhleabhar na bhFostaithe.
- Sceideal cuimsitheach árachais a choinneáil chun leasanna an RPII a chosaint.
- Coiste Iniúchta Inmheánaigh a bhunú, agus iniúchóir inmheánach a cheapadh mar chuid d'athbhreithniú córasach leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus gnáthamh rialachais laistigh de RPII.
- Polasaí agus Creat Bainistíochta Riosca a bhunú agus a fheidhmiú.
- Na freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir, na feidhmeanna cuí a tharmligean, agus athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhbheartais agus príomhghnáthaimh RPII agus iad a cheadú.
- Cód Iompair Gnó a chur i bhfeidhm do Stiúrthóirí agus don Fhoireann i gcomhréir le riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Poiblí.
- Comhlíonadh riachtanais na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí agus Pharagraf 21, an Chéad Sceideal d'Acht RPII 1991 a bhaineann le Dearbhú agus Nochtadh Leasanna.

ii) Le linn 2012 rinneadh athbhreithniú ar Chláir Riosca RPII de réir Bheartas Bainistíochta Riosca RPII agus ullmhaíodh Clár um Riosca Corparáideach.

iii) Tá córas na rialuithe inmheánacha airgeadais bunaithe ar chreat faisnéise bainistíochta rialta, córas tarmligin agus cuntasachta, sraith gnáthamh airgeadais agus nósanna imeachta lena n-áirítear leithscaradh na ndualgas. Áirítear go háirithe na nithe seo a leanas:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil, a ndéanann an Bord athbhreithniú air agus atá ceadaithe aige.
- Sannadh buiséad agus údaráis buiséid agus freagrachtaí d'fheidhmeanna ar leith do bhainisteoirí sinsearacha roghnaithe.
- Srian a chur ar an údarás le híocaíochtaí uile airgid RPII a údarú agus teorainneacha a chur ar na suimeanna a dhéantar a údarú.
- Athbhreithnithe rialta déanta ag an mBord ar fhaisnéis agus tuairiscí faisnéise airgeadais bliantúla (cuntais bhainistíochta san áireamh), a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne na mbuiséad.
- Córas rialaithe ar cheadú iomlán na gconarthaí caipitil agus comhairliúcháin.

iv) Rinneadh breithniú ar impleachtaí airgeadais na rioscaí gnó trí phróiseas measúnaithe riosca ghnó foirmiúil agus in ullmhúchán na bPleananna Iniúchta Inmheánacha ag RPII.

Eisíodh na gnáthaimh chun gnéithe airgeadais suntasacha gnó RPII a rialú, agus tá teorainneacha údaraithe leagtha amach ag an mBord ó thaobh ceannaigh.

v) Tá Coiste Iniúchta RPII comhdhéanta de thrí bhall den Bhord agus duine seachtrach ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta.

In 2011, ceapadh an chuideachta Deloitte chun feidhm iniúchta inmheánaigh RPII a chomhlíonadh agus chun tuairisciú a dhéanamh don Choiste Iniúchta. I mí Feabhra 2013 rinne Deloitte athbhreithniú ar na Rialuithe Inmheánacha Airgeadais i ndáil le 2012. Ní raibh aon torthaí criticiúla a sainaithníodh san iniúchadh sin.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú, i mí an Mhárta 2013, ar éifeachtúlacht an chórais rialuithe inmheánacha airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012.

Sínithe thar ceann an Bhoird

An tOllamh William Reville
Cathaoirleach

Ráiteas Maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide

Éilíonn Alt 16 (1) den Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991, ar an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a bheidh formheasta ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. In ullmhú na ráiteas airgeadais seo ceanglaítear ar an Institiúid na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Polasaithe feiliúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta.
- Breithiúnais agus meastacháin a thabhairt atá réasúnach agus stuama.
- Ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin mura bhfuil sé iomchuí glacadh leis go leanfaidh an Institiúid ag feidhmiú.
- A shonrú cibé ar leanadh na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachta ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Deimhníonn an Bord go bhfuil na ceanglais thuas comhlíonta acu in ullmhú na ráiteas airgeadais. Tá an Institiúid freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád a nochtann le beachtas réasúnach ag am ar bith staid airgeadais na hInstitiúide agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 16(1) den Acht. Tá an Institiúid freagrach freisin as na sócmhainní den Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch a chosaint agus na bearta réasúnacha is gá a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Cathaoirleach:

Ball Boird:

Ráiteas Maidir le Beartais Chuntasaíochta

1. Bunús na Cuntsaíochta

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhruithe ach amháin mar a shonraítear thíos, agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil de réir an chleachtais a bhfuil glacadh leis i gcoitinne. Glactar leis na caighdeáin tuairiscithe airgeadais a mholann na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar a dhéantar infheidhmithe iad. Is é an t-aonad airgeadais ina bhfuil na ráitis airgeadais ainmnithe ná an Euro.

Tá na Ráitis Airgeadais san fhormáid atá ceadaithe ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

2. Ioncam

Is ionann ioncam a thaispeántar sna Ráitis Airgeadais faoi dheontais an Oireachtais agus fáltais airgid iarbhír sa bhliain. Aithnítear táillí ceadúnais mar ioncam de réir théarmaí an cheadúnais. Déantar táillí a fhaightear roimh ré a aithint mar réamhioncam.

3. Sócmhainní Seasta

Luaitear Sócmhainní Seasta ar a gcostas lúide dímheas carntha. Sa chostas áirítear costas measta dhiúscairt na bhfoinsí radaighníomhacha. Déantar dímheas a áireamh de réir méid cothrom trí thagairt a dhéanamh do shaolré fhónta ionchais na sócmhainní atá i gceist. Úsáidtear na rátaí mar seo a leanas:

Trealamh & Troscán Oifige & Saotharlainne: 20%

Déantar feabhsuithe léasachta a dhímheas thar saol an léasa.

4. Aoisliúntas

Tá scéim pinsean sochair shainithe á feidhmiú ag an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch a mhaoinítear in aghaidh na bliana ar bhonn 'íoctar-mar-a-úsáidtear' ó airgead a chuireann an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar fáil agus ó ranníocaíochtaí asbhainte de thuarastail foirne.

Léiríonn na costais phinsean na sochair phinsean a thuill fostaithe sa tréimhse agus a thaispeántar glan ó ranníocaíochtaí a choinníonn an Institiúid. Aithnítear suim a chomhfhreagraíonn don muirear pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé inghnóthaithe agus fritháirithe ag deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a íoc.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha ag eascairt as dliteanais na scéime sa Ráiteas faoi na Gnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim atá inghnóthaithe ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Is ionann na dliteanais phinsin agus luach reatha na n-íocaíochtaí de phinsin sa todhchaí a thuilleann an fhoireann go dtí seo. Is ionann maoiniú pinsin iarchurtha agus an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le hinghnóthú sna tréimhsí amach anseo ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

5. Cuntas Caipitil

Is é atá sa Chuntas Caipitil ná méid neamh-amúchta an ioncaim arna úsáid chun sócmhainní seasta a cheannach.

6. Soláthar le haghaidh Diúscairt Foinsí Radaighníomhacha

Tá roinnt foinsí i seilbh na hInstitiúide, roinnt díobh a bhí ina seilbh le roinnt blianta anuas. Soláthraíonn sé don chostas a bhíonn ar dhiúscairt na bhfoinsí sin sa bhliain ina ndiúscraítear an t-ábhar agus ina bhfaigheann an Institiúid foinsí nua.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

don bhliain dar chríoch an 31 nollaig 2012

2011 €		2012 €
	Inocam	
3,398,000	Deontas Oireachais (Nóta 1a)	3,499,000
1,133,812	Glanmhaoiniú Iarchurtha do Phinsin (Nóta 9b)	961,512
134,486	Aistriú ó/(go) Cuntas Caipitil (Nóta 3)	263,301
4,666,268		4,723,813
462,024	Seirbhís Dáileogmhéadrachta agus Calabrúcháin (Nóta 1c)	401,880
260,537	Seirbhís Tomhais Radóin	145,317
355,493	Seirbhís Monatóireachta Radaíochta	337,497
778,458	Seirbhís Rialála	768,640
16,670	Ilghnéitheach/Ioncam Conartha	25,506
1,873,182		1,678,840
6,539,480		6,402,653
	Caiteachas	
3,040,093	Tuarastail (Nóta 5)	2,964,059
1,326,458	Pinsin (Nóta 9c)	1,389,422
82,007	Seirbhís Dáileogmhéadrachta agus Calabrúcháin (Nóta 1c)	36,877
45,288	Seirbhís Tomhais Radóin	55,432
104,226	Seirbhís Monatóireachta Radaíochta	117,384
74,386	Seirbhís Rialála	77,613
263,786	Faisnéis & Cumarsáid don Phobal	188,703
51,770	Sábháilteacht Núicléach	51,335
79,462	Leabharlann & Bainistíocht Doiciméad	66,162
558,884	Cóiríocht & Árachas	600,210
133,830	Taisteal & Cothú	116,137
68,786	Earcaíocht & Oiliúint	73,319
60,143	CBF, TF & Seirbhís do Chustaiméirí	58,914
76,282	Postas, Fón & Soláthar Oifige	57,863
11,515	Táillí Iniúchóireachta	11,515
52,943	Táillí Gairmiúla & Ilghnéitheach	49,010
824,870	Dímheas	571,768
6,968	Drochfhiacha	15,112
	(Brabús) ó Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	(850)
0	Soláthar do dhiúscairt foinsí radaighníomhacha (Nóta 12)	102,000
6,861,696		6,601,983
(322,216)	**Barrachas/(Easnamh) Don Bhliain (Nóta 4)**	**(199,330)**
1,013,591	Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	691,375
691,375	Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	492,045

Tá Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 13 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo

Cathaoirleach

Ball Boird

Dáta: 30.9.13

Ráiteas Maidir le Gnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta

don bhliain dar chríoch an 31 nollaig 2012

2011 €			2012 €
(322,216)	Barrachas/Easnamh don bhliain		(199,330)
(768,000)	Gnóthachain/Ó Thaithí ar dhliteanais scéime pinsean		(635,000)
771,000	Athrú ar na toimhdí atá mar bhun de luach reatha na ndliteanas scéime pinsean		3,475,000
3,000	(Gnóthachain)/Caillteanais Achtúireacha ar Dhliteanais Pinsean	9f	2,840,000
(3,000)	Coigeartuithe don Mhaoiniú Iarchurtha Pinsin		(2,840,000)
(322,216)	Gnóthachan/(caillteanas) iomlán aitheanta don bhliain		(199,330)

Tá Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 13 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo

William J. Renéle

Cathaoirleach

Ball Boird

Dáta: 30.9.13

Clár Comhardaithe

amhail an 31 nollaig 2012

2011 €		Nótaí	2012 €
1,286,163	**Sócmhainní Seasta**	2	1,025,862
	Sócmhainní Reatha		
1,507,822	Airgead ar Láimh & sa Bhanc		1,080,021
217,689	Féichiúnaithe	10	351,208
1,725,511			1,431,229
	Creidiúnaithe - suimeanna atá dlite laistigh de bhliain		
307,043	Creidiúnaithe	11	258,138
23,556	Soláthar do Dhiúscairt Foinsí Radaighníomhacha	12	125,556
703,538	Réamhioncam	1(b)	555,490
1,034,136			939,184
691,375	**Glansócmhainní Reatha**		492,045
1,980,538	**Glansócmhainní Iomlána Lúide Dliteanais Reatha**		1,517,907
19,274,091	Maoiniú Iarchurtha Pinsin	9(d)	23,075,603
(19,274,091)	Dliteanas Pinsin	9(e)	(23,075,603)
1,980,538	**Glansócmhainní**		1,517,907
	Arna maoiniú ag:		
691,375	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	4	492,045
1,289,163	Cuntas Caipitil	3	1,025,862
1,980,538			1,517,907

Tá Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 13 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo

William J. Reville

Cathaoirleach

Ball Boird

Dáta: 30.9.13

Nótaí ag Gabháil leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar chríoch an 31 nollaig 2012

1. IONCAM

(a) Deontas ón Stát

Cuirtear an Deontas Oireachtais ar fáil faoi alt 15 den Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991. An deontas a fuarthas le riar ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil faoi fho-mhírcheann C.4 ba ea €2,421,000 (2011 €3,398,000).

Fuarthas suim de €1,078,000 (2011 nil) ón gCiste Comhshaoil.

(b) Réamhioncam

Is éard atá sa réamhioncam ná an chuid de na táillí ceadúnais a bhaineann le téarma neamh-éagtha na gceadúnas ag deireadh na bliana. Cuirtear na táillí ó na ceadúnais isteach in ioncam gach mí de réir mar a imíonn téarma an cheadúnas in éag.

Cuirfear réamhioncam ag deireadh na bliana san áireamh sa chuntas sna blianta 2013-2016 mar atá léirithe thíos.

	€
2013	376,979
2014	99,102
2015	47,707
2016	31,702
	555,490

(c) An tSeirbhís Dáileogmhéadrachta agus Calabrúcháin

Dhún RPII a sheirbhís dáileogmhéadrachta i mí na Nollag 2012. Eisíodh na sonraisc dheireanacha don tseirbhís sin i mí Eanáir 2013.

Nótaí ag Gabháil leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar chríoch an 31 nollaig 2012

2. SÓCMHAINNÍ SEASTA

Costas:	Feabhsuithe Léasachta	Troscán agus Trealamh Oifige agus Saotharlainne	Iomlán
€	€€	€	€
Amhail an 1 Eanáir 2012	788,301	7,511,258	8,299,559
Breiseanna	-	308,467	308,467
Diúscairtí	-	(12,033)	(12,033)
Amhail an 31 Nollaig 2012	788,301	7,807,692	8,595,993
Dímheas:			
Amhail an 1 Eanáir 2012	609,016	6,401,380	7,010,396
Muirear don bhliain	25,612	546,156	571,768
Tar éis diúscairtí	-	(12,033)	(12,033)
Amhail an 31 Nollaig 2012	634,628	6,935,503	7,570,131
Glanluach Leabhar amhail an			
31 Nollaig 2012	153,673	872,189	1,025,862
Glanluach Leabhar amhail an			
31 Nollaig 2011	179,285	1,109,878	1,289,163

3. CUNTAS CAIPITIL

	2012 €€	2012 €	2011 €	2011 €
Iarmhéid an 1 Eanáir 2012		1,289,163		1,423,649
Leithroinnte le sócmhainní seasta a fháil	308,467		690,384	
Amúchta de réir dímheasa	(571,768)		(824,870)	
Aistriú (go) Cuntas Ioncaim & Caiteachais		(263,301)		(134,486)
Aistriú ó (go) Réamhdheontas Caipitil		0		0
		1,025,862		1,289,163

4. BARRACHAS CARNTHA

	€	2012 €	2011 €
Iarmhéid an 1 Eanáir 2012		691,375	1,013,591
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain		(199,330)	(322,216)
Iarmhéid an 31 Nollaig 2012		492,045	691,375

Rinne an Bord caiteachas riachtanach a fhaomhadh le linn 2012 agus mar thoradh air sin bhí easnamh pleanáilte ann do 2012.

Nótaí ag Gabháil leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar chríoch an 31 nollaig 2012

5. TUARASCÁIL AGUS PINSIN

	2012 €	2011 €
Olltuarastail	2,820,644	2,893,095
Á.S.P.C. an Fhostóra	143,415	146,998
	2,964,059	3,040,093

Fuair an PF íocaíochtaí tuarastail de €145,952 in 2012. Tugadh liúntas toscairí de €1,560 don Phríomhfheidhmeannach.

Fuair an PF cúiteamh as costais taistil agus chothaithe de €12,537 in 2012.

Tá an PF mar bhall de scéim earnála poiblí le sochair shainithe neamh-mhaoinithe agus ní théann a teidlíochtaí pinsin thar na teidlíochtaí caighdeánacha sa scéim earnála poiblí le sochair shainithe aoisliúntais.

Aisbhaineadh €181,543 den fhoireann mar thobhach pinsin agus íocadh é leis an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Ba é meanlíon na ndaoine a bhí fostaithe go lánaimseartha gan bhaill den Bhord san áireamh sa bhliain airgeadais ná 46 (2011-46).

6. CEANGALTAIS AGUS OIBLEAGÁIDÍ LÉASA – Léasanna Oibriúcháin

3 Cearnóg Chluain Sceach

Na ceangaltais léasa atá iníoctha don chéad dhá mhí dhéag eile ná €300,000 ar bhonn rátaí cíosa reatha agus cuimsíonn siad íocaíochtaí cíosa ar leas léasach, a dtéann a théarma in éag an 1 Deireadh Fómhair 2018. Tá an t-ioncam cíosa seo faoi réir athbhreithnithe gach tréimhse cúig bliana. Bhí an t-athbhreithniú deireanach den chineál sin ar 1 Deireadh Fómhair 2008. Déanfar an chéad athbhreithniú eile i mí Dheireadh Fómhair 2013.

1 Cearnóg Chluain Sceach

Na ceangaltais léasa atá iníoctha don chéad dá mhí dhéag eile ná €140,000 (i gcás dhá hurlár) ar bhonn rátaí cíosa reatha agus cuimsíonn siad íocaíochtaí cíosa ar leas léasach 20 bliain le clásal scoir ar 1 Deireadh Fómhair 2018. Déanfar an chéad athbhreithniú eile in 2018.

7. CEANGALTAIS CHAIPITIL

Luach na gceangaltas chaipitil a údaraíodh ag 31 Nollaig 2012 ba ea €0 .

8. LEASANNA BHAILL AN BHOIRD

Ghlac an Bord le gnáthaimh de réir na dtreoirlínte atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag baill an Bhoird agus cloíodh leis na gnáthaimh seo sa bhliain. Ní raibh aon idirbhearta a raibh tábhacht leo sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí na hInstitiúide ina raibh aon leas ag baill an Bhoird. Tá miondealú ar tháillí Bhaill an Bhoird a íocadh le linn 2012 mar seo a leanas. Ghlac an Bord le gnáthaimh de réir na dtreoirlínte atá eisithe ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag

	€ €		€
An tOllamh W. Reville (Cathaoirleach)	11,517	An Dr S Ryan	7,695
F Barker	5,547	D Muckian	7,695
M Fitzgerald	7,695	A Roche	7,695
J Fitzmaurice	7,695	P Gilligan	7,695
J O'Dea	7,695		

Costais taistil agus cothaithe a tabhaíodh le linn 2012 ba ea €10,209

9. PINSIN

(a) An Scéim Pinsean

Ullmhaíodh na nochtuithe thíos don Institiúid Éireannach um Chosaint Radaíochta (RPII) maidir le sochair atá iníoctha ó Scéim Aoisliúntais den Institiúid Éireannach um Chosaint Radaíochta ("An Scéim").

Is é atá sa Scéim ná cineál sochair shainithe, a chuireann sochair scoir ar fáil bunaithe ar an tuarastal deiridh, de réir rialacha modúil na hEarnála Poiblí. Déantar an Scéim a mhaoiniú gach bliain ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgid a chuireann an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar fáil ó ranníocaíochtaí a aisbhaintear ó thuarastail na foirne.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh don nochtadh FRS17 ar mheasúnú iomlán a dhéanamh ar dhliteanais na Scéime mar atá ag 31 Nollaig 2012. Tomhaiseadh luachanna reatha den oibleagáid sochair shainithe, na costais seirbhíse gaolmhara agus iarchostais seirbhíse ar bith ag baint úsáide as an modh creidmheasa aonair réamh-mheasta.

Tá na príomhthoimhdí a d'úsáid achtúirí cáilithe neamhspleácha leis na dliteanais faoi FRS17 a ríomh leagtha amach thíos:

	Ag deireadh na bliana 31/12/2012 €	Ag deireadh na bliana 31/12/2011 €	Ag deireadh na bliana 31/12/2010 €
Ráta lascaine	3.75%	5.30%	5.50%
Toimhdí Boilscithe	2.00%	2.00%	2.00%
Ráta ardaithe sna tuarascáil inphinsin	3.00%	3.25%	3.25%
Ráta ardaithe pinsean atá á n-íoc	2.00%	3.25%	3.25%

(b) Glanmhaoiniú iarchurtha do Phinsin sa Bhliain

	Bliain go 31/12/2012 €€'000anna €	Bliain go 31/12/2011 €€'000anna €	Bliain go 31/12/2010 €€'000anna €
Maoiniú inghnóthaithe i leith na Bliana Reatha			
Costais Pinsean	1,574	1,523	1,667
Deontas an Stáit a bhaineann le Pinsin agus Aiscí a íoc	(612)	(389)	(337)
	962	1,134	1,330

(c) Anailís ar Chostais Iomlána na bPinsean
A dhéantar a Mhuirearú don Chaiteachas

	Bliain go 31/12/2012 €€'000anna €	Bliain go 31/12/2011 €€'000anna €	Bliain go 31/12/2010 €€'000anna €
Costas Seirbhíse Reatha	547	522	618
Costas Úis	1,027	1,001	1,049
Rannaíocaíochtaí Fostaithe	(185)	(197)	(197)
Costas Iomlán	1,389	1,326	1,470

Nótaí ag Gabháil leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar chríoch an 31 nollaig 2012

(d) Sócmhainn Mhaoinithe Iarchurtha do Phinsin

Aithníonn an RPII na suimeanna atá dlite ón Stát don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe ar bhonn líon eachtraí a tharla. San áireamh sna heachtraí seo tá tacaíocht reachtúil don scéim aoisliúntais, agus an polasaí agus cleachtas maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear an próiseas meastachán bliantúil. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil agus dá bhrí sin níl aon ráthaíocht maidir leis na suimeanna ar leith seo leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, níl aon fhianaise ag RPII nach leanfaidh an beartas maoinithe seo ag comhlíonadh na suime seo de réir an chleachtais reatha. An tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin amhail ar 31 Nollaig. Aithníonn RPII na suimeanna atá dlite ón Stát don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe ar bhonn líon eachtraí a 2012 ná €23.076 milliún (2011 : €19.274 million).

(e) Gluaiseacht sa Ghlandliteanas Pinsin Le linn na Bliana Airgeadais

	Bliain go 31/12/2012 €€'000anna	Bliain go 31/12/2011 €€'000anna	Bliain go 31/12/2010 €€'000anna
Glandliteanas Pinsin an 1 Eanáir	19,274	18,137	18,938
Costas Seirbhíse Reatha	547	522	618
Costas Úis	1,027	1,001	1,049
Sochair íoctha i rith na bliana, glan ar ranníocaíochtaí na foirne	(612)	(389)	(337)
(Gnóthachain)/caillteanas achtúireacha ar dhliteanais*	2,840	3	(2,131)
Iarchostais Seirbhíse			
Ciorrúcháin			
Socraíochtaí			
Glandliteanas Pinsin an 31 Nollaig	23,076	19,274	18,137

**clúdaíonn seo éifeacht na n-athruithe ar na toimhdí*

(f) Stair Gnóthachan agus Caillteanas ó Thaithí

	Bliain go 31/12/2012 €€'000anna €	Bliain go 31/12/2011 €€'000anna €	Bliain go 31/12/2010 €€'000anna €
Suim (Gnóthachan)/Caillteanas ó Thaithí ar dhliteanais na scéime:	(635)	(768)	(1,181)
Mar chéatadán luach reatha dhliteanais na scéime	(2.75%)	(4.00%)	(6.50%)
Gnóthachain/(Caillteanais) Achtúireacha Iomlána a aithníodh san STRGL	(2,840)	(3)	2,131
Mar chéatadán luach reatha dhliteanais na scéime	(12.30%)	(0.00%)	(11.80%)
Suim charnach na nGnóthachan/(gCaillteanas) a aithníodh san STRGL^	(3,797)	(957)	(954)

^ léiríonn seo gnóthachain/caillteanais ó 31/12/2002 go huile

9. PINSIN (ar lean)

Tá na toimhdí básmhaireachta bunaithe ar tháblaí caighdeánacha básmhaireachta a chuirfidh feabhsuithe básmhaireachta amach anseo san áireamh. Cuireann an bonn básmhaireachta feabhsuithe san ionchas saoil thar am san áireamh, ionas go mbraithfidh an t-ionchas saoil ag aois scoir ar an mbliain ina bhfuil aois scoir bainte amach ag ball (65 bliana d'aois). Taispeánann an tábla thíos an t-ionchas saoil do bhaill a mbeidh 65 bliana d'aois bainte amach acu in 2012, 2032 agus 2052.

Bliain a bhfuil 65 bliana d'aois bainte amach	2012	2032
€	€	€
Ionchas Saoil - Fireann	87.3	89.9
Ionchas Saoil - Baineann	88.7	90.9

10. FÉICHIÚNAITHE

€	2012 €	2011 €
Féichiúnaithe do sheirbhísí	138,108	90,424
Soláthar in aghaidh Drochfhiach	(15,112)	0
Réamhíocaíochtaí	228,212	127,264
	351,208	217,689

11. CREIDIÚNAITHE

€	2012 €	2011 €
Fabhruithe	219,817	236,825
Na Coimisinéirí Ioncaim	38,321	70,218
	258,138	307,043

12. SOLÁTHAR DO DHIÚSCAIRT FOINSÍ RADAIGHNÍOMHACHA

€	2012 €	2011 €
Soláthar Tosaigh	23,556	58,892
Úsáidte		(35,336)
Soláthartha i rith na bliana	102,000	-
Soláthar Deiridh	125,556	23,556

13. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Rinne an Bord na ráitis airgeadais a fhaomhadh an 26 Márta 2013.

Giorrúcháin agus Acrainmneacha

ADS: Approved Dosimetry System – (Córas Faofa Dáileogmhéadrachta)

AGR: Advanced Gas-cooled Reactors (Ard-Imoibreoirí Gás-fhuaraithe)

ALARA: As low as reasonably achievable (Chomh híseal is atá indéanta go réasúnta)

ARGOS: Accident Reporting and Guiding Operational System (Córas Oibríochtúil um Thuairisciú agus Treorú Tubaiste)

Bq/l: becquerels per litre (beicireilí do gach lítear)

Bq/m3: becquerels per cubic metre (beicireilí do gach méadar ciúbach)

BSS: EURATOM Basic Safety Standard (Bunchaighdeán Sábháilteachta Euratom)

C&AG: Comptroller and Auditor General (An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste)

CAC: Communications Advisory Committee (Coiste Comhairleach Cumarsáide)

CBRN: Chemical-Biological-Radiological-Nuclear (Ceimiceach-Bitheolaíoch-Raideolaíoch-Núicléach)

ConvEx: Conventions (on International Notification and Assistance in the event of a nuclear accident) Exercise (Cleachtadh Coinbhinsiún (um Fhógairt agus Cúnamh Idirnáisiúnta má tharlaíonn timpiste núicléach)

CRPPH: Committee on Radiation Protection and Public Health (An Coiste um Chosaint Radaíochta agus Sláinte Phoiblí)

DECLG: Department of the Environment, Community & Local Government (An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil)

EAN: European ALARA Network (Líonra AlARA na hEorpa)

ECURIE: European Community Urgent Radiological Information Exchange (Malartú Faisnéise Práinní Raideolaí An Chomhphobail Eorpaigh)

EMERCON: Emergency Convention (IAEA emergency notification system) Coinbhinsiún Éigeandála (córas fógra éigeandála an IAEA)

ENSREG: European Nuclear Safety Regulators Group (Grúpa Rialaitheoirí Eorpacha um Shábháilteacht Núicléach)

EPA: Environmental Protection Agency (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)

FANC: Federal Agency for Nuclear Control – Belgium (An Ghníomhaireacht Fheidearálach do Rialú Núicléach – an Bheilg)

FSAI: Food Safety Authority of Ireland (Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann)

GDA: Generic Design Assessment (Measúnú um Dhearadh Cineálach)

GIS: Geographic Information System (Córas Faisnéise Geografaí)

HASS: High Activity Sealed Sources (Foinsí Séalaithe Ardghníomhaíochta)

HERCA: Heads of European Radiation Competent Authorities (Ceannasaithe na nÚdarás Inniúil um Radaíocht san Eoraip)

HSA: Health and Safety Authority (An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta)

HSE: Health Service Executive (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte)

IAEA: International Atomic Energy Agency (An Ghníomhaireacht Náisiúnta Fuinnimh Adamhaigh)

IBCI: Irish Building Control Institute (An Institiúid um Rialú Foirgníochta)

IBEC: Irish Business and Employers Confederation (Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann)

ICRP: International Commission on Radiological Protection (An Coimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint Raideolaíoch)

ICTU: Irish Congress of Trade Unions (Comhdháil na gCeardchumann)

INAB: Irish National Accreditation Board (Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú)

IRAC: Ionising Radiation Advisory Committee (Coiste Comhairleach um Radaíocht Ianúcháin)

IUNI: Irish Universities Nutrition Alliance (Comhghuaillíocht Cothúcháin Ollscoileanna na hÉireann)

LIMS: Laboratory Information Management System (An Córas um Bainistiú Faisnéise Saotharlainne)

LLWR: Low Level Waste Repository (Taisclann do Dhramhaíl Íseal-leibhéil)

MHRA: Medical and Healthcare products Regulatory Agency (An Ghníomhaireacht um Rialáil Táirgí Leighis agus Cúraim Sláinte)

MoU: Memorandum of Understanding (Meabhrán Tuisceana)

mSv: millisievert (millisíveart)

NCPU: National Crime Prevention Unit (Aonad Náisiúnta Coiscthe Coireachta)

NCRRP: National Centre of Radiology and Radiation Protection – Bulgaria (Ionad Náisiúnta um Chosaint Raideolaíoch agus Radaíochta – an Bhulgáir)

NDR: National Dose Register (An Clár Náisiúnta Dáileog)

NEA: Nuclear Energy Agency (An Ghníomhaireacht um Fhuinneamh Núicléach)

NEA-WPNEM: NEA Working Party on Nuclear Emergency Matters (Páirtí Oibre an NEA maidir le Cúrsaí Éigeandála Núicléiche)

NEPNA: National Emergency Plan for Nuclear Accidents (Plean Náisiúnta Éigeandála do Thimpistí Núicléacha)

NIEA: Northern Ireland Environment Agency (Gníomhaireacht Chomhshaoil Thuaisceart Éireann)

NPP: Nuclear Power Plant (Stáisiún Núicléach)

NRCS: National Radon Control Strategy (Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin)

NUIG: National University of Ireland Galway (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh)

OECD: Organisation for Economic and Corporate Development (An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta)

OPW: Office of Public Works (Oifig na nOibreacha Poiblí)

OSPAR: Oslo-Paris Convention (Coinbhinsiún Osló Pháras)

PMDS: Performance Management and Development System (Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta)

PRA: Probabilistic Risk Assessment (Measúnú Dóchúlachta Riosca)

PRMG: Personal Radiation Monitoring Group (An Grúpa um Monatóireacht Radaíochta Pearsanta)

RADPAR: Radon Prevention and Remediation (Cosc agus Leasú Radóin)

RPA: Radiation Protection Adviser (Comhairleoir um Chosaint Radaíochta)

RPII: Radiological Protection Institute of Ireland (An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch)

SI: Statutory Instrument (Ionstraim Reachtúil)

SMS: Safety Management System (Córas Bainistithe Sábháilteachta(

UCD: University College Dublin (Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath)

UK-BRE: UK Building Research Establishment (Foras Taighde Foirgníochta na Ríochta Aontaithe)

UK-DECC: UK Department of Energy and Climate Change

UK-EA: UK Environment Agency (Gníomhaireacht Chomhshaoil na Ríochta Aontaithe)

UK-NDA: UK Nuclear Decommissioning Authority (Údarás na Ríochta Aontaithe um Dhíchoimisiúnú Núicléach)

UK-ONR: UK Office for Nuclear Regulation (Oifig na Ríochta Aontaithe um Rialú Núicléach)

UK-DECC: UK Department of Energy and Climate Change Roinn um Fhuinneamh agus Athrú Aeráide na Ríochta Aontaithe

Teorainneacha dáileoige agus leibhéil tagartha

An teorainn dáileoige do bhall den phobal ná 1 mSv in aon tréimhse 12-mhí.

An teorainn dáileoige do dhaoine a bhíonn ag obair le radaíocht ná 20 mSv in aon tréimhse 12-mhí. Féadfaidh teorainneacha eile bheith i bhfeidhm i gcás codanna eile den chorp.

Is é 200 Bq/m3 an leibhéal tagartha do radón i dtithe.

Is é 400 Bq/m3 an leibhéal tagartha do radón i láithreacha oibre.

Is é 200 Bq/m3 an leibhéal tagartha do radón i scoileanna.

Radiological Protection Institute of Ireland

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch

Déan Teagmháil Linn

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch
3 Cearnóg Chluain Sceach
Baile Átha Cliath 14
Éire
Teil: 01 2697766
Facs: 01 2697437
R-phost: rpii@rpii.ie
Gréasán: www.rpii.ie
Uaireanta oscailte: 9:00am to 5:00pm

Clóite ar pháipéar athchúrsáilte